



Ollscoil Chathair
Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

Teacht in Inmhe


Tuarascáil taighde do *Tuismitheoirí na Gaeltachta* agus
Teacht Aniar arna mhaoiniú ag an gComhairle um
Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Samhain 2019

SEALBHÚ

Lárionad Taighde DCU um
Fhoghlaim agus Teagasc na
Gaeilge

DCU Research Centre for the Learning
and Teaching of Irish



An Dr Laoise Ní Thuairisg
An tOllamh Pádraig Ó Duibhir



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Clár

Achoimre Fheidhmeach	3
Modheolaíocht.....	3
An Léirbhreithniú Litríochta.....	3
Torthaí an Taighde.....	4
Taithí na ndaltaí ar an Idirbhliain.....	4
Clár agus Struchtúr na hIdirbhliana	4
Teagmháil idir scoileanna Gaeltachta	5
An Phleanáil Teanga agus an tOideachas Gaeltachta	5
Gníomhaíochtaí reatha na hIdirbhliana	6
Ábhar agus Gníomhaíochtaí i dTeacht in Inmhe	7
Struchtúr seachadta do Theacht in Inmhe	7
An Léirbhreithniú Litríochta.....	9
Cúlra Teaghlaigh agus Teanga an duine óig.....	9
Cumas an duine óig Ghaeltachta sa Ghaeilge.....	10
Úsáid na teanga.....	11
Dearcadh na ndaoine óga i leith na Gaeilge	11
Saol Sóisialta an duine óig sa Ghaeltacht	12
An cainteoir óg agus an teanga mhionlaigh.....	13
Ról an oideachais i gcaomhnú na dteangacha mionlaigh	17
“An tOideachas dátheangach don chainteoir dúchais”: ceachtanna le foghlaim ón gcomhthéacs idirnáisiúnta	18
Ulibarri i dTír na mBascach.....	19
An Tumoideachas sa Nua Shéalainn.....	19
Óige na Gaeltachta agus an Phleanáil Teanga	20
An Óige i bPleananna Teanga na Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta.....	21
An Phleanáil Teanga san Oideachas Gaeltachta.....	22
An Idirbhliain san Oideachas in Éirinn.....	23
Soláthar an chláir Idirbhliana.....	23
Ábhar an chláir Idirbhliana	24

Taithí Oibre san Idirbhliain	25
Conclúid.....	26
Modheolaíocht.....	27
An Léirbhreithniú Litríochta.....	27
Ceistneoir na nDaltaí i dirbhliana	28
Tuismitheoirí na ndaltaí.....	29
Páirtithe leasmhara san Oideachas agus san Óige Gaeltachta	29
Torthaí.....	30
Próifíl daltaí Idirbhliana iar-bhunscoileanna na Gaeltachta	30
Cumas Gaeilge dhaltaí na hIdirbhliana	30
An Ghaeilge ag baile	30
Úsáid na Gaeilge i measc dhaltaí na hIdirbhliana	31
Clár agus Struchtúr na hIdirbhliana	33
An Cinneadh leanúint leis an Idirbhliain	33
Fachtóirí a théann i gcionn ar an gcinneadh tabhairt faoin Idirbhliain	34
Sprioc an chlár.....	35
Eolas á roinnt maidir le Clár na hIdirbhliana.....	36
Tacaíocht d'iar-bhunscoileanna na Gaeltachta agus an Idirbhliain á soláthar	38
Gníomhaíochtaí na hIdirbhliana.....	39
Gníomhaíochtaí dírithe ar Theacht in Inmhe	40
Teagmháil i measc grúpaí Idirbhliana in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta.....	42
Suim na ndaltaí Idirbhliana i gníomhaíochtaí dírithe ar Teach in Inmhe.....	44
Úsáid na Gaeilge san Idirbhliain	45
Taithí na ndaltaí ar an Idirbhliain.....	46
Cigireacht ar chlár na hIdirbhliana in iar-bhunscoileanna Gaeltachta.....	49
An Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus Clár na hIdirbhliana.....	49
Clár Idirbhliana á dhearadh.....	50
Moltaí.....	53
An Phleanáil Teanga agus an tOideachas Gaeltachta	53
Rogha na hIdirbhliana	53
Taithí na ndaltaí ar an Idirbhliain.....	54
Teagmháil idir scoileanna Gaeltachta	54

Ábhar agus Gníomhaíochtaí na hIdirbhliana	55
Ábhar agus Gníomhaíochtaí i dTeacht in Inmhe	56
Struchtúr seachadta do Theacht in Inmhe	57
Leabharliosta.....	58

Achoimre Fheidhmeach

Is iomaí tionscadal a thuiriscíonn an meath atá ag teacht ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, go háirithe i measc chainteoirí óga na Gaeltachta (Mac Donnacha, Ní Shéaghdha, Ní Chualáin, Ní Mhainnín, 2004; Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, O'Brien, 2007; Ó Giollagáin & Charlton, 2015). Tá tuairisciú déanta freisin ar leibhéal íseal cumais na gcainteoirí seo agus an cumas seo ag laghdú le himeacht na mblianta agus tionchar an Bhéarla le tabhairt faoi deara go láidir (Harris, Forde, Archer, Nic Fhearaile & O'Gorman, 2006; Lenoach, Ó Giollagáin, Ó Curnáin, 2012; Ó Giollagáin et al., 2007; Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., & Sheahan, J., 2014). An impleacht atá leis an laghdú sa chumas agus san úsáid teanga meath na Gaeilge mar theanga bhisíúil phobail agus meath na Gaeltachta dá réir.

Breathnaítear sa tuairisc seo ar na deiseanna atá ann, go háirithe i bhfiannaise na n-athruithe suntasacha atá faoi lán seoil san oideachas Gaeltachta freagairt don mheath seo agus tacú le húsáid na Gaeilge i measc daoine óga agus féiniúlacht a chothú ina measc a d'éascódh nósmaireachtaí úsáide na Gaeilge mar aon le cleachtais cheannaireachta pobail. Breathnaítear ar na deiseanna atá ann na spriocanna seo a bhaint amach trí chlár idirbhliana, Teacht in Inmhe, a bheadh dírithe ar scoileanna Gaeltachta.

Modheolaíocht

Cuimsíodh grúpaí éagsúla rannpháirtithe sa tionscadal taighde seo: daltaí idirbhliana agus a dtuismitheoirí; múinteoirí agus príomhoidí iar-bhunscoileanna Gaeltachta; páirtithe leasmhara a bhfuil ról acu san oideachas Gaeltachta, san obair óige Gaeltachta nó i ngnéithe éagsúla den fhorbairt phobail agus den phleanáil teanga áitiúil. Bailíodh tuairimí agus taithí na múinteoirí agus na bpríomhoidí trí agallaimh ghrúpa agus agallaimh aonair; bailíodh tuairimí agus taithí na ndaltaí trí cheistneoir agus grúpaí fócais; bailíodh tuairimí na dtuismitheoirí trí ghrúpaí fócais; agus bailíodh tuairimí na bpáirtithe leasmhara trí agallaimh aonair agus agallaimh ghrúpa. I measc na bpáirtithe leasmhara sin bhí: tuismitheoirí daltaí na hIdirbhliana; An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta; Coistí áitiúla Pleanála Teanga; an Cumann Lúthchleas Gael; An tAonad Oideachais Gaeltachta; TG4.

Tá 28 iar-bhunscoil cláraithe leis an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta. Tugadh cuireadh de 17 díobh seo¹ a bheith páirteach sa tionscadal reatha taighde. Bunaítear torthaí an taighde seo ar an 8 scoil a bhí toilteanach sin a dhéanamh.

An Léirbhreithniú Litríochta

Agus an litríocht ábhartha á scagadh againn don athbhreithniú dhírigh muid isteach ar na téarmaí tagartha bainteach leis an tionscadal comhairleoireachta seo don chlár Idirbhliana Teacht in Inmhe agus aird ar leith á tabhairt ar chomhthéacsanna teangacha mionlaigh agus ról an duine óig, is é sin an déagóir sa chomhthéacs sin.

¹ Bhí tús curtha leis an taighde seo sular aimníodh na scoileanna atá páirteach sa Scéim mar sin bunaíodh an sampla ar líon na n-iarbhunscoileanna a bhí lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, de réir na Roinne Oideachais agus Scileanna i 2018.

Ar an gcéad dul síos dhírigh muid ar an litríocht náisiúnta ar an nGaeltacht, go háirithe de réir mar a bhain sé le húsáid agus cumas teanga i measc daoine óga na Gaeltachta agus na cúlaí teanga lena mbaineann siad. Bhain an cuardach seo freisin leis an oideachas Gaeltachta go háirithe tionchar an Pholasaídon Oideachas Gaeltachta ar chóras oideachais reatha na Gaeltachta. Ansin rinne muid iniúchadh ar chomhthéacsanna idirnáisiúnta teangacha mionlaigh ag díriú go sonrach ar ról an oideachais sna comhthéacsanna sin agus ar chaidreamh an duine óig leis an teanga dá réir. Ceangailte leis an gcuardach sin bhí saincheist na féiniúlachta agus an caidreamh idir sin agus an teanga mhionlaigh a bhí i gceist. Ar deireadh rinne muid athbhreithniú ar an gcuid sin den litríocht ina bhfuil trácht agus cur síos tugtha ar chlár na hIdirbhliana in Éirinn lena n-áirítear sprioc, feidhm agus riar an chlár. Tá cur síos iomlán ar léirbhreithniú litríochta an taighde sa tuarascáil taighde féin.

Torthaí an Taighde

Déantar scagadh ar thorthaí uile an taighde i dtuarascáil an taighde agus tugtar spléachadh thíos ar na príomhphointí a d'eascair as torthaí an taighde sin.

Taithí na ndaltaí ar an Idirbhliain

Dar le 80% de dhaltaí go raibh taithí dhearfach acu ar an Idirbhliain agus ba léir agus an taighde seo idir lámha go bhfuil an-obair ar bun ag foirne na scoileanna ag soláthar clár éifeachtacha Idirbhliana, tairbheacha agus taitneamhacha do dhaltaí na Gaeltachta. An dá ghné ba mhó a chuaigh i bhfeidhm go dearfach ar na daltaí dar leo féin le linn na bliana an taithí oibre agus an turas thar lear a bhí mar chuid den bhliain. Cé go gcuirtear iachall ar gach scoil freastal a dhéanamhar chroíabhair an churaclaim, tá méid áirithe saoirse ag scoileanna maidir leis na hábhair a bheadh á dteagasc le linn na bliana agus is iondúil nach mbíonn brú measúnaithe ag baint leo. Ainneoin gur thaitin sé leis na daltaí nach raibh obair bhaile le déanamh go rialta, ba bheag taitneamh a bhí le baint as na ranganna iad féin toisc nár mhothaigh siad go raibh dul chun cinn ar bun agus nach raibh spriocanna na ranganna soiléir. Dar leis na daltaí gur míbhuntáiste den Idirbhliain an díomhaoín a bhíonn i gceist leis an gClár in amantaí maidir le hábhar na ranganna agus leagan amach na n-imeachtaí. Tá sé tábhachtach go mbeadh dearadh déanta ar Theacht in Inmhe sa tslí is go bhféadfaí gach modúl nó cuid de a sheachadadh uaidh féin nó mar chuid de shraith agus go gcuirfí tús leis na cleachtais seo i dtús na scoilbhliana.

Clár agus Struchtúr na hIdirbhliana

Tá 28 iar-bhunscoil cláraithe leis an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus astu sin, bhí Clár Idirbhliana á sholáthar ag 24 scoil agus 801 dalta ag tabhairt faoin Idirbhliain le linn na scoilbhliana 2018 – 2019. I bhformhór na scoileanna tugtar rogha do dhaltaí tabhairt faoin Idirbhliain. I gcás roinnt scoileanna, áfach, go háirithe na scoileanna sin a bhfuil líon íseal daltaí iontu, is iondúil dar le príomhoidí nach dtugtar rogha do dhaltaí lena chinntiú go gcoinnítear grúpa daltaí le chéile.

Aithnítear gur fachtóirí pearsanta den chuid is mó a bhfuil tionchar acu ar chinneadh an dalta tabhairt faoi nó gan tabhairt faoin Idirbhliain. Aithnítear freisin an treocht náisiúnta rannpháirtíochta san Idirbhliain agus an líon daltaí atá ag tabhairt faoin Idirbhliain ag ardú go leanúnach (Clerkin, 2018). Glactar leis mar sin gur féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh formhór dhaltaí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta ag tabhairt faoin Idirbhliain agus go mbeadh lucht freastail ard ag clár a bheadh dírithe

orthu. Níor mhiste a lua mar sin féin go bhfuil roinnt iar-bhunscoileanna Gaeltachta a chineann gan an clár a sheachadadh ar chúiseanna éagsúla. Ina gcás siúd, tá sé tábhachtach nach mbeidís fágtha ar lár ó phróiseas deartha nó soláthair cláir a bheadh dírithe ar scoileanna Gaeltachta toisc go mb'fhéidir go mbeadh an clár á sholáthar acu amach anseo nó sin go bhféadfaidís leas a bhaint as ábhar an chlár ar shlite eile.

Teagmháil idir scoileanna Gaeltachta

Cuirtear líonrú chun cinn sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta mar dhea-chleachtas do scoileanna na Gaeltachta. Ní léir, áfach, go bhfuil an líonrú seo i bhfeidhm go fóill, cé go n-aithnítear nach bhfuil an Polasaí bhfad ar an bhfód. Tuigtear mar sin féin go bhfuil naisc cruthaithe idir scoileanna Gaeltachta agus lán-Bhéarla agus comhthionscadail ar bun eatarthu. Aithnítear freisin go bhfuil teagmháil áirithe, más go hannamh féin é, idir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge, cé gur cosúil gur nasc sealadach é seo a chothaíonn ceangal idir scoileanna seachas daltaí.

Is ábhar spéise go háirithe don tionscadal faoi chaibidil a laghad teagmháil atá idir daltaí iar-bhunscoileanna Gaeltachta mar chuid de chlár na hIdirbhliana agus beag taithí acu ach an oiread ar thionscadail chomhoibritheacha idir scoileanna Gaeltachta. Ábhar iontais an easpa teagmhála seo i bhfianaise na gcosúlachtaí atá eatarthu mar ghrúpa eitneitheangeolaíoch agus déimeagrafaíoch agus i bhfianaise na mbuntáistí a bheadh sa chomhpháirtíocht do thógáil agus do mhúscailt na féiniúlachta ina measc. Aithnítear go bhfuil formhór na scoileanna lonnaithe i gceantair atá páirteach sa phróiseas pleanála teanga agus deiseanna sa chomhthéacs sin caidreamh céimniúil agus comhordaithe idir scoileanna agus ceantair Ghaeltachta a fhorbairt.

Sa chás go mbeifí ag iarraidh an fhéiniúlacht eitneitheangeolaíoch chomónta a mhúscailt i measc daoine óga na Gaeltachta agus deiseanna a thapú d'fhonn an bhallraíocht eatarthu a fhorbairt, tá sé tábhachtach deis a thabhairt do dhaltaí Gaeltachta ceisteanna bainteach go sonrach leis an nGaeltacht agus leis an teanga mhionlaigh, na tréithe atá comónta i measc dhaltaí uile na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta, a ionramháil, agus níos tábhachtaí fós, iad a ionramháil ina measc féin.

An Phleanáil Teanga agus an tOideachas Gaeltachta

Aithnítear i bpleananna teanga na Limistéar Pleanála Teanga go bhfuil ról lárnach ag contanam iomlán an oideachais i gcothú na Gaeilge mar theanga chumarsáide i measc óige na Gaeltachta. Ainneoin an chur chuige chomhtháite atá molta sna pleananna a rinneadh anailís orthu, is beag beart atá luaite ina bhfeictear comhoibriú idir na scoileanna agus eagrais a bhfuil cúramáil bainteach leis an óige orthu ar mhaithe le sprioc chomónta a bhaint amach. Aithnítear go bhfuil teagmháil áirithe idir coistí pleanála teanga agus iar-bhunscoileanna na Gaeltachta maidir le dea-chleachtais ar leith agus an saineolas sin á iomlánú ar shlí ghinearálta sa chleachtas agus sna pleananna gníomhaíochta nach mór do scoileanna a ullmhú faoi scáth an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta. Ainneoin sin, is léir go bhfuil deis ag scoileanna Gaeltachta agus na coistí áitiúla pleanála teanga tabhairt faoin bpleanáil teanga ar bhonn chomhpháirteach agus chomhoibritheach lena chinntiú go bhfuil spriocanna pleanála teanga san oideachas agus sa phobal á mbaint amach go comhthreomhar lena chéile. Aithnítear freisin go bhfuil deis sa phleanáil teanga scoileanna ceannaireachta na ndaltaí a fhorbairt trí ról a bhronnadh orthu sa phróiseas pleanála teanga atá ag brath an oiread sin ar a n-iompar agus ar a gcinntí féin. Chuige sin,

áfach, moltar do Choistí Pleanála Teanga agus don Aonad um Oideachas Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, dul i gcomhairle lena chéile d'fhonn straitéis a chruthú ina bhféadfaí spriocanna comónta pleanála teanga a aithint agus a chinntiú go bhfuil scoileanna ar an eolas ina dtaobh. Moltar ina dhiaidh sin do Choistí Pleanála Teanga soiléiriú a chur ar fáil do scoileanna an Limistéir Phleanála Teanga maidir leis na beartais sin a bhfuil ról ag na scoileanna iontu agus tacaíocht agus saineolas a sholáthar maidir leis na slite ina bhféadfaí an ról sin a chomhlíonadh agus ina bhféadfadh scoileanna agus daltaí páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas áitiúil pleanála teanga.

Gníomhaíochtaí reatha na hIdirbhliana

Is gné lárnach den chlár Idirbhliana nithe mar taithí oibre, turais thar lear agus tionscadail leis an bpobal. Is iomaí gníomhaíocht atá ar bun mar chuid de chlár na hIdirbhliana in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta. I measc na ngníomhaíochtaí ar tugadh cur síos orthu le linn an tionscadail seo, tá:

- Cláir raidió
- Marcaíocht capall
- Códú agus scileanna ríomhaireachta
- Cláir drámaíochta
- Mionchomhlachtaí agus cúrsaí fiontraíochta
- Sábháilteacht bóthair
- Teanga chomhartha
- Cúrsaí iriseoireachta
- Cúrsaí teicneolaíochta
- Cúrsaí Garraíodóireachta
- Cúrsaí bádóireachta
- Cuairteanna chuig ionaid pobail
- Ceol agus amhránaíocht
- Ranganna Yoga
- Ranganna Gruaigeadóireachta
- Cicdhornálaíocht

Mar aon leis na ngníomhaíochtaí a bhíonn á gcur ar fáil ag iar-bhunscoileanna na Gaeltachta mar chuid de chlár na hIdirbhliana, tá forbairt déanta freisin ag eagrais neamhspleácha ar mhodúil nó pacáistí Idirbhliana. Is modúil iad seo atá ar fáil go forleathan, saor in aisce go minic, agus ar féidir le múinteoirí leas a bhaint astu mar chuid de sheachadadh an Chláir. Is modúil iad seo freisin a d'fhreagródh do roinnt de na téarmaí tagartha atá ag Teachta in Inmhe cheana féin. Tá sé soiléir ón taighde seo go bhfuil bearnaí cumarsáide idir iar-bhunscoileanna Gaeltachta maidir leis an ábhar atá ar fáil do chlár reatha na hIdirbhliana agus amhras ina measc conas rochtain a fháil ar an ábhar sin. Ní mór a bheith ar an airdeall agus ábhar á dhearadh do Theacht in Inmhe nach saothar in aisce a bheadh i gceist agus go mbeadh sé mar sprioc ag Teachta in Inmhe bearna sa soláthar reatha de chlár oideachais agus teanga a líonadh.

Ábhar agus Gníomhaíochtaí i dTeacht in Inmhe

Aithnítear go bhfuil sé mar sprioc ag Teacht in Inmhe deiseanna a chruthú do dhaoine óga a chuirfidh ar a gcumas léirthiscint a fháil ar shaol agus ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann agus an domhain. Dar le rannpháirtithe an taighde seo go bhfuil an léirthiscint sin ar lár ina measc. Dar leo nach féidir ról an Bhéarla i saol an duine óig Ghaeltachta a shéanadh agus go gcaithfí sin a chur san áireamh i bpé clár a bheadh á fhorbairt a dhéanfaidh freastal ar an duine óg. Dar le príomhoide scoile amháin gur chóir “leas a bhaint as an mBéarla seachas [an Ghaeilge agus an Béarla] a chur in aghaidh a chéile” agus bua an dátheangachais a chur ar a súile do dhaltaí seachas díriú ar chumas nó úsáid na Gaeilge amháin. Maidir le hábhar Teacht in Inmhe, moltar díriú ar chothú na féiniúlachta pearsanta a chuimseodh cúlra Gaeltachta an dalt. Moltar freisin, áfach, nach ndíreofaí air sin amháin agus féiniúlacht an duine óig á cothú ach go ndéanfaí freastal ar na gnéithe sin uile i saol an dalta a bhfuil tionchar acu air, úsáid agus feidhm fhorleathan an Bhéarla san áireamh.

Maidir leis na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag daltaí Idirbhliana i scoileanna na Gaeltachta a thagann cheana féin leis na téamaí agus cleachtais luaite le Teacht in Inmhe, tuigtear go bhfuil nasc leis an bpobal Gaeltachta mar chuid mheasartha láidir de na cláir reatha Idirbhliana. Ábhar suntais, áfach, a laghad daltaí a bhfuil taithí acu ar a bheith ag foghlaim faoi Ghaeltachtaí eile nó faoi theangacha eile mionlaigh agus freisin an líon íseal daltaí a thuairiscigh go raibh tionscadail chomhoibritheacha ar bun acu le daltaí Idirbhliana i scoileanna eile Gaeltachta nó le daltaí Idirbhliana eile i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Moltar go mbeadh daltaí i mbun foghlama faoi Ghaeltachtaí eile na tíre ar mhaithe leis na tréithe agus cleachtais chomónta eatarthu a chur ar a súile dóibh. Moltar freisin go mbeadh daltaí ag foghlaim faoi theangacha mionlaigh an domhain ionas go gcothófaí feasacht dhaoine óga na Gaeltachta maidir leis na tréithe comónta atá idir an Ghaeltacht agus an Ghaeilge agus na comhthéacsanna sin. Tá deiseanna sna cleachtais seo caidreamh le daltaí ar an aois chéanna sna réigiúin sin a chothú agus gréasánú agus idirbheartaíocht ar cheisteanna féiniúlachta agus teanga a mhúscailt ina measc.

Struchtúr seachadta do Theacht in Inmhe

Dar leis na rannpháirtithe uile a ghlac páirt sa chlár go rachadh ábhar Idirbhliana a bheadh dírithe ar an Idirbhliain i scoileanna Gaeltachta chun leasa na ndaltaí agus na scoileanna. É sin ráite, tá amhras ar roinnt páirtithe leasmhara, go háirithe múinteoirí agus príomhoidí, maidir leis an struchtúr a bheadh lena leithéid. Buntáiste suntasach bainteach leis an gClár reatha Idirbhliana an tsolúbthacht atá leis agus níor mhaith le scoil ar bith a bheith ceangailte go dlúth le clár nach bhfuil in oiriúint do riachtanas na scoile. Ar an lámh eile, dar le príomhoidí agus múinteoirí go bhfuil brú ag baint leis an Idirbhliain sa mhéid is gur faoin múinteoir / comhordaitheoir atá sé acmhainní a chruthú chuige. Dar leo gur mór an chabhair é nuair atá pacáiste ullmhaithe don Idirbhliain agus fáil éasca ag múinteoirí agus ag scoileanna air sin agus ar na háiseanna bainteach leis.

Maidir le Teacht in Inmhe, moltar sraith modúl aonarach a chruthú a bheadh ag freagairt do na téamaí sin bainteach le forás iomlánaíoch an duine óig agus moltar go mbeadh gníomhaíochtaí comhpháirteacha idir scoileanna Gaeltachta mar chuid lárnach de gach modúl nó formhór na modúl sin. Moltar freisin nach ndéanfaí idirdhealú idir scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ach go mbeadh

modúil áirithe deartha a bheadh curtha in oiriúint do na scoileanna sin atá lonnaithe i gceantair láidre Ghaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar theanga phobail.

Tá tuarascáil an taighde, ina dtugtar léargas ar aidhm, modheolaíochtaí, torthaí agus táal an taighde ar fáil ag:

An Léirbhreithniú Litríochta

Is iomaí tionscadal taighde a thugann léargas cuimsitheach ar phatrúin úsáide teanga agus ar leibhéal cumais Gaeilge i measc daoine óga sa Ghaeltacht agus is iomaí tionscadal freisin a bhfuil an córas oideachais ina bhfuil na daoine óga seo páirteach mar ábhar acu. Is beag eolais atá againn, áfach, ar chleachtais reatha na scoileanna Gaeltachta go háirithe de réir mar a bhaineann sé le ról na gcleachtas sin i gcothú na féiniúlachta Gaeltachta i measc daoine óga Gaeltachta agus freisin i gcur chun cinn na Gaeilge mar theanga chumarsáide agus shóisialaithe ina measc. Tugtar cur síos anseo ar an litríocht a bhaineann leis na téamaí is mó a bheidh á gcíoradh mar chuid den taighde seo, mar atá: leibhéal cumais agus úsáide na Gaeilge i measc daoine óga sa Ghaeltacht; gréasáin shóisialta agus iompar teanga i measc déagóirí go háirithe i gcomhthéacsanna teangacha mionlaigh; ról an oideachais i gcaomhnú teangacha mionlaigh; an Idirbhliain in Éirinn.

Tugtar aghaidh i dtús báire ar chomhdhéanamh na ndaltaí in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta maidir lena gcúlra, lena gcumas agus lena n-úsáid teanga.

Cúlra Teaghlaigh agus Teanga an duine óig

Rugadh nó tógadh 77% de dhaltai iar-bhunscoileanna Gaeltachta sa Ghaeltacht agus tá 82% díobh ina gcónaí i gceantar Gaeltachta chomh maith céanna. Dar le Mac Donnacha et al. (2004) agus iad ag trácht ar na treochtaí déimeagrafaíocha seo sa bhliain 2004 gur “i méid a bheidh an brú ar an nGaeilge sna hiar-bhunscoileanna sna blianta amach anseo” (Mac Donnacha et al., 2004: 79). Níor mhiste a lua go bhfuil sé beagnach scór bliain ó bailíodh na dindiúirí seo agus go bhfuil sé tráthúil anois agus athruithe suntasacha ar bun san oideachas Gaeltachta, go ndéanfaí iarracht figiúirí Mhic Dhonnacha et al. (2004) a thabhairt cothrom léi dáta.

Maidir le húsáid na teanga ag baile, níor mhiste a lua go bhfuil ganntanas suntasach figiúirí ar fáil a thabharfadh léargas cruinn ar staid reatha na réimse seo agus an t-easnamh seo le brath go láidir toisc nach féidir leas a bhaint as faisnéis a bhíodh á mbailiú faoi scáth Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG), scéim ar cuireadh deireadh léi sa bhliain 2011. Dar le Ó Giollagáin agus Charlton (2015) agus iad ag tarraingt ar anailís ar fhigiúirí SLG gur léirigh faisnéis na Scéime go raibh ardú ag teacht ar líon na dteaghlach sin a raibh an Ghaeilge in úsáid mar theanga baile i gCatagóirí B agus C na Gaeltachta a bhuí sin d’obair institiúidí oideachais na gceantar sin. Maidir le Catagóir A, áfach, léiríodh go raibh an seachadadh baile “ag druidim i dtreo phróifíl Chatagóir B” (Ó Giollagáin & Charlton, 2015: 55).

Thuairiscigh Ó Giollagáin et al. (2007) gur tógadh 21.5% de dhaoine óga sa Ghaeltacht le Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó agus 33% le Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó agus an Ghaeilge in uachtar mar theanga teaghlaigh i gCatagóir A (Ó Giollagáin et al., 2007: 293). I dtaighde a rinne Muintearas Teoranta mar chuid den Straitéis Óige don Ghaeltacht, líon 399 duine óga as ceantair éagsúla Ghaeltachta ceistneoir a d’fhiosraigh réimsí áirithe den óige agus éirigh an taighde seo nach í an Ghaeilge an teanga baile ag níos mó ná leath de dhaoine óga (59%) (Muintearas Teoranta, 2017).

Cé go n-aithnítear go bhfuil easnaimh shuntasacha san fhaisnéis atá ar fáil dúinn d’fhonn anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar nós mhaireachtaí teanga teaghlaigh sa Ghaeltacht agus ról an duine óig laistigh den diméin sin, léiríonn an fhaisnéis atá ar fáil dúinn go bhfuil an Ghaeilge mar theanga baile ag meath

agus freisin go bhfuil an chontúirt ann go bhfuil brú ag teacht ón taobh istigh chomh maith leis na brúnna eile seachtracha a bhfuil trácht coitianta déanta orthu, mar atá an pobal measctha teanga; na meáin shóisialta; sóisialú trí Bhéarla lasmuigh den teaghlach. Bunaithe ar thaighde Uí Ghiollagáin et al. (2007), ní bhaineann ach “aon cheathrú [de dhaoine óga na Gaeltachta] le teaghlaigh a bhfuil an Ghaeilge á húsáid iontu ag leibhéal bisiúil” (Ó Giollagáin et al., 2007: 322), cleachtas a fhágann go bhfuil líon suntasach daoine óga sa Ghaeltacht ag brath go hiomlán ar na hinstitiúidí oideachais d’fhoghlaím agus d’úsáid na teanga.

Má fhéachann muid ar impleachtaí na bhfigiúirí seo do chomhdhéanamh iar-bhunscoileanna na Gaeltachta, agus ranganna Idirbhliana san áireamh, is léir nach bhfuil taithí ag os cionn leath de dhaltáí ar an nGaeilge mar theanga cumarsáide baile. Fiú i gcás Chatagóir A ní chuimsíonn an seomra ranga sa Chatagóir sin comhdhéanamh teanga aonchineálach agus is cinnte go mbeadh tionchar ag taithí an duine óig ar úsáid na Gaeilge mar theanga baile, nó a easpa sin, ar an gceangal atá aige / aici leis an teanga agus le feidhmiúlacht na teanga sin. Pléifear seo agus an tionchar a bheadh aige ar fhéiniúlacht an dalta níos faide anonn.

Cumas an duine óig Ghaeltachta sa Ghaeilge

Maidir le cumas Gaeilge na ndaltáí iar-bhunscoile Gaeltachta, léirigh taighde Mhic Dhonnacha et al. (2004) go raibh Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 69% díobh agus 10% ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge (Mac Donnacha et al., 2004: 88). Tagann torthaí Uí Ghiollagáin et al. (2007) leis seo cé gur tháinig titim bheag sna céatadáin idir an dá linn agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 63% de na daoine óga sa tionscadal sin. Ainneoin an leibhéal réasúnta ard cumais teanga seo i measc daoine óga sa Ghaeltacht, ní mheasann ach 56% díobh go mbeidís ábalta nó breá ábalta comhrá maith a dhéanamh i nGaeilge agus dar leo gur fearr i bhfad a gcumas sa Bhéarla ná sa Ghaeilge i ngach réim teanga ar ceistíodh iad ina taobh agus baineann sé seo le gach catagóir tíreolaíoch Gaeltachta (Ó Giollagáin et al., 2007: 300).

Nuair a rinne Péterváry et al. (2014) iniúchadh ar chumas dátheangach chainteoirí dúchasacha Gaeilge sa Ghaeltacht, tugadh léargas ar an sealbhú laghdaithe a dhéantar ar an nGaeilge i measc cainteoirí óga dúchais Gaeilge sa Ghaeltacht idir seacht agus aon bhliain déag d’aois. Léiríonn torthaí an taighde sin go bhfuil buntáiste na dara teanga, an Béarla, le sonrú go láidir ar chumas teanga na gcainteoirí óga agus an buntáiste seo le feiceáil i ngnéithe éagsúla den teanga, lena n-áirítear: stór focal; códmheascadh feidhmiúil; cruinneas gramadaí i gcúrsaí deilbhíochta agus comhréire; cruinneas foghraíochta; ionramháil na réimsí séimeantaice agus pragmataice agus i dtaobh stadanna mílíofachta (Péterváry et al., 2014: 221). Dar leis na húdair go léiríonn na torthaí seo “a dhonacht is atá sealbhú na Gaeilge sa ghlúin óg reatha” agus ag teacht leis an “éigeandáil teanga [...] a tugadh chun solais san SCT” (Péterváry et al., 2014: 225).

Na cúiseanna leis an sealbhú laghdaithe seo dar le Ó Giollagáin agus Charlton, laghad an ionchuir teanga sa Ghaeilge ag baile sna luathbhlianta (ó náid go seacht mbliana d’aois), mar atá léirithe thuas, agus easpa deiseanna ag daoine óga sa Ghaeltacht feidhm a thabhairt don Ghaeilge agus iad ag sóisialú i measca bpiaraíféin (Ó Giollagáin & Charlton, 2015). Dar leis na húdair nach bhfuil “ag éirí leis na cainteoirí óga dúchais Gaeilge an fheidhmiúlacht chéanna teanga a bhaint amach sa Ghaeilge i

gcomparáid leis an sealbhú níos feidhmiúla a thugann siad leo ó thaobh an Bhéarla de” (Ó Giollagáin & Charlton, 2015: 66).

Tá ról nach beag an gcóras oideachais sa treocht teanga seo (Mac Donnacha et al., 2004) agus córas i réim i scoileanna na Gaeltachta ina bhfuil sóisialú na ndaltaí ar bun i mBéarla agus timpeallacht ina gcuirtear le cumas an dalta sa dara teanga (Béarla) ach ina lagaítear an cumas sa chéad teanga (Gaeilge) (Péterváry et al., 2014). Tugtar suntas don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a phléifear níos moille agus an dea-thionchar a d’fhéadfadh a bheith ag cleachtais bainteach leis an bpolasaí sin ar timpeallacht an oideachais Ghaeltachta i gcoitinne, go háirithe maidir leis an gclár luath-thumoideachais iomlán atá mar chuid lárnach den Pholasaí.

Úsáid na teanga

Ainneoin go bhfuil leibhéal réasúnta ard cumais i measc daoine óga na Gaeltachta, níl ach aon cheathrú díobh ina gchainteoirí gníomhacha Gaeilge ina n-aoisghrúpa féin (Ó Giollagáin et al., 2007: 413). Dar le taighde Mhuintearas Teoranta gur ísle an figiúr seo faoi láthair agus 18% de na daoine óga a ghlac páirt ina dtaighde siúd ag tuairisciú gur Gaeilge a bhí á labhairt acu lena gcairde agus 51% ag labhairt Gaeilge lena gcuid cairde “ó am go céile” (Muintearas Teoranta, 2017: 40).

Is le linn bhlianta na hiar-bhunscolaíochta a fheictear titim i leibhéil úsáide teanga i measc aos óg na Gaeltachta agus an laghdú sin soiléir ó thús na bunscolaíochta go deireadh na hiar-bhunscolaíochta (Ó Giollagáin et al., 2007). Tugtar faoi deara freisin go bhfuil an leibhéal úsáide teanga ina measc i bhfad níos ísle agus iad i mbun comhrá lena gcuid cairde ná mar atá sa chomhthéacs baile, “ó 17% don tréimhse aoise 5–8 mbliana go 9% sa tréimhse aoise 15–18 mbliana” (Ó Giollagáin et al., 2007: 322).

Tuigtear mar sin go bhfuil úsáid na Gaeilge i measc aos óg na Gaeltachta ar chainteoirí dúchais iad ag brath go láidir ar chomhthéacs an teaghligh (Ó Giollagáin et al., 2007: 322). Is teoranta i bhfad fós na deiseanna úsáide teanga atá ag an gcuid sin d’aos óg na Gaeltachta nach bhfuil taithí acu ar an nGaeilge mar theanga baile.

Léiríonn an titim in úsáid na Gaeilge i measc daoine óga (Mac Donnacha et al., 2004; Ó Giollagáin et al., 2007; Péterváry et al., 2014) go bhfuil an córas oideachais mar atá ag cothú comhthéacsanna atá níos feiliúnaí do shóisialú an Bhéarla ná na Gaeilge do chainteoirí óga Gaeilge agus “go bhfuil na cleachtais teanga a fheidhmítear sa chóras oideachais sa Ghaeltacht, go háirithe ag an dara leibhéal, ag cur le próisis an aistrithe teanga atá á bhfréamhú nó atá fréamhaithe sna pobail éagsúla Ghaeltachta” (Ó Giollagáin et al., 2007: 334–5). Cé gur duairc an tátal é seo i bhfianaise chomh mór agus atá aos óg na Gaeltachta ag brath ar institiúidí oideachais an phobail maidir lena gcumas agus lena n-úsáid teanga, aithnítear mar sin féin mar a pléadh ní ba thúisce go bhfuil athruithe suntasacha ar bun i láthair na huaire sa chóras oideachais Gaeltachta agus deis ag pobal na scoileanna díriú ar na nithe sin a thacódh leo caighdeán an tsoláthair a fheabhsú chun leasa an oideachais agus na teanga.

Dearcadh na ndaoine óga i leith na Gaeilge

Tá dearcadh fabhrach go leor i measc daoine óga i leith na Gaeilge cé go dtuigtear go dtagann ísliú ar an dearcadh sin de réir mar a éilítear níos mó uathu (Muintearas Teoranta, 2017; Ó Giollagáin et al., 2007).

Tá an Ghaeilge ríthábhachtach nó tábhachtach ina saol do 60% de dhaoine óga agus deir 61% go bhfuil sé ríthábhachtach nó tábhachtach go mbeadh seirbhísí óige ina ceantar féin. Nuair a fhiosraítear tábhacht na seirbhísí seo a bheith ar fáil i nGaeilge, deir 44% go bhfuil sé ríthábhachtach nó tábhachtach go mbeidís ar fáil i nGaeilge (Muintearas Teoranta, 2017: 1-13).

Cé gur maith ann an dearcadh dearfach luaite, ní gá go mbeadh nós mhaireachtaí dearfacha teanga mar thoradh air. Léirítear i dtaighde Uí Ghiollagáin et al. (2007) go bhfuil daoine óga na Gaeltachta an-bhádhúil do thógail clainne le Gaeilge agus gur dóigh go mbeidís sásta sin a dhéanamh “má bhíonn na cúinsí sóisialta agus teaghlaigh eile tacúil do bheartas den chineál seo” (Ó Giollagáin et al., 2007: 360). I bhfianaise leibhéal íseal cumais na ndaoine óga sa teanga agus freisin leibhéal íseal úsáide ina measc (Lenoach, 2012; Mac Donnacha et al., 2004; Ó Giollagáin & Charlton, 2015; Péterváry et al., 2015), is beag seans i láthair na huaire go mbeadh ar a gcumas tabhairt faoi. Tá sé cruthaithe cheana féin go dtagann laghdú ar dhearfacht an duine óig i leith na Gaeilge de réir mar a éilítear níos mó uaidh agus is cinnte gur éileamh suntasach air an tógail clainne le Gaeilge, ní áirítear an brú feabhas a chur ar chumas agus borradh a chur faoin úsáid.

Mar atá i gcomhthéacsanna eile idirnáisiúnta ina bhfuiltear ag iarraidh buntáistí úsáid na teanga mionlaigh a chur ina luí ar an aos óg mar atá sa Bhreatain Bheag agus i gCeanada, tuigtear go bhfuil “siorchoimhlint” idir tosaíochtaí teanga agus tosaíochtaí eile ina saol agus gur dúshlán ar leith an chothromaíocht sin a bhainistiú. Dar le Ó Giollagáin et al. (2007), “má táthar chun dul i ngleic leis an ngné seo den phleanáil teanga caithfear bealaí a aimsiú lena léiriú [...] nach bhfuil an dá thosaíocht seo i gcoimhlint lena chéile” (Ó Giollagáin et al., 2007: 359).

Maidir leis an tionscadal agus an aoisghrúpa faoi chaibidil i dTeacht in Imhe, glactar leis gurb é/í an duine óg féin a chineann tosaíochtaí a s(h)aoil féin. Níl ar chumas an phleanálaí teanga, ná clár scolaíochta sa chás seo, an cinneadh sin a dhéanamh ar a s(h)on ach is féidir eolas a roinnt leis an duine óg a d’fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar an ord tosaíochta sin a thacódh leis / léi an choimhlint luaite a bhainistiú.

Saol Sóisialta an duine óig sa Gaeltacht

San iniúchadh a rinne Muintearas Teoranta (2017) ar thuairimí agus ar thaithí dhaoine óga na Gaeltachta tugtar léargas ar dhearcadh na ndaoine óga ar an oideachas i gcoitinne. Deir 87% díobh gur mian leo dul ar aghaidh chuig an oideachas tríú leibhéal i ndiaidh na hiar-bhunscoile. Maidir le curaclam na scoile deir 90% díobh go bhfuil gá le “scileanna saoil” a bheith ar churaclam na scoile agus i measc na n-ábhar breise gur mhaith leo go gcuirfí ar fáil san iar-bhunscoil, tá: teangacha; ábhair chruthaitheacha; gnó; stair / tíreolas; ábhair saoránaíochta; eolaíocht (Muintearas Teoranta, 2017: 18). Glactar leis gur léargas an cuntas seo ar ábhair nach bhfuil ar fáil i láthair na huaire sna scoileanna ina bhfuil siad de bharr cúinsí éagsúla.

Maidir leis an teagmháil a bhíonn idir daoine óga as ceantair éagsúla Gaeltachta, deir 55% de dhaoine óga a glac páirt i dtaighde Mhuintearais Teoranta nach mbíonn deis acu bualadh le daoine óga i gceantair eile Gaeltachta, cleachtas a tháinig chun cinn sa taighde seo freisin agus a phléifear níos faide anonn agus torthaí an taighde á scagadh.

Léiríonn taighde Mhuintearas Teoranta go bhfuil dlúthchaidreamh i measc na ndéagóirí a ghlac páirt sa taighde agus 58% díobh ag bualadh le cairde “cúpla lá sa tseachtain” taobh amuigh den scoil. Tá ról nach beag ag na pátrúin an tsóisialaithe seo ar nós mhaireachtaí teanga a phléifear níos faide anonn. Ní nach ionadh, bíonn formhór na ndaoine óga ag úsáid na meán sóisialta gach lá. Cé nach bhfiosraítear leo cén teanga a bhíonn in úsáid acu agus iad ag úsáid na meán seo, bunaithe ar thaighde eile i gcomhthéacsanna teanga mionlaigh, glactar leis gurb í an mhórtéanga teanga feidhme na meán sóisialta (Stern, 2017). Tá formhór na ndaoine óga ina mball de chlub agus 67% ina mball de chlub CLG (Muintearas Teoranta, 2017: 7). Maidir leis an éileamh atá ina measc ar sheirbhísí faoi leith tuigtear go mbraitheann sé seo go minic ar cé chomh gar agus atá siad suite de bhaile mórach go bhfuil éileamh ar ionad óige i ngach ceantar Gaeltachta. Ach an oiread leis na tuarascálacha eile atá á scagadh sa léirbhreithniú seo, is iomaí moladh a d’eascair as an Straitéis Óige don Ghaeltacht agus roinnt díobh sin ábhartha i comhthéacs an tionscadail faoi chaibidil agus i gcomhthéacs na pleanála teanga a chuireadh le an óige, ina measc:

- Nasc a chothú le hóg-eagraíochtaí eile a bhíonn ag treabhadh i bpobail lán-Ghaeilge
- Ról a thabhairt do dhaoine óga ar choistí áitiúla pleanála teanga agus coistí pobail
- Breis oiliúna a sholáthar do dhaoine óga a d’éascódh obair dheonach sa phobal
- Cúrsaí cinnireachta a dhearadh agus a sholáthar do dhaoine óga
- Imeachtaí (ceol, cultúir, spórt) a eagrú a thabharfadh daoine óga ó cheantair eile Ghaeltachta le chéile

Tugtar faoi deara nach pátrúin as an ngnách ó thaobh úsáid teanga atá i réim i measc óige na Gaeltachta agus is fiú go mór iniúchadh a dhéanamh ar an ról atá ag an gcainteoir óg i gcomhthéacs teanga mhionlaigh.

Tugtar léargas ar imeachtaí agus straitéisí pobail dírithe ar óige na Gaeltachta freisin sna Pleananna Teanga atá á réiteach ag na 26 Limistéar Pleanála Teanga faoi scáth Acht na Gaeltachta 2012.

An cainteoir óg agus an teanga mhionlaigh

Tá ról nach beag ag daoine óga agus teangacha mionlaigh faoi chaibidil, go háirithe déagóirí agus déantar cur síos anseo ar roinnt de na gnéithe nach mór a chur san áireamh agus úsáid teanga, go háirithe teangacha mionlaigh, i measc daoine óga faoi chaibidil.

Is amhlaidh atá sé i gcás an iliomad pobal ina labhraítear teanga mhionlaigh go mbíonn cainteoirí óga na teanga sin meallta ag an mórtéanga: tá cumas sa teanga riachtanach don ghluaiseacht shóisialta agus freisin is trí mheán na teanga sin atá na cleachtais a leagan siad féin an-luach orthu. Tugtar seo faoi deara go háirithe agus leibhéal íseal rannpháirtíochta sna meáin shóisialta trí mheán na teanga mionlaigh de bharr stádas na mórtéanga sa chomhthéacs sin (Landry, Allard & Deveau, 2010: 212; Stern, 2017: 790).

Is iomaí athróg a imríonn tionchar ar úsáid teanga i measc chainteoirí óga agus áirítear an t-oideachas ar cheann díobh. Athróg eile is ea gnéas: tuairiscíonn Thomas agus Roberts (2011) agus iad ag trácht ar an idirghníomhú idir déagóirí Breatnaise gur trí Bhreatnaise a bhíonn an teagmháil seo 91.7% den am ag

cailíní agus 69.4% ag buachaillí (Thomas & Roberts, 2011). Más amhlaidh atá i gcás theangacha mionlaigh eile, bheifí ag súil go ndéanfaí iarracht chomhordaithe ar leith dul i gcion ar bhuachaillí d'fhonn a leibhéil úsáide den teanga a tharraingt aníos ionas go mbeadh deiseanna rannpháirtíochta cothroma i gceist sna gréasáin ina mbeadh buachaillí agus cailíní páirteach iontu.

Réimse taighde atá ábhartha agus ceist na húsáide teanga i measc chainteoirí óga á plé is ea gréasáin agus an ról atá acu i mbisiúlacht teanga. Tá tionchar suntasach ag gréasáin shóisialta ar noirm teanga a chothú agus léirigh taighde a rinne Milroy ar úsáid gur daingne agus seasmhaí noirm t teanga dá dhlúithe an gréasán ina bhfuil siad lonnaithe (Milroy, 1987).

Sna déaga, tosaíonn an duine óg á scaradh féin ó ghréasán an teaghlaigh agus tosaíonn sé / sí ag glacadh páirt i ngréasáin eile. Is céim thábhachtach an scarúint seo i bhforbairt an duine. De réir mar a laghdaíonn ról an teaghlaigh i saol an déagóra, ardaíonn an tábhacht a bhaineann leis na gréasáin shóisialta lena mbaineann sé. Coinnítear súil ghéar laistigh den ghréasán ar iompar na mball lena chinntiú go bhfuil noirm an ghréasáin a gcothú agus á gcaomhnú. Dar le Eckert (1998) go gcuireann éiginnteacht na tréimhse saoil seo brú ar an duine óg agus airíonn siad go bhfuil géarghá féiniúlacht láidir a chothú iontu féin a sheasfadh in aghaidh na héiginnteachta sin. Is cuid lárnach den fhéiniúlacht sin pátrúin teanga atá mar chomharthaí ballraíochta sa phobal lena mbaineann siad agus ina bhfuil an fhéiniúlacht shóisialta lonnaithe:

The rigid group conformity that arises in adolescence as a function of identity development makes adolescent norms tighter than adult norms, and can be expected to exert greater linguistic pressure on their members (Eckert, 1998:198)

D'aimsigh Kerswill agus Williams (2000) na pátrúin chéanna agus nósmaireachtaí teanga i ngréasáin dhaoine óga faoi chaibidil acu féin: is iondúil go seasann gréasán dlúth in aghaidh athruithe teanga ach amháin nuair is duine ar an taobh istigh a bhfuil ceangal aige le gréasáin eile is cionsiocair leis na hathruithe seo. Is iondúil freisin gurb é an duine óg a bhfuil acmhainní sóisialta agus teagmhálacha éagsúla aige is cúis leis an nuálaíocht teanga (Kerswill & Williams, 2000 luaite in Ó Riagáin, Williams & i Moreno, 2008). Má bhreathnaítear ar an gcoincheap seo i gcomhthéacs chainteoirí óga Gaeilge sa Ghaeltacht agus an Béarla in uachtar ina measc mar theanga shóisialaithe (Ó Giollagáin et al., 2007), is amhlaidh go ndéantar buanú ar na noirm sin. Ar an lámh eile, más féidir tionchar a imirt ar an iompar ón taobh istigh, “an duine ar an taobh istigh” sin luaite, tá deis ann noirm an ghréasáin a leasú.

Gnéithe eile nach mór a chur san áireamh agus iompar teanga déagóirí faoi chaibidil is ea an aicme shóisialta, eitneachas, an comhthéacs ina maireann siad agus an tionchar atá ag brúnna institiúideacha a thagann ón mbarr anuas, an córas oideachais san áireamh (Ó Riagáin et al., 2008)

Is minic agus teanga mhionlaigh i láthair taobh le mórtéanga dhomhanda sa tsochaí, agus go háirithe nuair atá ról lárnach ag an teanga mhionlaigh sa chóras oideachais, go mbreathnaítear ar an teanga sin mar shiombail den fhoirmiúlacht agus den scolaíocht in aigne an duine óig. I gcás na Breataine, is é an Béarla teanga an éirí amach agus dar le Price agus Tamburelli (2016) gur go han-drogallach a bhaineann déagóirí leas as an mBreatainis lasmuigh de sféar foirmiúil an oideachais. Is “inverted diglossia” an

toradh air seo sa mhéid is go gcúngaítear feidhmiúlacht na teanga: ní bhíonn feidhm ag an teanga eile (an teanga mhionlaigh) ach i ndiméin shóisialta amháin, an t-oideachas.

I gcás chainteoirí dúchais Gaeilge, a bhfuil an Ghaeilge á labhairt sa bhaile acu, d'fhéadfaí go mbeadh feidhm leis an teanga sa diméin áirithe sin chomh maith céanna. Léirítear dúinn, áfach, nach bhfuil taithí ach ag aon cheathrú de dhaoine óga na Gaeltachta ar an nGaeilge mar theanga teaghlaigh “ag leibhéal bisiúil” (Ó Giollagáin et al., 2007), gné a lagann feidhm na Gaeilge i ndiméin an teaghlaigh go mór, ní áirítear feidhm na teanga sa saol i gcoitinne.

I gcás débhéascna ina bhfuil ardstádas ag an mórtheanga mar theanga phoiblí, tá an baol ann go mbreathnódh pobal na teanga mionlaigh, daoine óga san áireamh, ar a dteanga féin mar theanga atá níos ísle ná an mhórtheanga sin. Sa chás seo is teanga í atá príobháideach agus a bhfuil dlúthpháirtíocht ag baint léi (Landry et al., 2010). Mura bhfuil an teanga sin fiú á labhairt go príobháideach i saol an duine agus an dlúthpháirtíocht sin ar lár dá réir, is beag feidhmiúlacht atá ag an teanga agus daoine óga ag iarraidh brí a bhaint as a bhféiniúlacht féin (Landry et al., 2010).

Ainneoin nach bhfuil an teanga á labhairt go forleathan ag an gcainteoir óg sna diméin eile lasmuigh den teaghlach nó den oideachas, ní fhágtar nach mian leis an gcainteoir óg a bheith mar bhall den dá ghrúpa, (grúpa na teanga mionlaigh agus na mórtheanga) ná ach an oiread nach bhféadfadh féiniúlacht an duine óg a bheith fréamhaithe sa dá ghrúpa sin go comhthreomhar lena chéile.

Dar le Landry et al. (2010) agus é ag trácht ar an bhféiniúlacht eitnitheangeolaíoch go gcuimsíonn an sainiú a dhéantar ar an gcoincheap dhá ghné ar leith: an féin-sainiú agus an rannpháirtíocht san fhéiniúlacht nó *identity involvement*. Maidir leis an bhféin-sainiú, is é an duine féin a shainíonn céard é féin ag leibhéal eitneach, teangeolaíoch agus cultúrtha. Ní gá, áfach, go gceanglódh an sainiú seo an duine d'aon ghrúpa amháin agus i gcás chainteoirí Fraincise nó Béarla i gCeanada, d'fhéadfaí gur fearr leis an gcainteoir sainiú a dhéanamh air féin mar dhuine dá theangach seachas é féin a lonnú laistigh d'aon ghrúpa amháin agus sainiú a dhéanamh air féin bunaithe díreach ar an mballraíocht aonair sin (Landry et al., 2010: 78). Tugtar seo faoi deara freisin agus óige na Briotáine faoi chaibidil agus gaol láidir acu le féiniúlacht na Briotáine de bharr a rannpháirtíocht oideachais, chultúrtha agus teanga sa phobal sin, agus gaol acu freisin le féiniúlacht na Fraince de bharr a rannpháirtíocht cultúrtha agus teanga ansin (Dolowy-Rybinska, 2016).

Cuimsíonn an dara gné, rannpháirtíocht san fhéiniúlacht trí chuid: (i) an chosúlacht a bhraitheann baill an ghrúpa atá eatarthu; (ii) an nasc idir an fhéiniúlacht agus an fhéin-mhuinín; (iii) an tiomantas atá sa duine feidhmiú laistigh den ghrúpa áirithe sin (Landry et al., 2010). Tá tábhacht ar leith leis an mballraíocht do dhaoine óga sna déaga agus luach an-ard á leagan ag an ngrúpa sin go háirithe ar sheasmhacht na ballraíochta (Eckert, 1998).

Maidir le feidhm an mhúnla seo agus féiniúlacht cainteoirí óga de theangacha mionlaigh á scagadh dar le Landry et al. (2010) gurb é an dara gné, an rannpháirtíocht san fhéiniúlacht is mó a chothaíonn féiniúlacht láidir teanga.

Tugann Landry et al. (2010) ‘idirbheartaíocht ar fhéiniúlachtaí’ nó *negotiation of identities* ar an bpróiseas seo agus daoine óga a bhfuil teanga mhionlaigh á labhairt acu (in éindigh le teanga eile) ag iarraidh a gcuid féin a dhéanamh den fhéiniúlacht. Is cleachtas é an idirbheartaíocht atá le sonrú go láidir i measc daoine óga i gcomhthéacsanna ilteangacha (Groff et al., 2016: 84; Pavlenko & Blackledge, 2004) agus brú ag teacht ón taobh amuigh ar an spriocghrúpa sin cloígh nó diúltú de leaganacha áirithe den fhéiniúlacht (Groff et al., 2016). D’fhéadfadh an duine óg freisin ar ndóigh diúltú glan de chuid áirithe den fhéiniúlacht sin mar chomhartha éirí amach. Comhartha amháin den chur in aghaidh sin is ea éagsúlachtaí sna cleachtais teanga a bhíonn in úsáid ag an duine óg nó gréasáin de dhaoine óga agus ceadáíonn na héagsúlachtaí seo don chainteoir óg an fhéiniúlacht choimpléascach a chur in iúl (Doran, 2004). Maidir le cainteoirí óga a bhfuil ardchumas acu sa Ghaeilge, d’fhéadfadh gurb é a bheadh sa chomhartha éirí amach an cód-mheascadh nó cód-mhalartú idir Béarla agus Gaeilge².

Cé go dteastaíonn ón duine óg an teanga a úsáid mar chomhartha den chur in aghaidh, ní fhágann sin nach mian leis a bheith mar bhall den dá ghrúpa, grúpa na teanga mionlaigh agus na mórtheanga, agus d’fhéadfaí go gcuimseodh an fhéiniúlacht an bhallraíocht roinnte nó *equal integration* mar a thugtar air Landry et al. (2010: 79). Tá na ceisteanna céanna maidir le féiniúlacht agus ballraíocht roinnte á n-ionramháil i gcás na Briotáinise agus na Breatnaise.

Is i Carhaix na Briotáine atá an t-aon iar-bhunscoil tumoideachais Briotáinise, scoil Diwan, ina ndéantar an teagasc go hiomlán trí mheán na teanga sin, cé nach bhfuil cúlra baile Briotáinise ach ag 8% de dhaltaí scoileanna Diwan. Bagh níomhairí Briotáinise ar dtús a bhunaigh na scoileanna agus cé gur éirigh leo dúshlán mar ghanntanas múinteoirí agus easpa acmhainní teagaisc agus foghlama a sháru, níl aitheantas mar scoileanna poiblí bainte amach acu go fóill ó stát na Fraince (Dolowy-Rybinska, 2016, 282). Tá cosúlachtaí áirithe i stair na scoileanna Diwan agus gluaiseacht na ngaelscoileanna in Éirinn ní áirítear an borradh atá sa rannpháirtíocht sa dá chóras le blianta anuas.

Tréith chomónta i measc daltaí Diwan an “spirit of solidarity” ina measc agus tá an dlúthpháirtíocht seo mar chuid lárnach dá bhféiniúlacht (Dolowy-Rybinska, 2016). Díol suime sa chás áirithe seo nach gá go mbeadh úsáid na Briotáinise fréamhaithe san fhéiniúlacht chéanna toisc gur leor eolas ar an teanga chun an dlúthpháirtíocht a spreagadh (Dolowy-Rybinska, 2016: 286). Ár ndóigh is mór idir seo agus na glúine cainteoirí Briotáinise a chuaigh rompu. Tá dúshlán le tabhairt ag cainteoirí óga Diwan agus iad ag iarraidh dul i ngleic leis an idirbheartaíocht seo ar a bhféiniúlacht: tá bá acu leis an mBriotáinis agus nasc láidir idir an teanga agus a bhféiniúlacht ach tá siad meallta ag feidhmiúlacht na Fraincise, agus bá acu leis an teanga sin dá réir. Dar le cainteoirí óga go bhfuil míthuiscint ina measc siúd a bhfuil údarás acu sa tsochaí toisc go bhféachtar ar an mballraíocht roinnte mar chomhartha mídhílseachta nó díomhaoín i dtaobh na teanga:

For many years we are told that we are responsible and that’s what I am afraid of. I worried about this for years. I blamed myself strongly for this. But I think that today ... yes, I feel responsible in a way. But whatever I do, I shouldn’t feel guilty for what I am doing. I think that everybody who speaks Breton [has] the responsibility. But it shouldn’t be like that and that we feel forced to engage

² I bhfianaise thorthaí Peterváry et al. (2014), áfach, is doiligh seo a mheas toisc cumas níos airde sa Bhéarla ag formhór an ghrúpa seo a raon chaoi

ourselves in this totally. I think that we should do what makes us happy (Dolowy-Rybinska, 2016: 286)

Sonraítear an meon céanna i measc chainteoirí óga Breatnaise agus mothú ina measc go bhfuil brú ar leith orthu an teanga a labhairt agus a chaomhnú, brú nach bhfuil siad féin compordach leis:

They always play the guilt trip [...] "Seven hundred years ago we fought for the Welsh, people died for the Welsh language". Come on, let us just speak it. Don't force it on us. People get angry when Christians force Christianity on you - it's the same with Welsh (Price & Tamburelli, 2016: 195)

Feictear ógánaigh Bhreatnaise ag streachailt leis an dúshlán céanna lena gcomhaoisigh i réigiúin eile mionteangacha. Dar leo go ndéantar breithiúnas orthu ón mbarr anuas bunaithe ar an dearcadh gur ionann leibhéal íseal úsáide teanga agus easpa measa ar an teanga sin:

You seem to get the impression that they're telling us that we disrespect the language and that's not really the case [...] so then you feel that it is sort of getting shoved down your throat (Price & Tamburelli, 2016: 196)

Maidir le hóige na Gaeltachta, pléitear féiniúlacht an spriocghrúpa áirithe sin agus tuarascálacha éagsúla ar cheist na Gaeltachta á gcur i dtoll a chéile cé gur iondúil go mbíonn mar chuspóir ag cleachtais dá leithéid féiniúlacht Ghaeltachta an duine óg a fhorbairt seachas féachaint ar fhéiniúlacht an duine óg ina iomláine agus an Ghaeltacht agus an Ghaeilge mar chuid de sin.

Sa chás go mbeadh straitéis mar Teacht in Inmhe á dearadh d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar fhorbairt féiniúlachta chainteoirí óga de theanga mhionlaigh ní mór an uileghabhálacht agus an bhallraíocht roinnte a chur san áireamh lena chinntiú go gcuimsíonn an straitéis sin speictream leathan na ndiméin ina bhfuil an duine óg páirteach, beag beann ar an bhfeithicil ina bhfuil an straitéis sin á cur i bhfeidhm, an córas oideachais i gcás an tionscadail faoi chaibidil.

Ról an oideachais i gcaomhnú na dteangacha mionlaigh

Is tréith choiteann i gcomhthéacsanna teangacha mionlaigh féachaint i dtreo an oideachais d'fhonn an teanga agus leibhéal úsáide na teanga sin a chur chun cinn, mar atá le feiceáil sa Bhreatain Bheag, in Albain, i gCeanada, i dTír na mBascach, sa tSualainn, san Ísiltír, sa Nua Shéailainn agus i dtíortha agus réigiúin eile nach iad. Tá rath ar an nasc seo go nuige seo mar is léir ó leibhéal ard rannpháirtíochta sa tumoideachas sna comhthéacsanna éagsúla luaite. I measc na gcúiseanna go mbreathnaítear i dtreo an oideachais agus teangacha mionlaigh á gcur chun cinn, tá: an ceangal stairiúil le heaspa soláthar oideachais agus meath na teanga; tábhacht an oideachais sa teanga dhúchais do ghnóthachtaíil acadúil an pháiste; feidhm an chórais oideachais mar mhúnla inár féidir cur le líon na gcainteoirí ag súil go gcuirfeadh seo le seachadadh idirghlúineach na teanga sin (McPake et al., 2016: 81).

Ainneoin go bhfuil an caomhnú teanga mar dhualgas reachtúil ar an oideachas Gaeltachta, maíonn Mac Donnacha et al. (2004) nach 'gnó do na scoileanna amháin' an Ghaeilge a choinneáil beo sa Ghaeltacht toisc go mbaineann 'an cúram seo leis na heagraíochtaí uile atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht' (Mac Donnacha et al., 2004: 137). Is ualach í freisin a bhraitheann múinteoirí atá róthrom don scoil agus gur

chóir é a roinnt idir an scoil agus gréasán an teaghlaigh (Ní Thuairisg, 2015). Sa tslí sin, ghníomhódh Teachnt in Inmhe mar dhroichead idir na diméin éagsúla sin agus daltaí i lár na hidirbheartaíochta,

Bíodh is nach bhfuil sé cothrom an t-ualach seo a leagann ar scoileanna ná ar mhúinteoirí, mar atá pléite, féachtar i dtreo na scoile chun dea-cleachtais cumais agus úsáide teanga a chothú ionas go mbeidh tionchar dearfach ag taithí oideachais na ndaoine óga ar a rannpháirtíocht sa phobal teanga amach anseo. Is troime i bhfad an dualgas agus cainteoirí óga dúchais faoi chaibidil toisc an tionchar dearfach a d'fhéadfaidís a bheith acu ar sheachadadh idirghlúine na teanga agus ar chaomhnú an phobail sin dá réir.

Níor mhiste, mar sin, agus an t-oideachas don chainteoir dúchais á scagadh, léargas a thabhairt ar chomhthéacsanna idirnáisiúnta comhchosúil le Gaeltachtaí na hÉireann, ag féachaint mar a théann na cleachtais oideachais atá i bhfeidhm i ngleic le cothú na teanga i measc cainteoirí óga sna pobail thraidisiúnta teanga sin.

‘An tOideachas dátheangach don chainteoir dúchais’: ceachtanna le foghlaim ón gcomhthéacs idirnáisiúnta

Is iomaí dúshlán atá sa chóras oideachais agus cainteoirí dúchasacha agus foghlaimeoirí in aon suíomh amháin agus bíonn na dúshláin seo le tabhairt ag múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí ar bhonn laethúil. Dúshlán eile an doiléire a bhaineann leis an sainiú ar céard is oideachas sa teanga dhúchais ann nuair a áirítear leibhéal íseal cumais agus úsáide mar thréithe aitheantais de phróifíl na gcainteoirí sin.

Mar atá luaite, beidh tionchar láidir ag an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta ar an sainiú seo agus an luath-thumoideachas á chur i bhfeidhm sna bunscoileanna ar mian leo aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta. I gcás na n-iarbhunscoileanna, áfach, glactar leis gur oideachas dátheangach atá i gceist a dhéanann iarracht freastal ar riachtanais cainteoirí dúchasacha agus foghlaimeoirí laistigh d’aon suíomh oideachais amháin. Is suíomh é seo a bhfuil dúshlán nach beag ag baint leis do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do thuismitheoirí (Ní Shéaghdha, 2012; Ní Thuairisg, 2015).

Dúshlán ar leith a bhaineann leis an iar-bhunscolaíocht agus teangacha mionlaigh agus an tumoideachas i gcoitinne faoi chaibidil an briseadh sa leanúnachas sa bhfreastal a dhéantar ar an oideachas trí mheán na sprioctheanga (Ní Thuairisg & Ó Duibhir, 2016). Ar ndóigh, mar atá léirithe sna torthaí taighde atá cíortha go dtí seo, tá suntas ar leith ag baint le tréimhse na hiar-bhunscolaíochta freisin ó thaobh íslíú i leibhéal cumais agus úsáide na sprioctheanga (Mac Donnacha et al., 2004; Ó Giollagáin et al., 2007; Price & Tamburelli, 2016; Thomas & Roberts, 2011). Tá an titim seo sa leanúnachas le sonrú i gCeanada (Canadian Parents for French, 2004; Makropoulos, 2010), i dTír na mBascach (Gardner et al., 2002) agus sa Bhreatain Bheag (Redknap, 2006). Léiríonn an nósmaireacht seo nach bhfuil ag éirí leis na hiar-bhunscoileanna sna comhthéacsanna seo an dea-obair a rinneadh le linn na tréimhse réamhscolaíochta agus bunscolaíochta, a láidriú ná a bhuanú (Williams, 2000).

Tugtar suntas ar leith, áfach, do ghníomhaíochtaí éagsúla dírithe ar chur chun cinn teangacha mionlaigh agus teangacha dúchasacha laistigh de chomhthéacs an oideachais. Is comhthéacsanna iad seo a bhfuil cosúlachtaí eatarthu agus an t-oideachas Gaeltachta agus ábhartha dá réir don taighde seo.

Ulibarri i dTír na mBascach

Múnla amháin ar tarraingíodh aird air roimhe seo maidir lena fheiliúnacht do chomhthéacs oideachais na Gaeltachta (Ó Duibhir et al., 2015) is ea clár an Ulibarri i dTír na Bascach. Is plean teanga deartha do scoileanna atá sa chlár a thagann faoi scáth na roinne oideachais i dTír na mBascach agus tá sé mar aidhm aige an Bhascais a athbheochan sna scoileanna. Cé go mbíonn ar na scoileanna agus ar choiste na scoileanna plean teanga a chur le chéile agus a riaradh, bíonn tacaíocht agus oiliúint ar fáil ó eagraíochtaí éagsúla, an roinn oideachais ina measc (Aldekoa agus Gardner, 2002).

Cuimsítear rannpháirtithe éagsúla sa chlár féin: ceannaire an chlár (fostaithe ag an roinn oideachais); an comhordaitheoir oifigiúil; oifigh forbartha a bhfuil ceantair faoina leith faoina gcúram bainteach leis an gclár Ulibarri; comhairleoirí; ceannairí na dtionscadal sna scoileanna, ar múinteoirí iad go hiondúil; coistí na scoileanna; múinteoirí scoileanna eile a thagann faoi scáth na scéime céanna (Aldekoa agus Gardner, 2002)

Dar le Ó Duibhir et al. (2015) go bhféadfaí freisin ról a bhronnadh ar thuismitheoirí agus ar dhaltaí sinsearach na scoile i gcur i bhfeidhm an tionscadail (Ó Duibhir et al., 2015). Tugtar faoi deara go bhfuil cosúlachtaí ar leith idir struchtúr agus riaradh clár an Ulibarri agus an próiseas pleanála teanga áitiúil atá i bhfeidhm i láthair na huairé sna ceantair Ghaeltachta, próiseas ina raibh roinnt daltaí d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta páirteach ann. Bheadh deis i gclár den chineál seo cur chuige rannpháirteach a chur chun cinn a cheadódh do dhaltaí, do thuismitheoirí agus do bhaill an phobail úinéireacht a bheith acu ar ábhar an chlár agus é a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla an cheantair sin.

An Tumoideachas sa Nua Shéalainn

Córas eile atá ábhartha agus an t-oideachas Gaeltachta nó an t-oideachas dátheangach don chainteoir dúchais faoi chaibidil is ea soláthar tumoideachais Māori na Nua Shéalainne. Bunaítear Kura Kaupapa Māori ar shé bhunphrionsabal Māori (<http://www.runanga.co.nz/about-us>):

- Te Ira Tangata: cur chuige uilíoch dalta lárnach a dhíríonn ar oideachas fisiciúil agus spioradálta
- Te Reo: Is í Māori príomhtheanga an teagaisc
- Nga Iwi: Tá timpeallacht an oideachais faoi chúram an whānau (muintir an phobail lena n-áirítear, go háirithe, an teaghlach agus daoine muinteartha sa phobal) agus luach ard ar oidhreacht chultúrtha
- Te Ao: Tá saibhreas eolais Māori ar an dúlra mar chuid lárnach den fhoghlaím
- Ahuatanga Ako: Is éispéiris shona, spreagúla agus spioradálta an fhoghlaím agus an teagaisc
- Te Tino Uaratanga: Ní mór do chéimithe ardchaighdeán a bhaint amach ina gcuid buanna aonair agus forbairt a dhéanamh ar a dtuiscint spioradálta, shóisialta agus mhothálacha

Níor mhiste a lua mar is iondúil i bhformhór na gcomhthéacsanna tumoideachais go dtagann briseadh sa leanúnachas ag an iar-bhunleibhéal sa tumoideachas Māori, gné a chuireann úsáid na teanga sa phobal agus ról na teanga i réimsíní leithne den tsochaí mbaol (May & Hill, 2005).

Tá buanna ar leith san oideachas Māori agus an t-oideachas Gaeltachta faoi chaibidil. Is cuid lárnach den chomhthéacs oideachais Māori an freastal a dhéantar, ní hamháin ar an teanga Māori, ach freisin ar an gcultúr as a n-eascraíonn an teanga sin. D'fhonn na spriocanna sin a bhaint amach, ní mór brath ar an bpobal Māori, treibheanna ina measc, chun an t-eolas atá acu féin a roinnt (Tomlins Jahnke, 2013: 146). Cothaíonn sé seo freagracht i leith an cheantair agus i leith an traidisiúin i gcoitinne. Ceadaíonn sé freisin don phobal Māori a riachtanais teanga agus oideachais féin a chur chun tosaigh mar sprioc sa chóras oideachais áitiúil. Is bua ar leith é seo atá ag an gcóras oideachais Māori, bua a rachadh chun leasa an chórais oideachais Ghaeltachta chomh maith céanna. Tá ardú tagtha ar líon na gcúntóirí teanga atá i mbun oibre in iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Tá cosúlachtaí áirithe idir Scéim na gCúntóirí Teanga agus an cur chuige oideachais mar atá san oideachas Māori agus baill den phobal Māori rannpháirteach sa seachadadh oideachais. Ní fios fós cén ról a bheidh ag na cúntóirí teanga sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta ach cinnte tá ceachtanna le foghlaim ó na comhthéacsanna idirnáisiúnta maidir le ról an phobail sa chóras oideachais agus is cleachtais iad arbh fhiú a chur san áireamh agus Clár Idirbhliana do dhaoine óga na Gaeltachta á dhearadh.

Is craobhacha den phleanáil teanga na hidirghabhálacha sin luaite. Níor mhiste anois sula mbreathnaítear go sonrach ar chomhthéacs oideachais an ábhair faoi chaibidil, is é sin Clár na hIdirbhliana, súil a chaitheamh i dtús báire ar an gcaidreamh idir an phleanáil teanga áitiúil agus óige na Gaeltachta.

Óige na Gaeltachta agus an Phleanáil Teanga

Tá athruithe suntasacha ag titim amach sa Ghaeltacht le blianta beaga anuas. Faoi scáth Acht na Gaeltachta 2012, tá de dhualgas ar phobail na Gaeltachta a bpleananna teanga féin a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm d'fhonn tacú le húsáid agus le cothú na Gaeilge mar theanga phobail. Cé go gcáinte an cur chuige seo toisc ualach an chaomhnaithe á leagan ar an bpobal agus líon fíoríseal acmhainní a mbronnadh orthu chuige sin, aithnítear gur deis mar sin féin atá sa phleanáil teanga áitiúil riachtanais an phobail ó thaobh úsáid na Gaeilge de a aithint agus cleachtais a dhearadh agus struchtúir a éileamh a dhéanfadh freastal éifeachtach ar na sainriachtanais sin. Go nuige seo, tá plean teanga ceadaithe ag an Roinn Cúlúir, Oidhreacht agus Gaeltachta do 14 as na 26 ceantar pleanála teanga. Árndóigh cuimsíonn na Limistéir Phleanála Teanga nua-dheartha seo meascán de na Catagóirí A, B agus C a bhí in úsáid go dtí seo agus bisiúlacht na Gaeltachta ó thaobh chainteoirí laethúla Gaeilge á plé (Mac Donnacha et al., 2004; Ó Giollagáin et al., 2007). Tá a ndúshlán le tabhairt anois ag na ceantair éagsúla Ghaeltachta agus iad ag iarraidh freastal ar phobal ina bhfuil próifíl éagsúil úsáid agus cumais teanga. Níor mhiste a lua, go bhfuil scoileanna na Gaeltachta iad féin ag streachailt leis an dúshlán seo le fada.

Tugtar aird ar leith ar riachtanais óige na Gaeltachta sna pleananna seo mar aon leis an ról atá acu féin i gcomhlíonadh spriocanna na bpleananna sin. De bharr líon ard na bpleananna teanga agus an comhdhéanamh leathan teanga agus daonra lena mbaineann siad ní oireann sé don taighde seo domhainanailís a dhéanamh. Níor mhiste mar sin féin súil a chaitheamh ar an bhfreastal a dhéantar ar óige na Gaeltachta i dtír cinn de na pleananna seo. Meabhraítear don léitheoir go n-áirítear coiste pleanála teanga i measc rannpháirtithe an taighde agus déantar scagadh ar thaithí an choiste sin ar ábhar an taighde seo sa cheathrú caibidil.

An Óige i bPleananna Teanga na Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta

Ach an oiread leis na hiar-bhunscoileanna atá faoi chaibidil sa taighde seo, braitheann spriocanna na bpleananna ar an gcomhdhéanamh teanga agus daonra a thagann faoi scáth an Limistéir. Díreann anseo ar thrí phlean teanga.

Déantar cur síos sna pleananna teanga ar an tacaíocht reatha a thugtar do dhaoine óga sna ceantair Ghaeltachta mar clubanna óige, cumainn ceoil agus drámaíochta, cumainn spórt, rannpháirtíocht i gcomórtais Ghaelacha agus ár ndóigh na scoileanna iad féin. Tugtar aitheantas freisin do Scéim na gCúntóirí Teanga agus an tacaíocht bhreise a thugann an Scéim sin do chainteoirí dúchais agus d'fhoghlaimoirí óga na Gaeltachta. Níor mhiste a lua anseo, áfach, gur Scéim í seo atá lonnaithe agus á feidhmiú sa scoil agus an-tairbhe ag baint léi laistigh den chomhthéacs sin. Is beag tionchar mar sin féin atá ag an Scéim chéanna ar úsáid na Gaeilge sa phobal féin (Ó Duibhir, Ní Thuairisg, Ó Ciardúbháin, Ó Floinn & Uí Laighléis, 2018). Tugtar suntas i roinnt de na pleananna d'imeachtaí áitiúla atá tairbhiúil don óige mar atá rannpháirtíocht daoine óga in imeachtaí na gcoláistí Samhraidh.

Tagraítear i bPlean Teanga Chois Fharraige do Pholasáí Cosanta atá in easnamh in imeachtaí atá dírithe ar an Óige, cur chuige aontaithe ag coistí clubanna óige “maidir le Gaeilge a choinneáil chun cinn agus a chosaint mar an t-aon teanga chumarsáide i ngnáthimeachtaí an Chlub” (Fóram Chois Fharraige um Phleanáil Teanga, 2017: 34) agus tionchar ag easpa oiliúna na gceannairí óige sa Pholasáir rath na n-imeachtaí. Ábhar suntais don tionscadal faoi chaibidil go luaitear nach bhfuil “daoine óga lárnach sna próisis ina reáchtáiltear saol an phobail agus ina ndéantar cinntí i ngnóthaí pobail”. Sa chás, mar atá molta i dTeacht in Inmhe go mbeifí ag iarraidh tréithe ceannaireachta daoine óga na Gaeltachta a chothú, ba ghá go mbeadh an rannpháirtíocht sin á bronnadh orthu. Cuirtear an rannpháirtíocht agus guth an dalta chun cinn go mór i gClár na hIdirbhliana agus deis ansin an bhearna a líonadh, cé nach mór a lua gur scil inaistrithe an cheannaireacht nach mór a chur chun cinn i ngach gné de shaol an duine óig.

Maidir leis na moltaí dhéantar sna pleananna i dtaobh threisiú na Gaeilge agus úsáid na Gaeilge i measc óige na Gaeltachta, tugtar faoi deara go moltar den chuid is mó cur le líon na ngníomhaíochtaí reatha dírithe ar an aos óg ina bhféadfaidís an Ghaeilge a úsáid go sóisialta lena chéile. Ardaítear an cheist, áfach, mura bhfuil an Ghaeilge in úsáid ina measc faoi láthair agus iad i mbun na ngníomhaíochtaí sin, an é seo an straitéis is oiriúnaí d'fhonn an úsáid a chur chun cinn? É sin ráite, tugtar suntas faoi leith do na moltaí atá déanta maidir le líon na n-imeachtaí sainspéise do dhaoine óige a ardú.

Aithnítear sna pleananna teanga go bhfuil ról lárnach ag contanam iomlán an oideachais i gcothú na Gaeilge mar theanga chumarsáide i measc óige na Gaeltachta. Ainneoin an chur chuige choimhtháite atá molta sna pleananna a rinneadh anailís orthu, is beag beart atá luaite ina bhfeictear comhoibriú idir na scoileanna agus eagrais a bhfuil cúramaí bainteach leis an óige orthu ar mhaithe le sprioc chomónta a bhaint amach. Níor mhiste a lua go bhfuil sé mar sprioc ag Plean Teanga Chois Fharraige “Mic léinn iarbhunscoile 16 bli+ agus Ollscoile a chumasú le feidhmiú mar chinnirí in ógclubanna” cé nach sainítear ról na hiar-bhunscoile sa phróiseas seo.

Moltar na spriocanna atá luaite le hóige na Gaeltachta sna pleananna teanga agus na gníomhaíochtaí bainteach leo, cé go bhféadfaí ról institiúidí oideachais sa phróiseas comhtháite pleanála teanga a shoiléiriú agus go deimhin a dhaingniú.

An Phleanáil Teanga san Oideachas Gaeltachta

Tá rian na pleanála teanga le sonrú ar an oideachas Gaeltachta i gcoitinne, go háirithe le blianta beag anuas. San Acht Oideachais 1998, tugtar aitheantas don ról atá ag scoileanna Gaeltachta “cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail”, (9h Acht Oideachais 1998). Daingnítear ról lárnach an oideachais Ghaeltachta sa phleanáil teanga i gceantair Ghaeltachta sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017 – 2022 (an Polasaí feasta):

Aithníonn an Polasaí don Oideachas Gaeltachta uathúlacht na Gaeltachta mar limistéar a bhfuil tábhacht shuntasach teangeolaíochta, chultúrtha agus eacnamaíoch leis. Is acmhainn í nach bhféadfaí a fháil ar ais do chainteoirí agus foghlaimoirí Gaeilge. Athdhearbhaíonn Polasaí na Roinne tiomantas an Rialtais d’athghiniúint agus marthanacht na Gaeltachta mar eintiteas inmharthana le Gaeilge (ROS, 2016: 10)

I mí Meán Fómhair 2018, cuireadh tús leis an gcéad chéim de chur i bhfeidhm an Pholasaítar éis do scoileanna clárú don scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta. Cuirfear pleananna gníomhaíochta na scoileanna, a dearadh faoi scáth na Scéime sin, i bhfeidhm ag tús na scoilbhliana. Le linn do na scoileanna seo a bheith ag dul i ngleic le critéir éagsúla na bpleananna gníomhaíochta agus ar ndóigh leis na critéir bainteach leis an Scéim Aitheantais féin, tá deis acu tarraingt ar thacaíocht atá curtha ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chuige sin, ina measc:

- Uaireanta Tacaíochta Teanga a bheidh ar fáil do bhunscoileanna agus d’iar-bhunscoileanna na Gaeltachta d’fhonn tacaíocht bhreise a thabhairt do na scoileanna leis an nGaeilge a threisiú mar theanga fheidhmiúil na scoile
- Sainchomhairle ó COGG agus beirt chomhairleoirí i mbun oibre go lánaimseartha agus tacaíocht do scoileanna maidir le cur i bhfeidhm an Pholasaí mar chúram orthu
- Acmhainní breise ar luach curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus €1200 de dheontas bronnta ag an ROS chuige seo
- Scéim na gCúntóirí Teanga agus ardú sa líon cúntóirí teanga atá á gcur ar fáil do scoileanna na Gaeltachta a thagann faoin Scéim Aitheantais

Tuigtear mar sin gur tréimhse chinniúnach í seo don oideachas Gaeltachta. Aithnítear an t-oideachas Gaeltachta mar chomhthéacs ar leith teanga agus oideachais agus polasaí cruthaithe a bhfuil mar sprioc aige “a chinntiú go bhfuil eispéireas oideachais ardchaighdeán agus ábhartha trí mheán na Gaeilge ar fáil do na daoine óga uile atá ina gcónaí i limistéar Gaeltachta agus [...] tacú le húsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga na dteaghlach agus na bpobal Gaeltachta” (ROS, 2016: 7). Tuigtear go bhfuil 70% de bhunscoileanna agus 97% d’iar-bhunscoileanna na Gaeltachta cláraithe leis an Scéim Aitheantais agus cinnte is léiriú é an rannpháirtíocht seo ar thiomantas na scoileanna sin do chur chuige úr comhordaithe agus do chur chun cinn an oideachais Ghaeltachta i gcoitinne. Díol suime agus an taighde seo idir lámha go luaitear an Idirbhliain go sonrach sa pholasaí agus an é rianaithe ann go bhfuil sé “de chumas ag

gearrchúrsaí ... san Idirbhliain feabhas a chur ar thuiscint agus meas na scoláirí i scoileanna Gaeltachta ar chomhthéacs theanga, chultúr agus stair na Gaeltachta” (ROS, 2016: 33).

Dírítear anois ar Chlár na hIdirbhliana agus ar na deiseanna atá ann freastal ar na spriocanna a bheadh i gceist le clár mar Teachta in Inmhe in iar-bhunscoileanna Gaeltachta.

An Idirbhliain san Oideachas in Éirinn

Tá trí chuid sa tsraith shinsearach den oideachas iar-bhunscoile i bPoblacht na hÉireann: an chéad go dtí an tríú bliain tráth go dtugtar faoin Teastas Sóisearach; an cúigiú agus an séú bliain a thagann chu n críche nuair a thugtar faoin Ardteistiméireacht. Idir eatarthu seo tá an ceathrú bliain nó an Idirbhliain. Aithnítear an Idirbhliain mar an chéad bhliain fhoirmiúil den tsraith shinsearach san iar-bhunscoil cé go mbreathnaítear ar an mbliain go minic mar bhliain ‘amach’ ón ngnáthchóras agus cur chuige scolaíochta (Clerkin, 2013: 197). Is clár bliana atá san Idirbhliain mar sin a shamhlaítear mar dhroichead idir an tsraith shóisearach agus an tsraith shinsearach.

De réir na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (an Roinn Oideachais agus Scileanna mar atá anois) is é misean na hIdirbhliana forbairt phearsanta, shóisialta, oideachais agus gairme an dalta a chur chun cinn agus iad a ullmhú le bheith ina mbaill uathrialaitheach, freagrach agus rannpháirteach den tsochaí. Glactar go bhfuil aidhmeanna comónta agus comhtháite ag baint le gach Clár Idirbhliana a bheadh á sheachadadh i scoileanna na tíre: oideachas i gcomhair aibíochta agus béim ar leith á leagan ar fhorbairt phearsanta, feacht agus cumas sóisialta; cur chun cinn scileanna acadúla agus teicniúla agus béim ar leith á leagan ar an bhfoghlaim idirdhisciplíneach agus féin-treoraithe; oideachas tríd an taithí mar dhuine fásta ar an obair agus sin mar bhunús don fhorbairt phearsanta agus don aibíocht.

Cé nach mór do gach scoil a chuireann Clár Idirbhliana ar fáil cloígh leis na rialacháin thuas is faoi gach scoil atá sé a gClár féin agus cuspóirí an Chláir a dhearadh agus gníomhaíochtaí oiriúnacha chuige sin a aontú. I measc na gcuspóirí atá luaite i dtreoiríní na Roinne Oideachais, cuireann príomhoidí iar-bhunscoileanna ina bhfuil an Clár á sholáthar béim ar chuspóirí gaolmhara, ina measc: cothú féin-mhuinín agus aibíocht na ndaltaí; cur chuige uileghabhálach den oideachas a chur chun cinn; éascú a dhéanamh ar an bhfoghlaim féin-stiúrtha agus ar an staidéar neamhspleách; feacht ar dheiseanna gairmiúla a chothú agus a chur chun cinn (Smyth, Byrne agus Hannan (2004). Pléifear ábhar an chláir níos faide anonn.

Soláthar an chláir Idirbhliana

Cé go bhfuil an Idirbhliain á tairiscint i bhformhór na n-iarbhunscoileanna in Éirinn, ní cuid éigeantach den tsraith shinsearach í agus cinneann scoileanna gan an bhliain a sholáthar ar chúiseanna éagsúla. As na scoileanna nach gcuireann an Clár ar fáil, tuigtear gur scoileanna beaga (níos lú ná 200 dalta) a bhformhór agus scoileanna sin suite san iarthar, i lártíre agus san iarthuaisceart (Clerkin, 2012; Smyth et al., 2004). Ar ndóigh, tagann seo le suíomh tíreolaíoch fhormhór na scoileanna Gaeltachta. Fachtóir eile a imríonn tionchar ar sholáthar an chláir stádas socheacnamaíoch na scoile agus leibhéal níos ísle soláthair i measc scoileanna atá lonnaithe i nó ag freastal ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste. Údar eile leis an titim sa soláthar sa ghrúpa socheacnamaíoch seo an fonn a bheadh ar dhaltaí an scoil a fhágáil níos luaithe agus an Idirbhliain ag seasamh sa bhealach air seo. Áirítear roinnt iar-bhunscoileanna

Gaeltachta i measc scoileanna a bhfuil stádas DEIS acu agus ní mór an tionchar a bheadh aige seo ar sholáthar an chlár sna ceantair sin a chur san áireamh agus plé ar chlár Idirbhliana do scoileanna Gaeltachta faoi chaibidil.

I measc na gcúiseanna eile a bhíonn ag scoileanna gan an Clár a chur ar fáil tá: easpa éilimh i measc daltaí; méid bheag na scoile; easpa acmhainní agus spáis; imní maidir le leibhéal íseal suime i measc na foirne agus an tionchar a bheadh aige seo ar inmhathasacht an chlár; trasnaíl idir Clár na hIdirbhliana agus clár na hArdteistiméireachta Feidhmí (Smyth et al., 2004). Pléifear ceist an tsoláthair sa Ghaeltacht agus tionchar athróga éagsúla air tráth go mbeidh taithí agus tuairimí na bpríomhoidí á meas níos faide anonn sa tuairisc.

Dar leis an gComhairle Náisiúnta um Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) go bhfuil an Clár á thairiscint ag 75% de scoileanna na tíre cé go ndeir Clerkin (2018) go seasann an figiúr anois ag 89%. As na scoileanna sin a chuireann an Clár ar fáil, tugtar rogha do dhaltaí bhformhór na scoileanna tabhairt faoi nó leanúint ar aghaidh chuig an gcúigiú bliain (Jeffers, 2011; Smyth et al., 2004), agus roghnaíonn thart ar 65% de dhaltaí tabhairt faoin gClár (Clerkin, 2012). Go minic baineann cúiseanna fíorphraiticiúla leis seo toisc nach mbeadh sé d'acmhainn go háirithe ag scoileanna beaga freastal ar an dá rogha. Tagraíonn Smyth et al. (2004) do thaithí comhordaitheoirí Idirbhliana ar an gceist seo agus an tionchar diúltach a bhíonn ag an easpa rogha ar rath an chlár i gcoitinne:

That means that people who have no interest in school and, to put it politely, are not academic and couldn't care less, are held back for another year in the school. These are the kind of people that cause difficulties to the rest (Smyth et al., 2004: 28)

Mar a thabharfar faoi deara sa taighde seo, áfach, is ann do roinnt scoileanna, scoileanna Gaeltachta san áireamh, a chuireann an Clár ar fáil agus a chineann gan rogha a thabhairt do dhaltaí tabhairt faoi. Déanann na scoileanna seo ar chúiseanna éagsúla a phléifear níos faide anonn.

Ábhar an chlár Idirbhliana

Léiríonn an taighde go gcuireann gach scoil ina bhfuil an Clár Idirbhliana ábhar amháin ar a laghad ar fáil de na croí-ábhair, Gaeilge, Béarla agus Mata agus iliomad cúiseanna leis seo: moltar go leanfaí leis na croí-ábhair sin i dtreoirínte na Roinne Oideachais; teastaíonn ó phríomhoidí agus múinteoirí go mbeadh leanúnachas sa staidéar le linn na sraithe sinsearaí; tá tacaíocht na dtuismitheoirí ag brath ar chlúdach na n-ábhar seo mar chuid de chlár na hIdirbhliana (Smyth et al., 2004). I measc na n-ábhar eile a chuirtear ar fáil, tá teangacha iasachta, stair, tíreolaíocht agus eacnamaíocht bhaile.

Lasmuigh den chúram nach mór a dhéanamh de chroí-ábhair curaclaim, is faoi gach scoil atá sé a gcuraclam féin a roghnú agus a chur in oiriúint do riachtanais na ndaltaí agus na scoile. Molann an Roinn Oideachais go gcuirfí taithí agus tuairimí pháirtithe éagsúla leasmhara san áireamh agus ábhar an chlár á roghnú, ina measc tuismitheoirí, soláthróirí oibre agus an pobal i gcoitinne. Ainneoin gur mhol an Roinn Oideachais (1993) go mbeadh ról ag tuismitheoirí mar pháirtnéirí oideachais sa chlár Idirbhliana, dar le Jeffers (2011) go bhfuil an t-eolas atá ag tuismitheoirí i dtaobh an chlár teoranta agus go bhfáilteoidís roimh an deis breis eolais a fháil ina thaobh (Jeffers, 2011: 9). Pléifear tuairimí

thuismitheoirí na Gaeltachta agus an chaoi a n-iomlánaítear na tuairimísín i bpróiseas deartha na hIdirbhliana níos faide anonn sa tuairisc.

Cé go moltar go bhféadfadh go mbeadh gníomhaíochtaí na hIdirbhliana deartha sa tslí is go mbeidís mar thaca do chlár na hArdteistiméireachta, cé nach mbeadh ábhar an chlár sin á chlúdach, molann an Roinn Oideachais go láidir go ndéanfaí idirdhealú soiléir idir ábhar léinn na bliana sin agus ábhar curaclaim na hArdteistiméireachta:

A Transition Year programme is NOT part of the Leaving Certificate programme, and should NOT be seen as an opportunity for spending three years rather than two studying Leaving Certificate material (an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 1993)

Dar le daltaí gur buntáiste shuntasach de chuid na hIdirbhliana an easpa aird ar scrúduithe, tréith atá fréamhaithe go lárnach i mórán gach gné eile den iar-bhunscolaíocht in Éirinn i láthair na huaire. Cinnte, tacaíonn na daltaí a ghlac páirt sa taighde seo leis an dearcadh sin agus déanfar scagadh ar na tuairimísín níos faide anonn agus torthaí an taighde á scagadh. Is deis í an Idirbhliain leanúint lena gcuid léinn ar chroí-ábhair an churaclaim ach blas a fháil ar mhodhanna éagsúla foghlama agus measúnóireachta nach bhfuil á gcleachtadh sna blianta eile den tsraith shinsearach (Smyth et al., 2004). Mar sin féin, ní leantar an treoir seo i gcónaí de bharr an brú a bhíonn ar mhúinteoirí agus ar scoileanna an teagasc a dhíriú ar scrúduithe an stáit:

A noticeable trend with such teachers is for them to link their teaching in TY with the two year LC course that will follow. A result can be that students and parents then perceive parts of TY as within a 'three-year LC' (Jeffers: 2011: 8).

Gné lárnach den chlár Idirbhliana an blaiseadh a dhéantar ar ábhair éagsúla nó “*subject sampling*” tráth go mbaineann daltaí triail as ábhar eile lasmuigh de na hábhair churaclaim sin luaite mar fealsúnacht nó teanga iasachta (Clerkin, 2018; Smyth et al., 2004). I dtaca leis na hábhair acadúla, bíonn deis ag scoileanna modúil a dhearadh agus a sholáthar mar chuid den chlár Idirbhliana agus is iondúil go mbraitheann ábhar na modúl seo ar an inniúlacht atá i measc fhoireann na scoile maidir le réimsí spéise ar leith. Déanann Jeffers (2015) cur síos ar raon leathan de na modúil seo atá á soláthar mar chuid de chlár Idirbhliana ar fud na tíre, ina measc cúrsaí spóirt, meabhairshláinte, teicneolaíochta, drámaíocht, tionscadail phobail, cúrsaí gnó agus fiontraíochta agus réimsí eile nach iad. Is laistigh den mhúnla seo a luífeadh Teachta in Imhe, is é sin modúl amháin nó sraith modúl a chuirtear ar fáil mar chuid de chlár na hIdirbhliana.

Taithí Oibre san Idirbhliain

Is cuid lárnach de chlár na hIdirbhliana an taithí oibre a dhéanann daltaí agus tagann sé seo leis an mbéim ghinearálta a leagtar ar eispéiris na ndaltaí lasmuigh de thimpeallacht na scoile (Clerkin, 2018). Cuireann 97% de scoileanna taithí oibre ar fáil mar chuid den chlár agus is iondúil go gcaitear idir cúig agus cúig lá dhéag ina bhun (Smyth et al., 2004). Tá sé mar aidhm ag ngné seo den chlár taithí a thabhairt do dhaltaí ar thimpeallachtaí éagsúla ag súil go gcuirfeadh sé lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta, lena bhfeasacht shóisialta agus freisin go mbeadh an tréimhse mar thaca dóibh agus iad ag lorg oibre níos deireanaí ina saol (Jeffers, 2015).

Is iomaí éagsúlacht maidir le heagrú agus riaradh na gné seo den chlár Idirbhliana. Cé go mbíonn tacaíocht ar fáil ó chomhordaitheoir an chlár, i bhformhór na gcásanna, is iad na daltaí iad féin a aimsíonn na hionaid ina mbeidh siad ag obair. Tá dhá chineál taithí oibre i gceist sa chlár: sa chéad chur chuige, baineann daltaí triail as obair a bhfuil spéis acu inti mar shlí bheatha, nó “*career sampling*”. Is mó cosúil le hobair pháirtama an dara múnla tráth go dtugann an dalta faoin taithí oibre ach ní gá mbeadh suim níos leithne aige nó aici sa ghairm sin (Smyth et al., 2004). Ar an iomlán is eilimint den chlár an taithí oibre a thaitníonn leis na daltaí agus a bhfuil tionchar dearfach aige orthu (Jeffers, 2015; Smyth et al., 2004).

Níor mhiste a lua, de bharr easpa taighde ar an gClár i gcoitinne agus freisin de bharr éagsúlachtaí sa chur chuige a bhíonn ag scoileanna leis an ngné áirithe seo go bhfuil gá le breis taighde ar chur i bhfeidhm agus ar thionchar taithí oibre ar dhaltá na hIdirbhliana (Clerkin, 2018; Smyth et al., 2004).

Tugann Jeffers (2011) *domestication* ar an deis a bhíonn ag scoileanna an Clár Idirbhliana a chur in oiriúint dá dtosaíochtaí agus cleachtais reatha agus roinnt gnéithe den chlár á bhfágáil ar lár ó tharla nach bhfeileann siad do comhthéacs reatha feidhme na scoile. Is léargas é seo ar an tsaoirse atá ag scoileanna leas a bhaint as an gClár Idirbhliana d’fhonn freastal ar a gcuid riachtanas áitiúil, deis nach mbíonn le feiceáil go minic agus soláthar an oideachais faoi chaibidil toisc síorchoimhlint le sonrú i gcomhthéacsanna oideachais idir tosaíochtaí áitiúla an phobail oideachais agus tosaíochtaí náisiúnta, nó domhanda an chórais (Sugrue, 2002). Tá sé seo tugtha faoi deara ag Ó Giollagáin et al. (2007) agus tosaíochtaí teanga agus eile an duine óig faoi chaibidil. Is bua ar leith an tsaoirse seo sa chás go mbeadh ábhar Idirbhliana á dheardh don scoil Ghaeltachta toisc go bhfuil an t-oideachas Gaeltachta fréamhaithe chomh daingean sin i gcomhthéacs saineil teanga, sóisialta agus cultúir na gceantar sin.

Conclúid

Tugadh léargas sa chuid seo den tuairisc ar an litríocht bainteach le téamaí ábhartha an taighde idir lámha. Is iomaí craobh a bhaineann leis an taighde Gaeltachta agus cuirtear leis na craobhacha sin arís agus an t-oideachas Gaeltachta faoi chaibidil. Tá an choimpléascacht sin le sonrú freisin sa duine óg féin agus an caidreamh atá aige / aici leis an teanga mhionlaigh. Maidir le daoine óga na Gaeltachta, tá súil láidir acu go mbeidh an Ghaeilge in úsáid acu mar theanga chumarsáide amach anseo. É sin ráite, tá dúshlán le tabhairt acu agus iad ag ullmhú don saol seo sa mhéid is go bhfuil leibhéal fíoriseal úsáide ina measc i láthair na huaire agus buntáiste an Bhéarla le sonrú go láidir ar a gcumas dátheangach.

Anois agus iar-bhunscoileanna na Gaeltachta i mbun athbhreithnithe ar a gcleachtas agus ag pleanáil don Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tá deis breathnú ar na féidearthachtaí atá sa Pholasaí sin freagairt dá dtosaíochtaí. Tá sé léirithe san athbhreithniú seo go bhfuil deiseanna láidre sa chlár Idirbhliana de bharr an tsolúbthachta a bhaineann leis agus an tsaoirse a bhronntar ar scoileanna i ndearadh agus seachadadh an chlár sin. Is chuige sin an tionscadal idir lámha agus tugtar aghaidh sa chéad chaibidil eile ar mhodheolaíochtaí an taighde sin.

Modheolaíocht

Bhaineamar úsáid as modheolaíocht mheasctha sa taighde seo chun dul chomh domhain agus is féidir san iniúchadh agus chun anailís chuimsitheach a dhéanamh (Creswell, 2009). Chuige sin, bhaineamar úsáid as modh cainníochtúil (ceistneoir na ndaltaí) agus modh cáilíochtúil (agallamh agus grúpaí fócais).

Cuimsíodh ceithre ghrúpa rannpháirtithe sa tionscadal taighde seo: daltaí idirbhliana agus a dtuismitheoirí; múinteoirí agus príomhoidí iar-bhunscoileanna Gaeltachta; páirtithe leasmhara a bhfuil ról acu san oideachas Gaeltachta, san obair óige Gaeltachta nó i ngnéithe éagsúla den fhorbairt phobail agus den phleanáil teanga áitiúil. Bailíodh tuairimí agus taithí na múinteoirí agus na bpríomhoidí trí agallaimh ghrúpa agus agallaimh aonair; bailíodh tuairimí agus taithí na ndaltaí trí cheistneoir agus grúpaí fócais; bailíodh tuairimí na dtuismitheoirí trí ghrúpaí fócais; agus bailíodh tuairimí na bpáirtithe leasmhara trí agallaimh aonair agus agallaimh ghrúpa. Tugtar cuntas anseo ar na rannpháirtithe sin agus an t-ionchur a bhí acu sa tionscadal faoi chaibidil.

Bhí 28 iar-bhunscoil cláraithe leis an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta agus an taighde seo ar bun. Tugadh cuireadh de 17 díobh seo³ a bheith páirteach sa tionscadal reatha taighde. Bunaítear torthaí an taighde seo ar an 8 scoil a bhí toilteanach sin a dhéanamh.

An Léirbhreithniú Litríochta

Agus an litríocht ábhartha á scagadh againn don athbhreithniú dhírigh muid isteach ar na téarmaí tagartha bainteach leis an tionscadal comhairleoireachta seo don chlár Idirbhliana Teachta in Inmhe agus aird ar leith á tabhairt ar chomhthéacsanna teangacha mionlaigh agus ról an duine óig, is é sin an déagóir sa chomhthéacs sin.

Ar an gcéad dul síos dhírigh muid ar an litríocht náisiúnta ar an nGaeltacht, go háirithe de réir mar a bhain sé le húsáid agus cumas teanga i measc daoine óga na Gaeltachta agus na cúlraí teanga lena mbaineann siad. Bhain an cuardach seo freisin leis an oideachas Gaeltachta go háirithe tionchar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ar chóras oideachais reatha na Gaeltachta. Ansin rinne muid iniúchadh ar chomhthéacsanna idirnáisiúnta teangacha mionlaigh ag díriú go sonrach ar ról an oideachais sna comhthéacsanna sin agus ar chaidreamh an duine óig leis an teanga dá réir. Ceangailte leis an gcuardach sin bhí saincheist na féiniúlachta agus an caidreamh idir sin agus an teanga mhionlaigh a bhí i gceist. Ar deireadh rinne muid athbhreithniú ar an gcuid sin den litríocht ina bhfuil trácht agus cur síos tugtha ar chlár na hIdirbhliana in Éirinn lena n-áirítear sprioc, feidhm agus riar an chlár.

Rinneadh cuardach córasach ar an litríocht idirnáisiúnta trí ineall cuardaigh leabharlann na hOllscoile (DCU) <http://dcu.summon.serialssolutions.com>. Is iad na téarmaí cuardaigh a roghnaíodh ná:

- "language identity*" AND (adolescent OR teenager) AND "secondary school".
- "language identity*" AND (adolescent OR teenager) AND "minority language".

³ Bhí tús curtha leis an taighde seo sular aimníodh na scoileanna atá páirteach sa Scéim mar sin bunaíodh an sampla ar líon na n-iarbhunscoileanna a bhí lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, de réir na Roinne Oideachais agus Scileanna i 2018.

- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “education”.
- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “social network”.
- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “secondary school”.
- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “post-primary school”.
- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “high school”.
- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “post-primary school”.
- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “attitude”.
- “Minority language*” AND (adolescent OR teenager) AND “perspective”.

Ní réimse léinn an fhéiniúlacht teanga i gcás theangacha mionlaigh a bhfuil an-fhorbairt uirthi go fóill, go háirithe maidir le cainteoirí óga na dteangacha sin. Dá bhrí sin ba bheag toradh a bhí leis an gcuardach. Cé go bhfuair muid idir 60 agus 70 alt mar thoradh ar na cuardaigh sin, tar éis critéir níos cuinge a chur i bhfeidhm agus achoimrí go leor alt a scagadh, fuarthas cúig alt a bhí ábhartha do na ceisteanna taighde. Anuas ar na hailt seo tharraingíomar ar fhoinsí a bhí ar eolas againn cheana féin agus ar thuarascálacha rialtais chun go bhféadfaí tuairisciú cuimsitheach a dhéanamh ar an oideachas Gaeltachta agus Clár na hIdirbhliana in Éirinn agus a macasamhail thar lear.

Ceistneoir na nDaltaí idirbhliana

Bunaítear torthaí an taighde seo ar iar-bhunscoileanna Gaeltachta ina raibh an teagasc ar bun go hiomlán trí mheán na Gaeilge agus ina raibh Clár Idirbhliana á sholáthar. D’fhág sé sin go raibh sampla de 17 scoil a bhí oiriúnach don sampla agus 471 dalta a raibh an idirbhliain déanta acu sa scoilbhliain 2017 – 2018. Is iad sin an sampla a bhí againn do cheistneoir na ndaltaí.

De bhrí gur daltaí faoi bhun ocht mbliana déag iad daltaí na hIdirbhliana, bhí cead tuismitheora / caomhnóra de dhíth d’fhonn daltaí a earcú don taighde. Rinneadh seo le comhoibriú phríomhoidí na n-iar-bhunscoileanna trí phacáiste a sheoladh chuig na scoileanna ina raibh litreacha eolais agus foirmeacha toilithe do thuismitheoirí. Bhí na foirmeacha seo le líonadh agus le seoladh ar ais chun na scoile tráth go mbaileodh an príomhoide nó múinteoir a bhí ainmnithe aige / aici don chúram na pacáistí sin. Dáileadh ceistneoir ar líne i bhfoirm *Google Form* ar na daltaí sin ar thoil a dtuismitheoir / caomhnóir dóibh páirt a ghlacadh sa taighde, 113 san iomlán. Fiosraíodh sna ceistneoirí seo gnéithe bainteach le cúlra teanga na ndaltaí; nós mhaireachtaí úsáide teanga; taithí agus tuairimí ar Chlár na hIdirbhliana.

Rinneadh píolótú ar an gceistneoir roimhe seo le sampla daltaí iar-bhunscoile lán-Ghaeilge chun a chinntiú go raibh struchtúr agus ábhar an cheistneora oiriúnach agus furasta le húsáid.

Dáileadh na ceistneoirí ar na daltaí i mí Bealtaine 2018. Aithnítear gur drocham den scoilbhliain í seo go háirithe do dhaltaí idirbhliana agus dar le príomhoidí na scoileanna go raibh dúshlán shuntasach ag baint leis na foirmeacha toilithe a dháileadh agus a sheoladh ar ais chun na scoile sular tháinig deireadh leis an scoilbhliain. Níor mhiste a lua freisin gur iondúil go gcríochnaíonn daltaí idirbhliana níos luaithe ná na blianta eile sa scoil. De dheasca na ndúshlán sin, chuathas ar ais chuig na scoileanna ag tús na

scoilbhliana 2018 – 2019 le fuilleach na bhfoirmeacha toilithe a bhailiú agus dáileadh an ceistneoir ar na daltaí sin⁴ i mí Mheán Fómhair 2018.

Tuismitheoirí na ndaltaí

Laistigh den phacáiste eolais luaite thuas, bhí foirm bhreise ina bhféadfadh tuismitheoir na ndaltaí spéis a léiriú páirt a ghlacadh sa chuid sin den tionscadal a dhéanadh iniúchadh ar thaithí na dtuismitheoirí ar chlár na hIdirbhliana. Bhí ráta thar a bheith íseal freagartha sa chás seo (n=30).

Chuathas i dteagmháil leis na tuismitheoirí sin i mí Mheán Fómhair 2018 lena dtoilteanas siúd páirt a ghlacadh sa taighde a fhiosrú. Chuathas i gcomhairle freisin le heagraíochtaí a raibh fáil acu ar ghréasáin tuismitheoirí a shásaigh critéir an taighde. Earcaíodh na tuismitheoirí sa tslí sin agus eagraíodh dhá ghrúpa fócais i dhá cheantar Gaeltachta le deichniúr tuismitheoir chun dtaithí ar an gClár a mheas.

Fiosraíodh sna grúpaí fócais seo gnéithe bainteach leis an rogha tabhairt faoin idirbhliain; an t-eolas a roinneadh le tuismitheoirí i dtaobh an chlár; dúshláin agus buntáistí bainteach leis an gClár; tionchar an chlár ar a bpáiste; moltaí don chlár.

Rinneadh trascríobh agus anailís ar thorthaí na ngrúpaí fócais sin agus cuirtear sin san áireamh i dtorthaí an taighde.

Páirtithe leasmhara san Oideachas agus san Óige Gaeltachta

Bunaithe ar an bplé le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus le Teach Aniar agus bunaithe ar shaineolas na dtaighdeoirí ar earnáil an oideachais Ghaeltachta agus na pleanála teanga aithníodh na páirtithe leasmhara a mbeadh ionchur luachmhar acu sa taighde, is iad sin:

- Príomhoidí agus Múinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta
- Tuismitheoirí daltaí na hIdirbhliana
- Daltaí na hIdirbhliana
- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
- Coistí Pleanála Teanga
- An Cumann Lúthchleas Gael
- An tAonad Oideachais Gaeltachta
- TG4

Bailíodh tuairimí agus taithí na bpáirtithe leasmhara sin trí agallaimh aonair agus agallaimh ghrúpa a reáchtáladh idir mí Bealtaine 2018 agus mí na Samhna 2018. Bunaíodh na hagallaimh sin ar an saineolas a bhí ag na páirtithe leasmhara ar an oideachas agus / nó ar obair óige sa Ghaeltacht. Rinneadh trascríobh agus anailís ar thorthaí na ngrúpaí fócais sin agus cuirtear sin san áireamh i dtorthaí an taighde.

⁴ Daltaí na cúigiú bliana atá i gceist anseo, is iad sin na daltaí a rinne an Idirbhliain sa scoilbhliain 2017 – 2018.

Torthaí


Tugtar cuntas anseo ar thorthaí an taighde seo de réir mar a bhaineann sé le próifíl teanga dhaltaí Idirbhliana na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta; Clár na hIdirbhliana i scoileanna Gaeltachta; an tacaíocht atá ar fáil don chlár sin; agus tionchar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ar fheidhmiú reatha agus todhchaí an chláir. Bunaítear na torthaí seo ar eolas a bailíodh ó dhaltaí Idirbhliana agus a dtuismitheoirí, príomhoidí agus múinteoirí iar-bhunscoileanna Gaeltachta, agus páirtithe leasmhara a bhfuil an t-oideachas Gaeltachta, obair óige Gaeltachta agus an phleanáil áitiúil teanga sa Ghaeltacht faoina gcúram gairmiúil.

Próifíl daltaí Idirbhliana iar-bhunscoileanna na Gaeltachta

Tugtar cuntas anseo ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge, a gcúlra baile teanga agus freisin na nósmaireachtaí úsáide atá ina measc.

Cumas Gaeilge dhaltaí na hIdirbhliana


Léiríonn torthaí an cheistneora go bhfuil ard-chumas Gaeilge agus Gaeilge líofa ag 39.8% de dhaltaí agus cumas an chainteora dhúchais ag 17.7% díobh. Tá tuiscint ag 25.7% ar an gcuid is mó de chomhráití Gaeilge. Níor mhiste a lua go mbunaítear na torthaí ar eolas féintuairiscithe agus d'fhéadfadh dá réir leibhéal cumais níos airde nó níos ísle a bheith i gceist. Ainneoin an leibhéal ard cumais, seo, is léir mar atá tuairiscithe i dtionscadail eile roimhe seo (An Phríomhoifig Staidrimh, 2017; Mac Donnacha et al., 2004; Ó Giollagáin et al., 2007; Ó Giollagáin & Charlton, 2015), den chuid is mó, is de dheasca an ionchuir teanga sa chóras scolaíochta an cumas seo seachas ionchur teanga ag baile.



Figiúr 1. Cumas Gaeilge na ndaltaí

An Ghaeilge ag baile


Feictear i bhFigiúr 2 thíos dar le 53.1% de dhaltaí gurb é an Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó atá á labhairt sa bhaile agus an Ghaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó ag 16.8% díobh. Níor mhiste a luaigh ár ndóigh gur léargas é seo ar chomhthéacs baile na ndaltaí siúd a líon an ceistneoir agus go bhféadfadh go dtiocfadh athruithe ar na figiúirí seo ag brath ar chomhdhéanamh an tsampla. É sin ráite, tagann na figiúirí seo leis an taighde reatha ar úsáid na Gaeilge i measc theaghlaigh na Gaeltachta.



Figiúr 2. An teanga a labhraíonn na daltaí lena dteaghlaigh sa bhaile


Úsáid na Gaeilge i measc dhaltaí na hIdirbhliana

Maidir le nósmaireachtaí úsáide teanga na ndaltaí, arís ainneoin an leibhéal ard cumais atá ina measc, tugtar ceannasaíocht an Bhéarla faoi deara arís agus Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó á labhairt ag 48.7% díobh lena gcairde agus iad ar scoil agus meascán de Ghaeilge agus Béarla ach níos mó Béarla á labhairt ag 30.1% díobh. Tugtar faoi deara mar sin go bhfuil an Béarla in uachtar mar theanga chumarsáide eatarthu féin ar láthair na scoile ag beagnach 80% de dhaltaí an tionscadail seo.




Figiúr 3. An teanga a labhraíonn na daltaí lena gcairde agus iad ar scoil

Nuair a fhéachtar ar nósmaireachtaí úsáide teanga na ndaoine óga lasmuigh de dhiméin na scoile, tugtar faoi deara go dtagann ardú suntasach ar leibhéal úsáide an Bhéarla mar theanga chumarsáide i measc na ndaoine óga. Taobh amuigh den scoil, tá Béarla amháin nó Béarla den chuid is mó á labhairt ag 70% de dhaltaí agus díol suntais go n-ardaíonn an líon daltaí a labhraíonn Béarla amháin lena gcairde sa chomhthéacs seo ó 23.9% go 42.5%, ardú de 18.6%.



Figiúr 4. An teanga a labhraíonn na daltaí lena gcairde taobh amuigh scoil

Tugtar an eagsúlacht iompair maidir le diméin faoi deara i bhFigiúr 5 thíos.



Figiúr 5. An teanga a labhraíonn na daltaí lena gcairde taobh istigh agus taobh amuigh scoil

Níor mhiste a lua go bhféadfadh go mbeadh roinnt cúiseanna leis an athrú seo, ina measc ardú sa mhinicíocht de bharr nach bhfuiltear ag teacht faoi scáth éiteas ná rial teanga na scoile agus freisin sóisialú na ndaoine óga le cairde nach bhfuil cumas ard a dhóthain acu. Cúis eile ar ndóigh an mhian phearsanta a bheadh sa duine óg Béarla a úsáid mar theanga shóisialaithe.

Cé gur léargas duairc a thugtar anseo ar nós mhaireachtaí úsáide teanga na ndaoine óga, ní mór aitheantas a thabhairt don ardchumas teanga atá ina measc, cumas a éascaíonn dea-eispéireas foghlama i suíomh oideachais lán-Ghaeilge mar atá in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta. Maidir le cúrsa Idirbhliana mar Theacht in Inmhe a bheadh dírithe ar threisiú féiniúlachta daltaí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta, ní féidir a shéanadh go bhfuil ról lárnach, agus go deimhin, ceannasaíoch, ag an mBéarla ina saol sóisialta lasmuigh den scoil agus go gcaithfeadh plé ar bith ar fhorbairt na féiniúlachta sin aitheantas a thabhairt do ról an Bhéarla ina saol (Dolowy-Rybinska, 2016).

Tagraíodh sa dara caibidil den tuairisc seo ar an *inverted diglossia* (Price & Tamburelli, 2016) tráth gur teanga phríobháideach í an teanga mhionlaigh a bhfuil dlúthphairtíocht léi, go hiondúil bunaithe ar

fheidhmiúlacht na teanga i ndiméin an teaghlaigh. Cé go bhfuil leibhéal níos airde úsáide Gaeilge laistigh de dhiméin an oideachais ná lasmuigh de, tá an Béarla go fóill in uachtar ansin i measc na ndaltaí féin. Sa chás nach bhfuil an teanga á labhairt go príobháideach i saol an duine óig, is beag feidhmiúlacht atá ag an teanga chomh fada agus a bhaineann sé le féiniúlacht an duine óig. Tagraíonn dalta amháin atá á thógail le Béarla den chleachtas seo:

“Domsa, tá Gaeilge *only* agamsa scoil so nuair a smaoiním mar gheall ar an nGaeilge, smaoiním *just* ar an scoil so bheadh sé go deas do dhaoine cosúil liomsa [imeachtaí lasmuigh den scoil] a chur amach ansin” (FGD3)

I gcás chlár Idirbhliana mar Theacht in Inmhe is amhlaidh go mbeifí ní hamháin ag treisiú na féiniúlachta ina measc siúd a bhfuil cúla láidir baile Gaeilge acu (níos lú ná aon cheathrú) ach ag déanamh iarracht an Ghaeilge agus an Ghaeltacht a fhréamhú i bhféiniúlacht na ndaltaí eile, áit a bhfuil an dá ní sin b'fhéidir ar lár.

Clár agus Struchtúr na hIdirbhliana

Bhí 28 iar-bhunscoil cláraithe leis an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta agus an taighe seo ar bun. Tugadh cuireadh de 17 díobh seo⁵ a bheith páirteach sa tionscadal reatha taighde. Bunaítear torthaí an taighde seo ar an 8 scoil a bhí toilteanach sin a dhéanamh.

An Cinneadh leanúint leis an Idirbhliain

I bhformhór na scoileanna tugtar rogha do dhaltáí tabhairt faoin Idirbhliain. I gcás roinnt scoileanna, áfach, go háirithe na scoileanna sin a bhfuil líon íseal daltaí iontu, is iondúil dar le príomhoidí nach dtugtar rogha do dhaltáí lena chinntiú go gcoinnítear grúpa daltaí le chéile. Maidir leis an taighde idir lámha, bhí rogha tugtha do 87% de dhaltáí tabhairt faoin Idirbhliain.

Maidir leis na daltaí a chineann gan tabhairt faoin Idirbhliain agus leanúint ar aghaidh go dtí an cúigiú bliain, mar atá luaite sa litríocht, is iondúil gur cúiseanna coitianta a bhíonn ina measc chuige sin: daltaí a bhfuil deifir orthu críoch a chur leis an iar-bhunoideachas agus aghaidh a thabhairt ar an oideachas tríú leibhéal; daltaí atá den tuairim go mbeidís róshean ag críochnú na scoile dá dtabharfaidís faoin Idirbhliain; daltaí nach mian leo tréimhse níos faide a chaitheamh sa scoil (Smyth et al., 2004). Dar le príomhoide amháin go mbíonn “i gcónaí grúpa beag nár mhaith leo é a dhéanamh [...] Bheadh i gcónaí cúpla scoláire a mbeadh rud beag níos sine agus gur mhaith leo dul tríd an gcóras [níos tapúla]. Daoine eile a bheadh ag díriú isteach ar saol na hoibre is nach mbeadh siad ag iarraidh fanacht ar scoil” (PM 2).

Tacaíonn tuismitheoir amháin a ghlac páirt sa taighde seo leis an dearcadh sin agus í ag trácht ar thaithí a páiste féin: “bheartaigh sí gan an Idirbhliain a dhéanamh. Bhí sruth maith oibre fúithi nuair a rinne sí an mheánteist agus shíl sí go mbrisfeadh an Idirbhliain an sruth sin” (T1).

Dar leis na tuismitheoirí uile a ghlac páirt gurb iad na daltaí féin a rinneadh an cinneadh leanúint leis an Idirbhliain agus tagann sé seo le torthaí taighde a léiríonn go dtagann féinriar an dalta chun cinn go mór

⁵ Bhí tús curtha leis an taighde seo sular aimníodh na scoileanna atá páirteach sa Scéim mar sin bunaíodh an sampla ar líon na n-iarbhunscoileanna a bhí lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, de réir na Roinne Oideachais agus Scoileanna i 2018.

ag an iar-bhunleibhéal agus gurb eisean / ise an páirtí is mó a bhfuil tionchar aige ar phróiseas déanta cinntí (Ní Thuairisc & Ó Duibhir, 2016).

Fachtóirí a théann i gciann ar an gcinneadh tabhairt faoin Idirbhliain

Maidir leo siúd a chineann leanúint ar aghaidh leis an Idirbhliain, is iomaí cúis a luaitear a thacaíonn leis an rogha sin, ina measc:

- bhí cairde ag dul ar aghaidh chuig an Idirbhliain (20.2%)
- cheap daltaí go raibh siad ro-óg tabhairt faoin gcúigiú bliain (13.5%)
- cheap tuismitheoirí na ndaltaí go raibh siad ro-óg tabhairt faoin gcúigiú bliain (1.9%)
- bhí suim ag an dalta sa chlár Idirbhliana (22.1%)
- theastaigh briseadh ón dalta ón staidéar sula dtabharfaí faoin gcúigiú bliain (35,6%)
- dea-cháil an chlár bunaithe ar thaithí daltaí a thug faoin Idirbhliain sa scoil cheana féin (6.7%)

Fachtóir a bhfuil an-tionchar aige ar an gcinneadh leanúint leis an Idirbhliain is ea aois an dalta. Dar le tuismitheoirí go raibh áthas orthu go raibh an Idirbhliain ar fáil toisc gur fhág sé go mbeadh an gasúr bliain níos sine ag deireadh na hiar-bhunscolaíochta. Ar an lámh eile, bhí tuismitheoirí a raibh gasúr níos sine acu imníoch go mbeadh an gasúr an-sean agus iad ag tabhairt faoi scrúdú na hArdteistiméireachta agus go mbeadh deacrachtaí acu díriú ar an staidéar dá réir. Dar le dalta amháin gur “chabhraigh an ceathrú bliain chun a bheith ullamh don Ardteist a dhéanamh” agus deir “braithim i bhfad níos sine” (FG3).

Aithnítear gur fachtóirí pearsanta den chuid is mó a bhfuil tionchar acu ar chinneadh an dalta tabhairt faoi nó gan tabhairt faoin Idirbhliain. Aithnítear freisin go léiríonn torthaí an taighde seo an treocht náisiúnta rannpháirtíochta san Idirbhliain agus an líon daltaí atá ag tabhairt faoin Idirbhliain ag ardú go leanúnach (Clerkin, 2018). Glactar leis mar sin gur féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh formhór de dhaltaí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta ag tabhairt faoin Idirbhliain agus go mbeadh lucht freastail ard ag clár a bheadh dírithe orthu.

Níor mhiste a lua mar sin féin go bhfuil roinnt iar-bhunscoileanna Gaeltachta a chineann gan an Clár a sheachadadh ar chúiseanna éagsúla. Ina gcás siúd, tá sé tábhachtach nach mbeidís sin fágtha ar lár ó phróiseas deartha nó soláthair cláir a bheadh dírithe ar scoileanna Gaeltachta toisc go mb’fhéidir go mbeadh an clár á sholáthar acu amach anseo nó sin go bhféadfaidís leas a bhaint as ábhar an chlár ar shlite eile. Dar le páirtithe leasmhara nach mór na scoileanna sin agus bliainghrúpaí eile a thógail san áireamh agus ábhar mar Teachta in Inmhe á dhearadh:

níl an idirbhliain i ngach uile scoil is caithfear a bheith airdeallach faoi sin. Chomh maith leis sin [...] Bíonn an saoirse ag an scoil rudaí éagsúla a dhéanamh [mar sin] cén fáth nach féidir le scoileanna Gaeltachta rudaí éagsúla a dhéanamh trí mheán na Gaeilge (An tAonad um Oideachas Gaeltachta)

Gné eile a bhfuil an-tionchar aige ar sholáthar an chlár is ea an costas. Go hiondúil, iarrtar ar thuismitheoirí suim táille bliana a íoc i dtús na scoilbhliana agus clúdaíonn sé sin costaisí reatha na bliana mar busanna agus táillí do theagascóirí seachtracha. Dar leis na príomhoidí, áfach, nach mór don scoil

breis airgid a chur leis an tsuim seo chun na costais uile a chlúdú. Is iondúil freisin go dtéann daltaí idirbhliana ar thuras thar lear mar chuid den chlár agus ní áirítear na costais seo sa táille bliana. Dar le tuismitheoirí gur chóir gné an chostais a chur san áireamh sa chás go raibh gníomhaíochtaí á bpleanáil do chlár Idirbhliana:

d'íoc muid táille ag tús na bliana agus bhí cuid dena tuismitheoirí nach raibh sásta faoi sin ...
Tá's agam nach féidir leat gach duine a shásamh ach sílim go gcaithfear smaoineamh air sin
má táthar chun rudaí a chur ar fáil (FGT2).

Dar leis na príomhoidí freisin go bhfuil brú airgid ag baint le soláthar na hIdirbhliana agus an brú seo níos géire do na scoileanna sin atá lonnaithe i gceantair iargúlta:


Tá costas ollmhór leis. Cuireann na costais seo ualach mór orainn agus ar thuismitheoirí. Tá muid scoite amach mar sin le dul áit ar bith is gá bus a fháil agus tá costas leis sin. Bíonn [cúrsaí/cláir] nach gcuireann muid isteach orthu mar gheall ar an gcostas nó na ch mbeadh maoiniú ar fáil (PO1)

Tuigtear go bhfuil cúig iar-bhunscoil Ghaeltachta lonnaithe ar oileáin agus go mbeadh dúshlán bhreise le tabhairt ag na scoileanna sin ó thaobh foirne agus soláthar gníomhaíochtaí agus go mbeadh brú airgid bainteach leis sin freisin.

I gcás Theacht in Inmhe, b'fhiú féachaint ar na deiseanna atá ann d'iar-bhunscoileanna acmhainní a roinnt a thacódh ní hamháin le costas an chlár a laghdú ach freisin a d'éascódh teagmháil agus pleanáil roinnte idir na scoileanna, cleachtas nach bhfuil i bhfeidhm i láthair na huaire.

Sprioc an chlár

Ceistíodh daltaí maidir le spriocanna chlár na hIdirbhliana, dar leo, agus feictear na torthaí sin thíos.



Figiúr 6. Spriocan Chláir dar le daltaí Idirbhliana

De réir threoirilínte Chlár na hIdirbhliana (ROS, 1993) tá sé mar aidhm ag an gclár forbairt phearsanta, shóisialta, oideachais agus gairme an dalta a chur chun cinn agus iad a ullmhú le bheith ina mbail rannpháirteacha den tsochaí. D'fhonn an aidhm sin a bhaint amach, leagtar béim ar leith ar fhorbairt phearsanta, feachtas agus cumas sóisialta tríd an bhfoghlaim idirdhisciplíneach agus féin-treoraithe.

Tugtar faoi deara ó fhreagraí na ndaltaí go bhfuil siadsan i ad féin den tuairim go bhfuil aidhmeanna ar leith bainteach leis an gClár atá scartha ó ghnáthspriocanna acadúla na mblianta eile scolaíochta, mar a raibh taithí acu orthu go dtí seo. Tá a rian sin le feiceáil freisin ó theistiméireachtaí pearsanta na ndaltaí a dhéanann cur síos ar an tuiscint atá acu ar spriocanna an chlár:

forbairt ar pearsanta
Is deis í do dhaltaí forbairt a dhéanamh ar scileanna éagsúla agus aithne níos fearr a chuir orthu féin agus daoine eile
m.sh taithí oibre nó comóirtaisí éagsúla.
ceapaim gur bhliain é do forbairt pearsanta
bíonn tú níos neamhsplach de bharr
Dar liomsa an sprioc is mó ná chun foghlaim faoi an saol amach romhainn agus smaoineadh a chinnt a fháil faoi cén sort post a gheobhfaidh muid.

Maidir leis an méid a raibh súil ag tuismitheoirí na ndaltaí leis ón mbliain, dar leo go raibh siad ag súil go mbeadh a ngasúr “beagán níos aib” ag deireadh na bliana agus freisin “go bhfeicfidís go bhfuil níos mó i gceist leis an saol ná an scoil” (FGT1).

Ina gcás siúd, is cinnte go raibh toradh dearfach leis na spriocanna sin. Dar le roinnt tuismitheoirí go raibh imní orthu maidir le scileanna sóisialta a ngasúr sular thosaigh siad ar an Idirbhliain agus gur chuir an Clár agus na himeachtaí a bhí ann go mór leis na scileanna sin sa mhéid is go raibh ar chumas na ngasúr anois seasamh os comhair grúpa agus labhairt ar ábhair faoi leith. Dar le príomhoide amháin go bhfuil tionchar ag na cleachtais seo ar dhul chun cinn na ndaltaí sa saol amach anseo:

An-sampla de sin ná an clár fiontair atá ag *Junior Achievement Ireland* leis an Údarás. [Is] gá dóibh cur i láthair a dhéanamh trí Ghaeilge. Sin é atá ag tarlú sa tríú leibhéal. Tá sé dá n-oiliúint le haghaidh an saoil. Beidh an scil sin acu go deo (PO1).

Dar le rannpháirtithe uile an taighde go raibh ról lárnach ag gné na taithí oibre i gcomhlíonadh spriocanna éagsúla an chlár agus filltear air sin níos faide anonn sa phlé.

Eolas á roinnt maidir le Clár na hIdirbhliana

Ceistíodh na daltaí maidir lena sástacht i dtaobh an eolais a cuireadh ar fáil dóibh faoin Idirbhliain sular thosaigh siad ar an gClár agus thuairiscigh 72.6% go raibh siad sásta leis. Dar leo gur tháinig formhór an eolais ó dhaltáí eile a raibh an Idirbhliain déanta acu roimhe seo agus freisin ó sheisiún eolais a d’eagraigh na scoileanna do dhaltáí agus a dtuismitheoirí. Dar le roinnt daltaí eile, áfach, “níor tugadh eolas ar bith [dóibh]] i dtús na bliana” agus bheadh sé ní b’fhearr “dá mbeadh plean bliana leagtha amach” agus tugtha do gach dalta roimh réidh (FGD3).

Dar le tuismitheoirí, cé gur tugadh deis dóibh sular thosaigh na daltaí ar an idirbhliain teacht chun na scoile chun eolas a bhailiú ar an gClár, ní raibh spriocanna an Chláir soiléir agus dar le tuismitheoir

amháin a raibh taithí mheasctha ag a ngasúr ar an gClár, agus go rachadh breis soiléire chun leasa na taithí sin:

insíodh méid áirithe dúinn ach ní bhfuair muid mórán aiseolais i rith na bliana. Tá's ag am go ndeachaigh Mí Meán Fómhair thart agus nach dearna siad mórán chor ar bith agus dá dtuigfeá sin ag an am go raibh sin ag dul ag tarlú, ach níor thuig ... níor tugadh clár ama de shórt ar bith [dúinn] ag rá 'seo a bheidh siad ag déanamh ó seo go dtí an Nollaig' ... Sílimanois go mbeinn ag cur níos mo ceisteannaí. (FGT3)

Is cinnte gurgné í seo a tháinig chun cinn i measc na dtuismitheoirí a ghlac páirt sa taighde seo maidir leis an laghad eolais a bhí acu ar ábhar an chláir agus freisin ar leagan amach na n-imeachtaí a mbeadh na daltaí páirteach iontu le linn na bliana. Dar le dalta eile gur bac an Ghaeilge amháin a úsáid le linn na n-oícheanta eolais seo, go háirithe do na dtuismitheoirí sin atá ar bheagán Gaeilge: “Bhí an oíche eolais ar fad trí Ghaeilge so níor thuig mo thuismitheoirí rud ar bith” (FGD3).

De réir na scoileanna agus a bhfoireann, is tionscadal comhpháirteach atá i leagan amach Chlár na hIdirbhliana ina mbíonn daltaí, tuismitheoirí agus foireann na scoile páirteach. I bhformhór na scoileanna, reáchtálar seisiún eolais faoin gClár é féin nuair a bhíonn na daltaí sa tríú bliain. Den chuid is mó, is deis í seo do thuismitheoirí eolas ginearálta a fháil faoi ábhar an chláir, cé go ndeir príomhoidí go mbeidís lán-sásta éisteacht le moltaí a bheadh ag tuismitheoirí a thiocthadh chomh fada leo. É sin ráite, dar le príomhoidí agus múinteoirí go bhfuil dúshlán áirithe phleanála ag baint le Clár na hIdirbhliana sa mhéid is go mbíonn scoileanna ag brath ar na hacmhainní agus ar na háiseanna atá in aice láimhe agus gur deacair a bheith iomlán cinnte faoina dtaobh siúd go dtí go mbíonn an cúrsa faoi lán seoil. Is doiligh an tasc mar sin tuairimí agus ionchur na dtuismitheoirí a iomlánú go praiticiúil sa Chlár reatha de bhrí go bhfuil gá an Clár a phleanáil i bhfad sula mbeifí i mbun comhairle le tuismitheoirí na ndaltaí ina thaobh. Ár ndóigh, mar atá luaite cheana féin, sa chás go raibh scoileanna ag roinnt acmhainní nó ag tarraingt as na modúil chéanna Idirbhliana, mar a bheadh i gcás Teachta in Inmhe, rachadh sé chun leasa na phleanála agus dáileadh an eolais dá réir.

Aithnítear gur foinse luachmhar an taithí atá ag iar-dhaltaí agus tuismitheoirí de chuid na hIdirbhliana agus go bhféadfaí deiseanna d'fhonn an t-eolas sin a iomlánú i ndearadh cláir na hIdirbhliana a thapú. Is iomaí iar-bhunscoil a chuireann coistí nó comhairlí daltaí ar bun le linn na hIdirbhliana mar chuid den chlár agus aithnítear go bhfuil deis ann leas a bhaint as an struchtúr seo d'fhonn eolas a bhailiú ó iar-dhaltaí na hIdirbhliana agus an t-eolas sin a úsáid chun dea-thionchar a imirt ar na cláir atá le teacht.

Maidir le deiseanna aiseolais le linn an chláir, tháinig sé chun cinn go láidir sa phlé le daltaí an chláir go raibh deiseanna leanúnacha acu tuairimí a roinnt le comhordaitheoirí na hIdirbhliana agus go ndeachaigh foireann na scoile i gcomhairle leo maidir le himeachtaí ar mhaith leo féin a bheith páirteach iontu. Is gné lárnach den chlár an ghníomhaireacht sin a bhronnadh ar an dalta Idirbhliana agus tá cleachtais na n-iarbhunscoileanna Gaeltachta chuige sin le moladh go hard. Níor mhiste a lua gur tháinig an dea-chleachtas seo chun cinn i dtuairiscigireachta a rinneadh ar roinnt de na hiar-bhunscoileanna Gaeltachta chomh maith céanna.

Tacaíocht d'iar-bhunscoileanna na Gaeltachta agus an Idirbhliain á soláthar

Dar leis na príomhoidígur beag tacaíocht atá ar fáil don Idirbhliain agus go dtiteann an cúram den chuid is mó ar an scoil. Ainneoin go n-aithnítear gur beag tacaíocht sheachtrach atá ar fáil do Chlár na hIdirbhliana, dar le príomhoidígur agus páirtithe leasmhara an chórais gur buntáiste an neamhspleáchas atá ag scoileanna Clár a dhearadh atá dírithe ar shainriachtanais na ndaltaí agus bunaithe ar na hacmhainní reatha atá ar fáil. Tagann páirtithe leasmhara eile an taighde leis seo ag déanamh cur síos ar an tsaoirse sin atá ag scoileanna maidir leis an Idirbhliain:

Is féidir le scoileanna aon rud gur mian leo a dhéanamh laistigh de na rudaí sin, laistigh den cheithre shraith atá leagtha amach in san chiorclán, ag dul siar go 1993 agus taobh istigh de sin tá iomlán saoirse acu (AOG).

Luaitear sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus spriocanna á rianú don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach go gcuimseodh an tacaíocht do phríomhoidí a eascróidh as an bPolasaí:

bunú líonraí i measc na bpríomhoidí ar scoileanna Gaeltachta chun cuidiú le comhroinnt i dtaca le ceannaireacht agus freisin soláthar ar dheiseanna chun foghlaim agus cleachtas a chomhroinnt i dtaca le ceannaireacht agus bainistíocht i dir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcoitinne (ROS, 2016: 30).

Is cleachtas an líonrú seo a mbíonn dea-chleachtais ghairmiúla mar thoradh air agus moltar a leithéid de chur chuige a chur chun cinn sa chóras oideachais Gaeltachta. Is cinnte go rachadh an múnla seo chun leasa chlár nua scolaíochta ar bith maidir le dearadh agus feidhmiú na gclár sin agus ar ndóigh an roinnt acmhainní a bheadh de dhíth do sholáthar na gcúrsaí sin.

Ainneoin go bhfuil an dea-chleachtas seo á mholadh do scoileanna na Gaeltachta agus dá bpríomhoidí, ní léir go bhfuil an cur chuige céanna beartaithe do mhúinteoirí iar-bhunscoile. Cé go dtagann múinteoirí ábhair le chéile go minic trí mheán na gcumann ábhar, is beag líonrú a thiteann amach lasmuigh de sin. Tá cultúr láidir i réim ag an iar-bhunleibhéal go gcloínn múinteoirí lena gcuid ábhar teagaisc agus iad ar thóir deiseanna forbartha (Ní Thuairisg, 2018) agus is cleachtas é seo a bheadh mar bhac suntasach don líonrú a d'fhéadfaí a dhéanamh san oideachas Gaeltachta i gcoitinne. Níor mhiste a lua freisin go dtagann sé chun cinn i dtuairiscí ar Chlár na hIdirbhliana go moltar go mbeadh líon níos airde múinteoirí páirteach sa chlár agus ionadaíocht ag raon leathan ábhar sa chlár féin. I láthair na huaire is iondúil go dtiteann tromlach an chúraim ar comhordaitheoir Idirbhliana na scoile le tacaíocht ón bpríomhoide.

Maidir le líonrú de mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, tuigtear go bhfuil imeachtaí á reáchtáil le tamall anuas a chuirfeadh líonrú den chineál seo chun cinn, mar atá i gcás laethanta forbartha á n-eagrú ag COGG do mhúinteoirí gairmthreoracha i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus freisin líonrú ar bun ag múinteoirí gnó na scoileanna sin. Mar sin féin, ní eol do na taighdeoirí go bhfuil líonrú de chineál ar bith ar bun, seachas teagmháil neamhfhoirmiúil phearsanta, idir comhordaitheoirí Idirbhliana in iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Nuair a rinneadh iarracht an cheist seo a fhiosrú leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, cuireadh an fiosrúchán i dtreo rannóg na foirne Gaeilge (mar ábhar).

Dar le páirtithe leasmhara go bhfuil dúshlán le tabhairt ag scoileanna de bharr an easpa cumarsáide seo i measc chomhordaitheoirí Idirbhliana agus gur minic go mbíonn mearbhall ar scoileanna maidir leis na foinsí eolais is fearr d'fhonn tacaíocht agus eolas a lorg. Is cinnte go dtagann taithí na dtaighdeoirí leis seo freisin.

Gníomhaíochtaí na hIdirbhliana

Is gné lárnach den Chlár Idirbhliana nithe mar taithí oibre, turais thar lear agus tionscadail leis an bpobal. Is iomaí gníomhaíocht atá ar bun mar chuid de chlár na hIdirbhliana in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta. Níl ar chumas an taighde seo léargas iomlán a thabhairt ar na gníomhaíochtaí uile atá idir lámha ag iar-bhunscoileanna na Gaeltachta agus iad ag soláthar an Chláir Idirbhliana, ach i measc na ngníomhaíochtaí ar tugadh cur síos orthu le linn an tionscadail seo, tá:

- Cláir radio
- Marcaíocht capall
- Códú agus scileanna ríomhaireachta
- Cláir drámaíochta
- Mionchomhlachtaí agus cúrsaí fiontraíochta
- Sábháilteacht bóthair
- Teanga chomhartha
- Cúrsaí teicneolaíochta
- Cúrsaí Garraíodóireachta
- Cúrsaí bádóireachta
- Cuairteanna chuig ionaid pobail
- Ceol agus amhránaíocht
- Ranganna Yoga
- Ranganna Gruaigeadóireachta
- Cicdhornálaíocht

I dtaca leis na gníomhaíochtaí sin thuas, is ann do raon leathan gníomhaíochtaí a bhfuil forbairt déanta cheana féin orthu mar mhodúil nó pacáistí Idirbhliana. Is modúil iad seo atá ar fáil go forleathan, saor in aisce go minic, agus ar féidir le múinteoirí leas a bhaint astu mar chuid de sheachadadh an Chláir. I measc na modúl agus na gclár sin atá ar fáil i nGaeilge a bheadh oiriúnach d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta, tá:

- Future Leaders Programme (Clár ceannaireachta de chuid an CLG (<https://learning.gaa.ie/transitionyearprogramme>)
- Junior Achievement Ireland (<https://www.jai.ie/ja-in-your-region/border-counties/366-udaras-na-gaeltachta-inspire-budding-entrepreneurs.html>)
- Techspace (cláir teicneolaíochta agus STEAM) (<https://www.techspace.ie/clartechspace>)
- Cearta Teanga (acmhainn oideachais de chuid Oifig an Choimisinéara Teanga a forbraíodh i dteannta leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, maoinithe ag COGG (<https://www.coimisineir.ie/scoileanna?lang=GA>)

Is ann don iliomad modúl Idirbhliana a bhféadfaí a chur in oiriúint do shainriachtanais na scoile Gaeltachta gan mórán stró, mar atá i gcás an chlár *Future Leaders Programme*. I láthair na huaire, tá an clár seo ar bun ag dhá iar-bhunscoil Ghaeltachta agus i líon ard iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht⁶. Dar leis an gCumann Lúthchleas Gael gur mian leo cur leis an líon scoileanna lán-Ghaeilge atá ag seachadadh an chlár agus go bhfuil na hacmhainní uile bainteach leis ar fáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Níor mhiste a lua freisin go bhfuil baill den fhoireann atá i bhfeighil an chlár, ar múinteoirí agus comhordaitheoirí Idirbhliana iad freisin, líofa sa Ghaeilge agus an Ghaeilge in úsáid acu mar theanga ghairmiúil leis na scoileanna sin luaite. Dar leis an CLG go bhfuil gné amháin den chlár nach bhfuil forbairt déanta uirthi go fóill ach ar mian leo cur leis amach anseo agus sin teagmháil idir an scoil agus na clubanna áitiúla CLG sa phobal. I gcás Theacht in Inmhe, is cinnte gur áis fhíorluachmhar a bheadh sna modúil don chlár seo go háirithe dá bhféadfaí obair agus tionscadail áitiúla phobail a bheith mar chuid de. Tuigtear go bhfuil modúl á fhorbairt i láthair na huaire freisin mar chuid den chlár ar an bhféiniúlacht phobail a bheadh arís ag teacht le mórspriocanna Theacht in Inmhe.

Maidir le hábharthacht na gclár agus na gníomhaíochtaí sin luaite do Theacht in Inmhe, tá sé rithabhachtach go mbeadh sé mar sprioc ag Teach in Inmhe bearna sa soláthar reatha de chlár oideachais agus teanga a líonadh agus go bhfreagródh sé do na riachtanais foghlama agus forbartha atá ag na daltaí i gcoitinne. Tá sé tugtha faoi deara go bhfuil modúil cruthaithe go dtí seo atá oiriúnach do scoileanna Gaeltachta agus a d'fhreagródh do roinnt de na téarmaí tagartha atá ag Teach in Inmhe cheana féin maidir le forbairt na ceannaireachta i measc dhaoine óga na Gaeltachta ach nach bhfuil na modúil in úsáid go forleathan i scoileanna Gaeltachta. Ní mór a bheith ar an airdeall agus ábhar a dhearadh do Theacht in Inmhe nach saothar in aisce a bheadh i gceist:

Tá an-chuid eagraíocht éagsúla amuigh ansin a thugann tacaíocht don Idirbhliain. Ba cheart go gcuirfeadh [scoileanna] iad fhéin ar an eolas faoi cad a dhéanann gach eagraíocht agus gan am a chur amú ag dul go dtí na heagraíochtaí míchearta (AOG) .

Is léir go bhfuil bearna sa chumarsáid idir soláthróirí na modúl / na gclár seo agus na scoileanna féin agus go bhfuil géarghá an bhearna sin a líonadh ar mhaithe le dúbláil acmhainní agus saothair a sheachaint.

Gníomhaíochtaí dírithe ar Theacht in Inmhe

Cuireadh ceist ar na daltaí maidir leis na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun acu mar chuid de chlár na hIdirbhliana agus ar mhaithe le téarmaí tagartha an tionscadail seo a iniúchadh, díriodh go sonrach ar na gníomhaíochtaí sin a raibh baint áirithe acu leis an nGaeilge agus leis an nGhaeltacht, imeachtaí a bhí lonnaithe sa Ghaeltacht nó sin imeachtaí nó ábhar a raibh baint acu le ceisteanna sochtheangeolaíochta agus pleanála teanga. Níor mhiste a lua gur tugadh na roghanna seo do na daltaí sa cheistneoir, bunaithe ar théarmaí tagartha an taighde agus ar an anailís litríochta ar na téarmaí bainteach leis. Tugadh deis freisin do dhaltaí cur leis an liosta, cé gur shocraigh siad gan sin a dhéanamh. I measc na ngníomhaíochtaí atá idir lámha ag daltaí na hIdirbhliana in iar-bhunscoileanna Gaeltachta, tá:

- Cuairt chuig scoileanna eile Gaeltachta (15%)

⁶ Tuigtear go bhfuil ardú tagtha ar an líon scoileanna Gaeltachta páirteach sa Chlár seo ón uair ar cuireadh an tionscadal seo i dtoll a chéile

- Cuairt chuig scoileanna eile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (11.5%)
- Obair leis an bpobal Gaeltachta (28.3%)
- Obair leis an óige sa Ghaeltacht (23.9%)
- Obair le seandaoine sa Ghaeltacht (32.7%)
- Obair dheonach sa Ghaeltacht (21.2%)
- Nasc nó teagmháil le daoine óga i dtíortha eile a bhíonn ag labhairt teanga mhionlaigh (8.8%)
- Nasc nó teagmháil le pobail i dtíortha eile a bhíonn ag labhairt teanga mhionlaigh (4.4%)
- Taithí oibre in eagraíochtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht (38.1%)
- Taithí oibre in eagraíochtaí atá lonnaithe i gceantair eile Gaeltachta (16.8%)
- Bíonn muid ag foghlaim faoi Ghaeltachtaí eile (7.1%)
- Bíonn muid ag foghlaim faoi theangacha mionlaigh (8.8%)
- Tionscadail comhoibritheacha le daltaí Idirbhliana eile i scoileanna eile Gaeltachta (4.4%)
- Tionscadail comhoibritheacha le daltaí Idirbhliana eile i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (3.5%)
- Ranganna breise ar an saibhreas teanga (5.3%)
- Ranganna damhsa sean-nóis (11.5%)
- Ranganna amhránaíochta ar an sean-nós (10.6%)
- Eile (3.5%)

Ábhar spéise na figiúirí thuas de bharr an léargas a thugann siad ar an réimse leathan gníomhaíochtaí atá ar bun ag daltaí Idirbhliana i scoileanna Gaeltachta a bhfuil an Ghaeltacht nó an Ghaeilge mar ábhar acu, ní áirítear na gníomhaíochtaí nach bhfuil san áireamh sa liosta tugtha. Is léir ó na torthaí sin go bhfuil nasc leis an bpobal Gaeltachta mar chuid mheasartha láidir de na Cláir Idirbhliana atá á seachadadh sna scoileanna Gaeltachta agus an teagmháil sin mar chuid den Chlár Idirbhliana ag thart ar aon cheathrú díobh. Is cinnte go bhféadfaí cur leis na gníomhaíochtaí sin ar mhaithe leis an nasc idir an scoil agus an pobal, agus idir an duine óg agus an pobal a threisiú.

Níor mhiste sracfhéachaint a thabhairt ar roinnt de na gníomhaíochtaí sin a bheadh ábhartha don tionscadal taighde idir lámha agus féiniúlacht agus gréasánú dhaoine óga na Gaeltachta á gcur chun cinn. Tugtar aird shonrach anseo ar an líon íseal daltaí a dúirt go raibh siad ag foghlaim faoi Ghaeltachtaí eile (7.1%) nó faoi theangacha mionlaigh (8.8%). Dírítear aird freisin ar an líon an-íseal daltaí a thuairiscigh go raibh tionscadail chomhoibritheacha ar bun acu le daltaí Idirbhliana i scoileanna eile Gaeltachta (4.4%) nó le daltaí Idirbhliana eile i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (3.5%).

Níor mhiste a lua, cé gur figiúirí an-íseal iad sin thuas a leiríonn leibhéal íseal rannpháirtíochta agus comhpháirtíochta, is ann go fóill do roinnt tionscadal aonair a chuireann an rannpháirtíocht pobail chun cinn. Tugtar suntas do thionscadal atá ar bun ag iar-bhunscoil Gaeltachta amháin ina dtéann daltaí Idirbhliana i mbun taighde sa phobal áitiúil: roghnaítear topaic ar leith agus téitear ar thóir cainteoir dúchais sa cheantar a bhfuil saineolas acu ar an topaic sin. Déantar an t-agallamh a thaifead agus a thrascríobh agus ní mór do gach dalta torthaí an taighde, ó thaobh ábhair agus teanga foghlamtha a chur i láthair an ranga. Is tionscadal é seo a chuaigh i bhfeidhm go mór ar na daltaí agus a thagann le téarmaí tagartha Teachta in Inmhe.

Teagmháil i measc grúpaí Idirbhliana in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta

Is ábhar spéise go háirithe don tionscadal faoi chaibidil a laghad dalta atá i mbun foghlama faoi Ghaeltachtaí eile mar chuid de chlár na hIdirbhliana, ainneoin na gcosúlachtaí atá eatarthu mar ghrúpa eitnitheangeolaíoch agus déimeagrafaíoch agus na buntáistí a bheadh sa chomhpháirtíocht do thógáil agus do mhúscailt na féiniúlachta ina measc.

Deir múinteoir amháin: “Níl nasc le scoil ar bith déanta. Ach casann siad le scoláirí eile ag imeachtaí éagsúla bhí lá sábháilteacht bóthair ann [go háitiúil]. Is bhíscoileanna eile [áitiúla] ansin” (CO2). Tagraíonn na formhór na rannpháirtithe den chineál teacht le chéile *ad hoc* seo mar a tharlaíonn ag comórtais drámaíochta agus fiontraíochta, cé nach mbíonn teagmháil ná réamhullmhúchán comhpháirteach ar bith bainteach leis na hócáidí seo ná obair leanúnach ar bun ina ndiaidh.

Ábhar iontais freisin an leibhéal íseal teagmhála idir scoileanna eile Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge. Do na scoileanna sin a bhfuil nasc cruthaithe acu le scoileanna eile lán-Ghaeilge, is iondúil gur nasc sealadach a bhíonn i gceist a chothaíonn ceangal idir scoileanna seachas daltaí. Dar le príomhoide amháin go mbíonn an-bhrú ar scoileanna Gaeltachta toisc an líon sin scoileanna go háirithe scoileanna lán-Ghaeilge ar mian leo cuairt a thabhairt orthu. Níor tháinig sé chun cinn sa taighde go mbíonn na turais seo ar bun sa mhalairt slí:

Tá nasc cruthaithe againn le [iar-bhunscoil lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht] tá scoláirí as [iar-bhunscoil eile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht] ag teacht anuas ar cuairt agus bhí scoil eile anseo níos luaithe i mbliana [...]. mar gur mhaith leo go bhfeicfeadh a gcuid scoláirí daltaí eile a bhfuil Gaeilge acu agus go bhfuil siad in ann í a labhairt agus foghlaim trí Ghaeilge [...] Tagann scoileanna eile anseo mar go mb'fhéidir go bhfuil sé ar intinn acu sruth Gaeilge a bhunú ina scoil féin nó an Ghaeilge a chur chun cinn. (PO2)

Luaigh príomhoidí agus múinteoirí go bhfuil bua ar leith sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge maidir le feasacht dhaltaí na Gaeltachta a chothú faoin nGaeilge agus faoi úsáid na Gaeilge. Dar leo go bhfuil easpa tuisceana i measc daltaí na Gaeltachta maidir leis an “seod atá acu” sa Ghaeltacht: “níl an saibhreas teanga ag an nglúin seo agus níl an t-eolas céanna acu faoin [gceantar áitiúil]” (PO3). Dar leo go bhféadfadh teagmháil le daltaí scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht an fheasacht sin a chothú i measc daltaí na Gaeltachta toisc dar leo go bhfuil “rogha” déanta ag na daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge agus a dtuismitheoirí faoin nGaeilge mar mheán cumarsáide. Is rogha é seo a thugann tiomantas, tuiscint agus díograis le fios dar le rannpháirtithe an taighde, tréithe atá in easnamh i bpobal daltaí na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta. Dar leis an eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta go bhfuil gá “go dtuigfeadh an duine óg go bhfuil ról ríthábhachtach acu sa méid atá i ndán don teanga agus don nGhaeltacht amach anseo” (Tuismitheoirí na Gaeltachta).

Nuair a chaitear súil ar thorthaí taighde a dhéanann scagadh ar dhearcadh dhaoine óga na Gaeltachta, áfach, ní léir an bhfuil na tréithe seo ar lár, nó, mar a bhí ag Price agus Tamburelli (2015) go bhfuiltear ag glacadh le heaspa úsáide mar chomhartha den mhíthuiscint agus díomhaoin i leith na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Aithnítear go bhfuil deis láidir ghréasánaithe i measc na scoileanna Gaeltachta ní hamháin do na daltaí ach do phobail na scoile agus is trua nach bhfuiltear ag tapú na ndeiseanna sin. Tagann na daltaí iad féin leis an dearcadh seo ag moladh cúrsa mar fheithicil don ghréasánú seo:

“Dá mbeadh cúrsa ann, ceann i gcomhair daltaí bhliain a ceathair sa Ghaeltacht, dá mbeidís ábalta dul agus cluichí agus turais a dhéanamh le chéile, *just* i gcomhair seachtaine is go mbuailfidís le daoine eile ón nGaeltacht sa cheathrú bliain agus go mbeadh s uim níos mó acu sa Ghaeilge agus tuiscint níos fearr a bheith acu ar cén fáth gur cheart dóibh a bheith bródúil as a bheith as an Ghaeltacht” (GFD3)

Dar le príomhoidí agus múinteoirí freisin go rachadh gréasánú agus teacht le chéile idir scoileanna Gaeltachta chun leasa na scoile agus na ndaltaí ach gur deacair, go háirithe ag scoileanna atá lonnaithe i bhfad óna chéile, freastal air seo. Dar le rannpháirtí amháin go n-eascraíonn drogall áirithe as an easpa cleachtadh atá ag scoileanna Gaeltachta bheith ag teacht le chéile sa tslí seo:

“sa mhúinteoireacht, bíonn leisce ar mhúinteoirí go minic imeacht ón rud atá ar siúl agus imeacht ón rud atá *tried and tested*. Is dócha go bhfuil costas atá ag baint leis chomh maith. An costas a bheadh ag baint leis ná busanna [chun iad a thabhairt] le chéile in áit lárnach” (PM5)

É sin ráite, is dúshlán suntasach do scoileanna an costas agus an brú a bhaineann le daltaí as réigiúin éagsúla a thabhairt le chéile, agus tá sé seo amhlaidh go háirithe i gcás scoileanna oileáin áit go mb’fhéidir nach mbeadh ach beirt nó triúr i mbliain na hIdirbhliana ar fad. Dúshlán eile atá le tabhairt ag scoileanna oileáin rogha teoranta de dheiseanna taithí oibre, costas níos airde bainteach le himeachtaí idirbhliana agus rogha teoranta de na himeachtaí céanna. Aithnítear mar sin féin go bhfuil nasc cruthaithe cheana féin ag roinnt de na scoileanna oileáin le scoileanna eile ar an mórthír, cé nach n-áirítear scoileanna Gaeltachta ina measc.

Sa chás go mbeadh modúil ar leith Idirbhliana ar fail dírithe ar scoileanna Gaeltachta, thabharfaí deis do dhaltaí agus do scoileanna na n-oileán dul i mbun oibre ar chlár comónta léinn agus gníomhaíochtaí agus ar a gcumas tarraingt as réimse ní ba leithne gníomhaíochtaí dá bharr. Aithnítear go mbeadh na dúshláin chéanna le tabhairt ó thaobh líon daltaí agus ceisteanna iompair agus costais, ach go mb’fhéidir go mbeadh breis deiseanna gréasánaithe á gcruthú de bharr daltaí a bheith i mbun an ábhair chéanna léinn. Tuigtear go bhfuil líonrú ar bun cheana féin ag scoileanna áirithe tuaithe atá i mbun an chlár Future Leaders atá luaite agus gur cabhair an líonrú sin d’fhonn imeachtaí a eagrú idir scoileanna.

Tarraingíonn tuismitheoirí iad féin aird ar na buntáistí a bhainfeadh le daltaí as scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a thabhairt le chéile. Deir Tuismitheoirí na Gaeltachta gur “buntáiste ollmhór a bheadh ann do dhaoine óga aithne a chur ar ógánaigh eile a bheadh sa bhád céanna leo” (Tuismitheoirí na Gaeltachta). Dar le tuismitheoir amháin, áfach, go bhfuil gá tabhairt faoi ar shlí nach gcuireann ualach róthrom ar an dalta, gné atá tagtha chun cinn i gcomhthéacsanna eile idirnáisiúnta chomh maith céanna (Price & Tamburelli, 2016). Slí amháin chuige seo daltaí as scoileanna éagsúla Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a thabhairt le chéile i gcomhair imeachtaí allamuigh agus eachtraíochta:

Dá mbeadh teacht le chéile fiú amháin. Rud éigin cosúil le cúpla lá i gColáiste Uisce. Dá mbeadh daoine as [scoileanna eile Gaeltachta agus lán-Ghaeilge máguaird] is go mbeadh ceisteanna [teanga] mar ábhar [ach] gan é a bheith ró lán de *propaganda*. (T. 6)

Dar leis an tuismitheoir seo má táthar chun an leas is fearra bhaint as naisc den chineál seo nach mór féachaint i dtreo naisc idirnáisiúnta a chothú d'fhonn feasacht an dalta ar theangacha mionlaigh a fhorbairt:

“Fiú dá mbeadh duine idirnáisiúnta ann [...] swap nó rud éigin le scoil sa Bhreatain Bheag [...] tá rudaí iontach maith sa cheantar seo [...] ach ag an am céanna sé an rud is mó a bhíonn ar dhaoine go dtiteann siad isteach sa rud sin a bhíonn siad ag smaoineamh ar [...] is bíonn sé an-deacair dóibh ag dul go dtí an Choláiste - sin é an chéad am dáiríre *that a lot of these things are challenged* agus fiú ansin bíonn a lán acu ag dul chuig an gColáiste lena gcuid cairde” (T.6)

Níor mhiste a lua go bhfuil sé cruthaithe sa taighde nach cleachtas comónta é iar-bhunscoileanna Gaeltachta ag teacht le chéile ar bhonn foirmiúil i gcás scoilbhliain ar bith ná i gcás fhoirne na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta (Ní Thuairisg, 2018).

Cé nach bhfuil fianaise ón taighde seo a léiríonn nasc leanúnach idir grúpaí Idirbhliana in iar-bhunscoileanna Gaeltachta, tuigtear ó pháirtithe leasmhara eile go bhfuil nascanna den chineál seo á gcothú go neamhfhoirmiúil trí mheán imeachtaí éagsúla pobail agus go bhféadfaí leas a bhaint as an múnla sin mar chuid den chlár Idirbhliana Teachta in Inmhe. Sampla de sin tionscadal a bhí á reáchtáil ag Iomairt Cholmcille, le cabhair maoinithe ó Fhoras na Gaeilge, inár tugadh grúpa déagóirí as ceantar Chonamara, Ghaoth Dobhair agus Charn Tóchair le chéile, le cabhair Mhuintearas Teoranta, chun cuairt a thabhairt ar dhaoine óga ar chomh-aois leo ar oileán Leòdhais in Albain, agus cuairt eile ansin á tabhairt ag déagóirí na hAlban ar Éirinn. Mar chuid den turas seo tugadh an dá ghrúpa déagóirí le chéile i ngrúpaí ceoil agus amhránaíochta, imeachtaí sóisialta agus ranganna Gaeilge agus Gaeilge na hAlban.

Suim na ndaltaí Idirbhliana i gníomhaíochtaí dírithe ar Teachta in Inmhe

Ar mhaithe le suim na ndaltaí sna gníomhaíochtaí sin a raibh an Ghaeilge agus an Ghaeltacht mar ábhar acu a iniúchadh, cuireadh ceist orthu cé acu de na gníomhaíochtaí sin sa liosta thuas ar mhaith leo bheith páirteach iontu, agus tugtar léargas ar na freagraí sin is mó ar tháinig ardú orthu thíos:

- Cuairt chuig scoileanna eile Gaeltachta (42.5%, ardú 27.5%)
- Cuairt chuig scoileanna eile lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (19.5% 1 ardú 8%)
- Nasc nó teagmháil le daoine óga i dtíortha eile a bhíonn ag labhairt teanga mhionlaigh (30.1% ardú de 21.3%)
- Nasc nó teagmháil le pobail i dtíortha eile a bhíonn ag labhairt teanga mhionlaigh (16.8% ardú 12.4%)
- Bíonn muid ag foghlaim faoi Ghaeltachtaí eile (13.3% ardú 6.2%)
- Tionscadail comhoibritheacha le daltaí Idirbhliana eile i scoileanna eile Gaeltachta (14.2% ardú 9.7%)

I measc na ngníomhaíochtaí sin is mó a raibh laghdú i suim na ndaltaí le sonrú iontu bhí:


- Obair le seandaoine sa Ghaeltacht (23.9% laghdú 8.8%)

- Taithí oibre in eagraíochtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht (25.7% laghdú 12.4%)

Maidir le ceist na féiniúlachta a rinneadh scagadh ar sa dara caibidil den tuairisc seo, de réir an taighde go gcuimsíonn an fhéiniúlacht eitnitheangeolaíoch an féin-sainiú a dhéanann an duine óg agus an rannpháirtíocht féiniúlachta nó *identity involvement* (Landry et al., 2010) agus tábhacht ar leith sa rannpháirtíocht sin do láidriú na féiniúlachta i gcoitinne. Sa chás go mbeifí ag iarraidh an fhéiniúlacht eitnitheangeolaíoch chomónta a mhúscailt i measc daoine óga na Gaeltachta agus deiseanna a thapú d'fhonn an bhallraíocht eatarthu a fhorbairt (Eckert, 1998), b'fhiú deis a thabhairt do dhaltaí Gaeltachta ceisteanna bainteach go sonrach leis an nGaeltacht agus leis an teanga mhionlaigh, na tréithe atá comónta i measc dhaltaí uile na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta, a ionramháil, agus níos tábhachtaí fós, iad a ionramháil ina measc féin. Is trímheán na hionramhála sin a thabharfaí deis do dhaoine óga brí a bhaint as an bhféiniúlacht sin agus ballraíocht an ghréasáin sin a fhorbairt (Eckert, 1998; Groff et al., 2016; Pavlenko & Blackledge, 2004).

Úsáid na Gaeilge san Idirbhliain

Tá trácht leathan déanta ar na dúshláin a bhíonn ag scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus iad ag iarraidh foireann a bhfuil ard-chumas Gaeilge acu a earcú agus is amhlaidh a bhíonn freisin agus scoileanna ag iarraidh cuairteoirí a thabhairt chun na scoile. Tuigtear gur bliain ar leith an Idirbhliain ina gcuirtear an-bhéim ar ghníomhaíochtaí nach raibh lámh ag daltaí iontu go dtí seo agus ar thurais lasmuigh de thimpeallacht na scoile. Luíonn sé le réasún dá réir go mbeadh deacracht ag scoileanna freastal ar an ngné teanga agus iad ag iarraidh réimse leathan gníomhaíochtaí a sholáthar. Chuige sin, theastaigh uainn a fhiosrú cén teanga is mó a bhíonn in úsáid le linn na ngníomhaíochtaí sin. Cuireadh ceist ar na daltaí *Cén teanga a bhíonn in úsáid sna gníomhaíochtaí breise (lasmuigh den scoil) a reáchtálar mar chuid den chlár Idirbhliana?* agus tugtar léargas ar fhreagraí na ndaltaí sin thíos:



Figiúr 7. Úsáid na Gaeilge san Idirbhliain

Tugtar faoi deara anseo go bhfuil ceannasaíocht ag an mBéarla i nósmaireachtaí úsáide teanga na ngníomhaíochtaí seo (47%), cé nach bearna ollmhór atá i gceist agus tugtar faoi deara freisin go mbunaítear an cheist ar úsáid na Gaeilge le linn na ngníomhaíochtaí sin agus ní úsáid eisiach na ndaltaí ná na dteagascóirí.

Is gné lárnach den Idirbhliain cuairteoirí ón taobh amuigh ag teacht chun na scoile agus a gcuid saineolais nó scileanna a roinnt leis na daltaí. Is iondúil gur daoine áitiúla iad na cuairteoirí seo, cleachtas a laghdaíonn an costas don scoil agus, dar le páirtithe leasmhara, cleachtas a cheadaíonn do dhaltaí blas a fháil de na seirbhísí agus buanna atá in aice láimhe sa phobal. Ní gá go mbeadh cumas teanga ag na cuairteoirí seo, áfach, agus is cinneadh é seo don scoil féin. Dar le rannpháirtí amháin nach bhfuil tionchar díobhálach aige seo ar an gclár ná ar an teanga:

Tá daoine go bhfuil scileanna faoi leith acu agus níl Gaeilge acu. Má ghlacann tú gach rud sa phictiúr mór ní dhéanfaidh sé dochar don Ghaeilge. Bainfidh siad fiúntas as na tréimhsí sin. Go dtí ag pointe éigin go mbeidh dóthain daoine le Gaeilge agus atá cáilíocht acu ar fáil chun na cúrsaí sin a dhéanamh. Faoi láthair níl sin amhlaidh. Tá's againn an deacracht atá le earcú foirne faoi láthair - tá sé deacair múinteoirí a fháil atá Gaeilge acu in sna hábhair (PO2).

Aithníonn tuismitheoirí freisin gur dúshlán é seo a bhaineann leis an oideachas Gaeltachta agus lán-Ghaeilge trí chéile agus ní leis an Idirbhliain amháin, cé nár mhiste a lua, nach bhfuil rannpháirtí ar bith sásta leis an staid reatha sin:

Tá sé in ainm is go mbeadh gach rud reáchtáilte trí mheán na Gaeilge, ach dár ndóigh, mar a tharlaíonn go minic ní bhíonn daoine ar fáil ... an dearcadh atá ann ná táimid ag cur rudaí ar fáil is táimid faoi bhrú agus seo mar atá sé (GFT2).

Dar leis na daltaí freisin nach raibh cumas sa Ghaeilge ag teagascóirí/ áisitheoirí roinnt de na cúrsaí ach ábhar suime go nglacann siad leis seo mar ghnáthchleachtas de chuid an phobail áitiúil agus de chuid an oideachais sa mhéid is gur cuireadh cúrsa tarrthála ar fáil go háitiúil le háisitheoir áitiúil ach gur i mBéarla a bhí sé mar “níl Gaeilge aici” (GFD2).

Feictear arís anseo an choimhlint idir an tosaíocht teanga agus tosaíocht an chláir, agus is coimhlint í seo ar ndóigh atá i gceist i ngach scoil Ghaeltachta, bunscoil agus iar-bhunscoil, agus coimhlint a bhaineann le ceist na hearcaíochta i gcoitinne agus ní hamháin le cuairteoirí chun na scoile.

Taithí na ndaltaí ar an Idirbhliain

Dar le 80% de dhaltaí go raibh siad sásta leis an taithí a bhí acu ar an Idirbhliain, go raibh an bhliain “iontach maith agus d’fhoghlaim [siad] léar mór” (GFD2). I measc na mbuntáistí is mó a bhí leis an gclár dar leo féin: ag treisiú an chairdis a bhí ina measc leis an ngrúpa ranga; an ghné taithí oibre; cúrsaí oiliúna go háirithe na cúrsaí sin a raibh teastais oifigiúla mar thoradh leo. An dá ghné ba mhó a chuaigh i bhfeidhm go dearfach ar na daltaí dar leo féin le linn na bliana an taithí oibre agus an turas thar lear a bhí mar chuid den bhliain. Dar le dalta amháin gurb í “an bhliain is fearr ar scoil riamh é” (GFD3)

Luadh thuas agus an litríocht á scagadh gur dúshlán don phleanáil teanga an chothromaíocht a aimsiú idir tosaíochtaí teanga agus tosaíochtaí eile an duine óig. Is amhlaidh atá freisin i gcás na hIdirbhliana dar le páirtithe leasmhara sa mhéid is go bhfuil imní ina measc go nglacadh tosaíocht teanga ceannasaíocht ar thosaíocht eile de chuid an chláir, cé go dtarlaíonn in amantaí go dtagann an dá thosaíocht sin le chéile. Áit go bhféadfaí go mbeadh coimhlint idir tosaíochtaí teanga agus tosaíochtaí eile an Chláir is ea

an taithí oibre. Is gné lárnach de Chlár na hIdirbhliana an taithí oibre agus ní mór don dalta a s(h)ocrúchán féin a aimsiú. Dar leo siúd uile a ghlac páirt sa taighde, agus de réir na litríochta ar an ábhar, is bua de chuid an chláir an t-ualach sin a leagan ar an dalta. Deir dalta amháin agus é ag trácht ar a bheith ag roghnú socrúcháin don taithí oibre:

Definitely because má tá duine éicinteile á éagrú dhuit seans nach mbeadh tú in ann rud atá tú fhéin ag iarraidh a dhéanamh a dhéanamh (GFD1).

Ní gá, áfach, go mbeadh rogha taithí oibre an dalta lonnaithe i gceantar Gaeltachta ná ar bun trí mheán na Gaeilge gné a fhágann go dtugann roinnt mhaith daltaí faoina dtaithí oibre i ngnólaigh ina bhfuil an Béarla in uachtar mar theanga oibre agus chumarsáide. Ceistíodh daltaí an mbeidís sásta dá mbeadh coinníoll teanga ceangailte leis an taithí oibre:

... bhuel níl go leor áiteacha a labhraíonn Gaeilge ann *so no* (FGD1).

cineál rudaí *like* níl tú in ann iad a dhéanamh trí Ghaeilge agus má tá tú ag iarraidh dhul isteach sa coláiste agus ag iarraidh taithí oibre a dhéanamh ar rud atá tú ag iarraidh é a dhéanamh agus má tá ort é a dhéanamh i nGaeilge agus níl an áis ann i nGaeilge ní bheadh tú in ann an taithí a fháil air agus ní bheadh's agat an mbeadh tú ag iarraidh é a dhéanamh (GFD1).

Feictear go soiléir anseo an choimhlint idir tosaíochtaí teanga agus tosaíochtaí an chláir. Cé go gcuireann seo laghmhisneach ar roinnt tuismitheoirí, dar le tuismitheoirí eile nach mór tús áite a thabhairt sa mhodúl áirithe seo don fhorbairt phearsanta seachas don choinníoll teanga, go háirithe i gcás na réimsí oibre sin nach mbeadh ar chumas an dalta tabhairt faoin taithí oibre iontu trí mheán na Gaeilge. Tugtar faoi deara freisin ó thorthaí an cheistneora nach dteastaíonn ó líon suntasach daltaí go gcuirfí faoi ndeara dóibh tabhairt faoi thaithí oibre a bheadh lonnaithe i gceantar Gaeltachta.

Is léiriú an modúl taithí oibre ar éagsúlacht an Chláir Idirbhliana ó mhodúil eile de chuid na hiar-bhunscolaíochta Gaeltachta agus spás ar leith á chruthú don Bhéarla má thagann sé sin le rogha an dalta. Ainneoin go bhféadfaí an taithí oibre a dhéanamh sa Ghaeltacht, tá sé rithábachtach go bhfaigheadh an dalta an deis an rogha a dhéanamh agus forbairt a dhéanamh ar a fhéiniúlacht féin mar dhuine neamhspleách. Sa chás seo, is é an chaoi go mbeadh an coinníoll teanga mar bhac ar chothú na féiniúlachta, ainneoin go mbeadh an Ghaeltacht lárnach sa chleachtas.

Buntáiste eile de chuid na bliana dar leis na daltaí an briseadh a fuair siad ón staidéar go háirithe de bhrí go raibh ualach trom staidéir orthu le linn an Teastais Shóisearaigh. Dar le daltaí nach “raibh aon stress ag baint le [ranganna]” (GFD2) agus go raibh “sé go deas, bíonn saoire agat agus ní bhíonn aon bhrú ort” (GFD2&3). Dar leis na daltaí uile a ghlac páirt nach raibh obair bhaile le déanamh agus gur buntáiste a bhí ansin dóibh freisin le linn na bliana.

Ba léir, áfach, go háirithe ó thaithí na ndaltaí agus na dtuismitheoirí ar an Idirbhliain nár mhair seo i bhfad agus deacrachtaí ag daltaí le leagan amach na bliana agus leis an gcur chuige a bhí ag scoileanna éagsúla i dtaobh chroíabhair an churaclaim. Mar a pléadh sa dara caibidil den tionscadal seo tá méid áirithe saoirse ag scoileanna san Idirbhliain maidir leis na hábhair a bheadh á dteagasc cé go cuirtear

iachall ar gach scoil freastal a dhéanamh ar na chroíabhair an churaclaim. Dar le dalta amháin go raibh “i bhfad róbarraíocht” am saor (GFD2) agus gur “rang saor i ndiaidh rang saor” (GFD2) a bhí i gceist. Dar le daltaí eile, áfach, go bhfágтар faoin dalta féin imeachtaí agus cúrsaí a roghnú mar sin is faoin dalta féin a bhí sé é/í féin a choinneáil gnóthach.

Dar leis na daltaí go raibh go leor am saor i gceist leis an mbliain agus go mbeadh laethanta á gcaitheamh sa bhaile go minic agus tréimhsí áirithe den bhliain nuair nach raibh imeacht ar bith ar bun. Ba le linn na dtréimhsí sin is mó a chaithfí laethanta sa bhaile. De réir roinnt daltaí, bhí an bhliain “leadránach in amantaí” agus go raibh “píosáí fada ann gan rud ar bith ar siúl” (GFD3).

Thug tuismitheoirí iad féin suntas don ghné seo den chlár

...chaith sí go leor ama sa bhaile. Bhí cuid mhór laethanta déarfadh sí [liom]... tá dhá free class agam anois. Nó tá ceithre free class agam anois. Nó táimid ag dul ag siúl anois agus bhí muid ag siúl inné agus arú inné agus níl mé ag iarraidh dul ag siúl (GFT2).

Dar leis na daltaí gur míbhuntáiste den ldirbhliain an díomhaoin seo agus gur mhaith leo dá mbeadh leagan amach na bliana níos cothroime ó thaobh imeachtaí. Dar leo go raibh na himeachtaí den chuid is mó pleanáilte le linn tréimhse amháin ama agus d’fhág sin go raibh tréimhse shuntasach den bhliain nuair nach raibh gníomhaíochtaí foirmiúla ar bith ar bun. Dar leo gur “tharla na comórtais ar fad le chéile cúpla seachtain” agus go raibh na himeachtaí pleanáilte “thar dhá seachtain *and then* bhí mí nó dhó gan aon rud” (GFD2).

Maidir leis na ranganna a bhí ar bun le linn na bliana, tuigtear go bhfuil curaclaim ar leith le leanúint le linn chlár na hldirbhliana ach nach gceadaítear leanúint leis an gcuraclam Ardteistiméireachta. Cruthaíonn sé sin dúshlán maidir le cén dul chun cinn ar cheart nó ar féidir a dhéanamh sna hábhair:

Bhí cúpla múinteoir agus ní raibh a fhios acu céard le déanamh. Like san eolaíocht bhí muid just a dul siar ar na rudaí a rinne muid sa tríú bliain (GFD2).

Deir dalta agus é ag trácht ar ábhar na ranganna: ní raibh a dhóthain rudaí ag tarlú sna ranganna, just mata agus Béarla agus gaeilge, ní raibh rudaí suimiúil” (GFD3). Ainneoin gur thaitin sé leis na daltaí nach raibh obair bhaile le déanamh go rialta, ba bheag taitneamh a bhí le baint as na ranganna iad féin:

Just na gnáthranganna, cosúil le mata agus Gaeilge. Ní raibh muid ag déanamh tada iontu (GFD3).

Is gné é seo a tháinig chun cinn sna tuairiscí cigireachta chomh maith céanna agus éagsúlacht shuntasach san obair a bhí ar bun ag daltaí sna hábhair éagsúla.

Cigireacht ar chlár na hIdirbhliana in iar-bhunscoileanna Gaeltachta

Tugann an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chúram na cigireachta ar chlár idirbhliana agus faightear léargas ó na tuairiscí sin ar fheidhmiú agus ar ábhar na gClár. Tugtar cuntas gairid thíos ar roinnt de na ngnéithe a thagann aníos i dtuairiscí cigireachta ar cheithre iar-bhunscoil Ghaeltachta⁷:

- Moltar an bhéim a leagtar ar oidhreacht agus cultúr an cheantair áitiúil toisc go gcuirean sé le seachadadh idirghlúineach an ábhair sin
- Moltar an comhoibriú a bhíonn ar bun i gcomhthéacsanna áirithe idir iar-bhunscoileanna Gaeltachta
- Moltar pleanáil na gclár éagsúil
- Moltar caighdeán an teagaisc i bhformhór na gclár

I measc na moltaí a rinneadh sna tuairiscí céanna, bhí:

- Go leagfaí béim bhreise ar an eispéiris mheasúnaithe agus an dalta féin a lonnú sa phróiseas sin, agus béim ar leith ar an bhféin-mheasúnú
- Go leagfaí plean amach don chlár ina iomláine agus na gníomhaíochtaí éagsúla lasitigh de dá réir
- Go gcuirfí leis an obair charthanachta a bhíonn ar bun ag na daltaí sa phobal
- Go gcuirfí daltaí ar an eolas maidir le cuspóirí foghlama an cheachta mar aon le buntáistí an eispéiris foghlama sin
- Go mbainfí úsáid as modheolaíochtaí teagaisc a láidreodh guth an dalta le linn an phróisis foghlama
- Go mbeadh foghlaim mhachnamhach ar bun ag na daltaí

Níor mhiste a lua agus anailís á déanamh ar na tuairiscí cigireachta seo nach raibh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta i bhfeidhm lena linn agus go mb'fhéidir go mbeadh tionchar ag an bPolasaí ar an gcigireacht a bheadh ar bun ar chlár na hIdirbhliana amach anseo.

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus Clár na hIdirbhliana

Glactar leis go dtagann an Idirbhliain faoi scáth éiteas agus pholasaí na scoile i gcoitinne, agus is amhlaidh atá i gcás na hIdirbhliana i scoileanna Gaeltachta. Maidir leis an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, ainneoin nach leagtar sprioc shonrach amach lena aghaidh, tagraítear mar sin féin do na deiseanna atá san Idirbhliain mar chlár ina bhféadfaí gearrchúrsaí a sholáthar a ghníomhódh “chun feabhas a chur ar thuiscint agus meas na scoláirí Gaeltachta ar chomhthéacs theanga, chultúr agus stair na Gaeltachta” (ROS, 2016: 33).

Tagann scairsealbhóirí an chórais leis an dearcadh seo agus an ról lárnach atá agus a d'fhéadfadh a bheith ag an Idirbhliain agus an t-oideachas Gaeltachta á forbairt faoi scáth an Pholasaí, cé go n-aithnítear go raibh an deis i gcónaí sa chóras freastal ar na saincheisteanna seo:

bhí [an deis] acu i gcónaí ach go bhfuil na pleananna gníomhaíochta agus an fócas ar oideachas Gaeltachta ag spreagadh scoileanna chun níos mó machnamh a dhéanamh ar cá

⁷ Tugtar faoi deara freisin nach ndéantar cigireacht gach bliain ar chlár idirbhliana na scoile agus bunaítear an cuntas seo ar cúig thuarisc agus ar mhaithe le hanaithne na scoileanna a chosaint, déantar coimriú ar thorthaí na dtuairiscí sin.

seasann siad - cad is féidir leo a dhéanamh ó thaobh feacht na scoláirí i leith na Gaeilge, feacht na dtuismitheoirí agus mar sin de (AOG).

Mar atá pléite sa dara caibidil, is ina thús atá an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus is deacair mar sin tionchar an pholasaí ar chlár na hIdirbhliana a mheas. É sin ráite, is cinnte go bhfuil a rian le sonrú ar ghnéithe áirithe de chleachtas na scoile agus tionchar aige ar chlár na hIdirbhliana dá réir. Faoi scáth an Pholasaí, beifear ag bronnadh cúig uair an chloig ar a laghad tacaíochta teanga ar gach scoil a chláraíonn don Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. Dar le príomhoide amháin go mbreathnaítear ar “lucht na hIdirbhliana mar thús an ghrúpa sinsearach sa scoil” agus go bhfuil sé i gceist tús a chur leis an tacaíocht teanga san Idirbhliain agus tógáil air sin sa cheathrú agus sa chúigiú bliain.

I gcás scoil eile, cé nach bhfuil aon ghníomhaíocht shonrach ar bun faoi scáth an Pholasaí is léir gur dhírigh an Polasaí fócas phobal na scoile i dtreo úsáid na Gaeilge i measc na ndaltaí:

Bhí grúpa scoláirí i mbun coiste Gaeilge i mbliana. Sílim go bhfuil sé sin ag cur go mór leis an scoil [...] phioc muid scoláirí a shíl muid a bheadh maith ag gabháil do rudaí mar sin. [Díríonn] na scoláirí ar an gcéad bhliain ar dtús ag déanamh tráth na gceist, cluichí as Gaeilge [...] sílim go bhfuil sé ag cur go mór leis an scoil fiú amháin sa chéad téarma i mbliana (PO1).

Níor mhiste a lua sa chás áirithe seo gurb iad na múinteoirí féin a roghnaigh na daltaí don choiste agus cé gur maith ann a leithéid, ardaítear an cheist ar cheart an córas a bhunú ar rogha an dalta féin mar a dhéantar i gcás na ngnéithe eile den Idirbhliain? Cé go n-aithnítear go bhfuil deis ag an dalta diúltú don chúram seo, ní léir an bhfuil ról ar fáil don dalta nach bhfuil ardchumas teanga aige / aici ainneoin go mbeadh tuiscint ar leith ag an dalta sin ar na dúshláin a bhaineann ceist dá leithéid.

Clár Idirbhliana á dhearadh

Dar leis na rannpháirtithe uile a ghlac páirt sa chlár go rachadh ábhar Idirbhliana a bheadh dírithe ar an Idirbhliain i scoileanna Gaeltachta chun leasa na ndaltaí agus na scoileanna. É sin ráite, tá amhras ar roinnt páirtithe leasmhara, go háirithe múinteoirí agus príomhoidí, maidir leis an struchtúr a bheadh lena leithéid. Buntáiste shuntasach bainteach leis an gClár reatha Idirbhliana an tsolúbthacht atá leis agus níor mhaith le scoil ar bith a bheith ceangailte go dlúth do chlár nach bhfuil in oiriúint do riachtanais na scoile. Ar an lámh eile, dar le príomhoidí agus múinteoirí go bhfuil brú ag baint leis an Idirbhliain sa mhéid is gur faoin múinteoir / comhordaitheoir atá sé acmhainní a chruthú chuige. Dar leo gur mór an chabhair é nuair atá pacáiste ullmhaithe don Idirbhliain agus fáil éasca ag múinteoirí agus ag scoileanna air sin agus ar na háiseanna bainteach leis. Sampla de seo an clár Future Leaders de chuid an CLG agus freisin an clár Cearta Teanga atá ag Oifig an Choimisinéara Teanga agus sraith modúl agus ábhar teagaisc agus foghlama ag dul leo. Dar le rannpháirtí amháin gur buntáiste mhór do mhúinteoirí agus comhordaitheoirí idirbhliana struchtúr “tarraingteach” a bheith leis:

Is dóigh liom go mbeadh na múinteoirí ar bís go háirithe dá mba rud é go raibh sé tarraingteach. Agus dá mba rud é go raibh teoracha ag baint leis agus gníomhaíocht (PO5).

Sa chás go mbeadh modúl á sheachadadh, mar a bheadh i gcás Teacht in Inmhe, fiosraíodh leis na páirtithe leasmhara cén suíomh ab fhearr a d’oifeadh do sheachadadh an ábhair, go háirithe nuair a fheictear an dlúthcheangal atá idir an teanga agus diméin an oideachais tráth go bhfuil an ceangal leis an

mbaile agus an pobal laghdaithe go mór (Ó Giollagáin & Charlton, 2015). Ba é an tuairim a bhí ag na páirtithe leasmhara uile gur fearr a leithéid a sholáthar laistigh den scoil agus mar chuid foirmiúil den chlár Idirbhliana. Deir príomhoide ar an ábhar:

Tá chuile dhuine scoite amach is má theastaíonn uait go mbeadh tinreamh maith ar na cúrsaí seo ba cheart go mbeadh siad ar siúl sa scoil laistigh d'am scoile. Má bhíonn rudaí ann tar éis am scoile bíonn sé deacair tinreamh maith a fháil orthu toisc cúrsaí taistil (PO1).

Dar leis an bpríomhoide thuas freisin go mbíonn daltaí na hIdirbhliana ag imeascadh leis an bpobal agus gníomhaíochtaí eile de chuid an chlár ar bun agus mar sin nach gá sin a chúiteamh laistigh de Teacht in Inmhe. Luaitear mar sin féin go bhféadfadh agus an modúl a lonnú sa scoil “go bhfuil an baol ann go gceanglódh an duine óg an clár seo agus torthaí an chlár dá réir le ‘teanga na scoile’ nó leis an scoil féin seachas leis an bpobal agus an ról atá acu ann” (Tuismitheoirí na Gaeltachta). Tá sé tagtha chun cinn cheana féin sa taighde idir lámha agus sa taighde idirnáisiúnta go bhfuil an ceangal sin réasúnta láidir in aigne an duine óig idir an teanga mhionlaigh agus diméin an oideachais. Buntáiste leis seo an leibhéal ard cumais ina measc agus tá dúshlán le sárú maidir le feasacht an duine óig maidir le feidhmiúlacht na teanga mar mheán cumarsáide agus sóisialaithe lasmuigh den diméin sin a chothú.

Dar le rannpháirtí eile gur cuid lárnach de shaol na scoile Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ceist na teanga agus go luíonn sé le réasún go ndéanfaí na ceisteanna a ionramháil sa timpeallacht sin:

Ceapaim gur bua é a dhéanamh taobh istigh den scoil. Bheinnse i gcónaí ag moladh do scoileanna lán-Ghaeilge nó scoileanna Gaeltachta díriú isteach ar cheist na teanga, mar tá sé chomh lárnach dóibh sa saol scoile (AOG).

Dar leis an rannpháirtí céanna nach bhfuil “aon fhianaise againn nach raibh [imeachtaí den tsórt] ar siúl” sna scoileanna go dtí seo ach go bhfuil deis anois toisc an Pholasaí “ag scoileanna ag díriú níos mó ar na ceisteanna seo” (AOG). Árdóigh tá deis anois ag scoileanna pleanáil do shaincheisteanna den chineál seo i gcomhthéacs na bpleananna gníomhaíochta atá le hullmhú acu faoi scáth an Pholasaí.

Ach an oiread le seachadadh clár i réimsí eile de chuid an oideachais, dar le rannpháirtithe an taighde go bhfuil rath an tseachadta, an t-ábhar reatha nó ábhar a bheidh le teacht, ag brath go mór ar inniúlacht na foirne a bheidh i mbun an tseachadta chéanna:

Tá tú ag brath go huile is go hiomlán ar chruthaíocht an Phríomhoide is dócha, ceannaireacht scoile, agus an múinteoir atá i gceannas ar an gclár (AOG).

Leagann tuismitheoirí iad féin béim ar an tábhacht atá le foireann chuía bheith i bhfeighil an ábhair lena chinntiú go bhfreagraíonn sé do na bearnaí reatha atá sa soláthar:

Tá tú ag freastal ar réimse leathan daoine agus cuid acu tá suim acu sa rud, cuid eile acu b'fhéidir go bhfuil fuath acu ar an rud. So, tá réimse leathan ann ach ag an am céanna sílim má tá rud eagraithe go maith agus má tá acmhainní ar a chúl bíonn toradh air. Sin an príomhrud [...] déarfainn nach mbeadh sé chomh deacair sin rud níos fearr [ná an t-ábhar reatha] a chur le chéile dá mbeadh foireann beag saineolaithe ina shuí síos agus rud éigin chur le chéile (GFT2).

Dar le rannpháirtithe an taighde go bhfuil sé tábhachtach nach mbeifí ag moladh go ndearfaí Clár Idirbhliana toisc gur ann don Chlár sin cheana féin. Séard a bheadh i gceist sraith modúl nó gearrchúrsaí a dhéanfaí a sheachadadh laistigh den Chlár Idirbhliana agus go mb'fhéidir go mbeadh buntáiste anseo don earnáil oideachais lán-Ghaeilge trí chéile:

Tá an clár idirbhliana mar atá sé [ann] do gach scoil ach laistigh de sin tá solúbthacht ollmhór ann. Is féidir le scoileanna a rogha rud a dhéanamh. Dá gcuirfí roinnt modúil le chéile do scoileanna Gaeltachta go mb'fhéidir go bhféadfadh roinnt scoileanna eile úsáid a bhaint astu chomh maith, na Gaelcholáistí cinnte ach ní dóigh liom gur gá Clár ar leith a dhearadh agus ní fheicim go mbeadh aon bhuntáiste ag baint leis sin. Sílím go bhfuil an clár leathan go leor faoi láthair agus go bhfuil dóthain solúbthachta ann le gur féidir rudaí a eagrú laistigh den chlár sin (AOG).

Agus ábhar nua Idirbhliana á dhearadh, molann rannpháirtí amháin go bhfuil sé tábhachtach “gan a bheith uailimhianach ar dtús [...] dhá nó trí rud a phiocadh ar dtús, iad sin a bheith mar sprioc do chéad bhliain an chlár. Rudaí atá insroichte a roghnú nach bhfuil chomh deacair a bhaint amach” (RPC).

Maidir le dearadh an chlár, dar le príomhoide scoile nach bhfuil sé ceart “go gcuirfeadh [an clár nua] ualach ar mhúinteoirí agus nach mbeadh orthu pacáiste a réiteach [...] go mbeadh sé ansin ar an seilf [dóibh agus go bhféadfadh siad] a slant fhéin” a chur ar an ábhar. Dar leis an bpríomhoide céanna gur gá “go mbeadh sé indéanta ó thaobh acmhainní is costas” (PO1).

Nuair a chuirtear moltaí na bpáirtithe leasmhara i láthair maidir le hábhar nua Idirbhliana á dhearadh, tugtar suntas arís don choimhlint idir tosaíochtaí teanga, nó sin tosaíochtaí teanga-bhunaithe mar atá leagtha síos i dtéarmaí tagartha Teacht in Inmhe, agus na tosaíochtaí atá ag Clár reatha na hIdirbhliana, nó sin tosaíochtaí na scoile trí chéile. Mar atá ráite roimhe seo agus torthaí an taighde seo á scagadh, tá sé thar a bheith tábhachtach agus modúl nó ábhar mar Teacht in Inmhe á dhearadh nach saothar in aisce a bheadh i gceist. Tá sé ríthábhachtach go bhfreagródh na Teacht in Inmhe don chomhthéacs reatha teanga agus oideachais atá sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus go mbeadh an tsaoirse chéanna ag na scoileanna agus atá acu anois tarraingt ar na hacmhainní agus ar na háiseanna atá ar leac an dorais acu a d'éascódh comhlíonadh spriocanna an chlár.

É sin ráite, tá sé soiléir ón taighde seo go bhfuil bearnaí cumarsáide idir iar-bhunscoileanna Gaeltachta maidir leis an ábhar atá ar fáil do Chlár reatha na hIdirbhliana agus amhras ina measc conas rochtain a fháil ar an ábhar sin. Ina theannta sin, is léir go n-aithníonn scoileanna agus páirtithe eile leasmhara na buntáistí a bhainfeadh le gréasánú a chothú i measc daltaí na hIdirbhliana ach go bhfuil drogall orthu tabhairt faoi ghníomhaíochtaí a thacódh leis an ngréasánú sin ar chúiseanna éagsúla. Is cinnte gur buntáiste suntasach a bheidh sa Pholasáí don Oideachas Gaeltachta maidir leis an gceist seo agus líonrú molta mar chuid de ach is gá a chinntiú go bhfuil na hiarrachtaí líonraithe sin dírithe ón mbun aníos, is é sin i measc daltaí, seachas díreach i measc cheannairí na scoileanna iad féin.

Tugtar cur síos anois ar na moltaí atá thar a chur i láthair maidir le dearadh agus feidhmiú Teacht in Inmhe i bhfianaise torthaí an taighde seo.

Moltaí

Cuirtear i láthair anseo moltaí maidir leis an gClár Teacht in Inmhe. Bunaítear na moltaí seo ar an anailís litríochta agus ar an taighde páirce a rinneadh mar chuid den tionscadal comhairleoireachta seo.

An Phleanáil Teanga agus an tOideachas Gaeltachta

Aithnítear i bpleananna teanga na Limistéar Pleanála Teanga go bhfuil ról lárnach ag contanam iomlán an oideachais i gcothú na Gaeilge mar theanga chumarsáide i measc óige na Gaeltachta. Ainneoin an chur chuige chomhtháite atá molta sna pleananna a rinneadh anailís orthu, is beag beart atá luaite ina bhfeictear comhoibriú idir na scoileanna agus eagrais a bhfuil cúramáí bainteach leis an óige orthu ar mhaithe le sprioc chomónta a bhaint amach. Aithnítear go bhfuil teagmháil áirithe idir coistí pleanála teanga agus iar-bhunscoileanna na Gaeltachta maidir le dea-chleachtais ar leith agus an saineolas sin á iomlánú ar shlí ghinearálta i gcleachtais agus sna pleananna gníomhaíochta nach mór do scoileanna a ullmhú faoi scáth an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

- Moltar do Choistí Pleanála Teanga soiléiriú a chur ar fáil do scoileanna an Limistéir Phleanála Teanga maidir leis na beartais sin a bhfuil ról ag na scoileanna iontu agus tacaíocht agus saineolas a sholáthar maidir leis na slite go bhféadfaí an ról sin a chomhlíonadh agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas áitiúil pleanála teanga
- Moltar do Choistí Pleanála Teanga agus don Aonad um Oideachas Gaeltachta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, dul i gcomhairle lena chéile d'fhonn straitéis a chruthú ina bhféadfaí spriocanna comónta pleanála teanga a aithint agus a chinntiú go bhfuil scoileanna ar an eolas ina dtaobh.

Rogha na hIdirbhliana

Tá 28 scoil cláraithe le Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta agus tá Clár Idirbhliana á sholáthar ag 24 díobh seo agus tá 801 dalta i mbun na hIdirbhliana sna scoileanna sin. Aithnítear gur fachtóirí pearsanta den chuid is mó a bhfuil tionchar acu ar chinneadh an dalta tabhairt faoi nó gan tabhairt faoin Idirbhliain. Aithnítear freisin go bhfuil an líon daltaí atá ag tabhairt faoin Idirbhliain ag leibhéal náisiúnta ag ardú go leanúnach (Clerkin, 2018). Glactar leis mar sin gur féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh formhór daltaí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta ag tabhairt faoin Idirbhliain agus go mbeadh lucht freastail ard ag clár a bheadh dírithe orthu. Níor mhiste a lua mar sin féin go bhfuil roinnt iar-bhunscoileanna Gaeltachta a chineann gan an clár a sheachadadh ar chúiseanna éagsúla. Ina gcás siúd, tá sé tábhachtach nach mbeidís fágtha ar lár ó phróiseas deartha nó soláthair cláir a bheadh dírithe ar scoileanna Gaeltachta toisc go mb'fhéidir go mbeadh an clár á sholáthar acu amach anseo nó sin go bhféadfaidís leas a bhaint as ábhar an chlár ar shlí eile. Ní mór freisin bliainghrúpaí eile a thógáil san áireamh agus ábhar mar Teacht in Inmhe á dhearadh.

- Moltar go mbeadh na scoileanna uile atá cláraithe le Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta, iad siúd atá ag soláthar Clár Idirbhliana agus iad siúd nach bhfuil, rannpháirteach sa phróiseas deartha maidir le Teacht in Inmhe.

Taithí na ndaltaí ar an Idirbhliain

Dar le 80% de dhaltaí go raibh siad sásta leis an taithí a bhí acu ar an Idirbhliain agus ba léir agus an taighde seo idir lámha go bhfuil an-obair ar bun ag foirne na scoileanna chun Clár éifeachtach, tairbheach agus taitneamhach Idirbhliana a chur ar fáil do dhaoine óga na Gaeltachta. An dá ghné ba mhó a chuaigh i bhfeidhm go dearfach ar na daltaí dar leo féin le linn na bliana an taithí oibre agus an turas thar lear a bhí mar chuid den bhliain. Cé go gcuirtear iachall ar gach scoil freastal a dhéanamh ar na chroíabhair an churaclaim, tá méid áirithe saoirse ag scoileanna maidir leis na hábhair a bheadh á dteagasc le linn na bliana agus is iondúil nach mbíonn brú measúnaithe ag baint leo. Ainneoin gur thaitin sé leis na daltaí nach raibh obair bhaile le déanamh go rialta, ba bheag taitneamh a bhí le baint as na ranganna iad féin. Dar leis na daltaí gur míbhuntáiste den Idirbhliain an díomhaoin a bhíonn i gceist leis an gClár in amantaí maidir le hábhar na ranganna agus leagan amach na n-imeachtaí.

- Moltar ar mhaithe le suim na ndaltaí agus na múinteoirí a mhúscailt sna croíabhair churaclaim le linn na hIdirbhliana go mbeadh ábhar áirithe bainteach le Teacht in Inmhe curtha in oiriúint do chroíabhair an churaclaim

Teagmháil idir scoileanna Gaeltachta

Maidir leis an teagmháil idir scoileanna Gaeltachta, cuirtear líonrú chun cinn sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta mar dhea-chleachtas. Níl léir, áfach, go bhfuil an líonrú seo i bhfeidhm go fóill, cé go n-aithnítear nach bhfuil an Polasaí bhfad ar an bhfód. Aithnítear mar sin féin go bhfuil naisc cruthaithe idir scoileanna Gaeltachta agus lán-Bhéarla agus comhthionscadail ar bun eatarthu. Aithnítear freisin go bhfuil teagmháil áirithe, más go hannamh féin é, idir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge, cé gur cosúil gur nasc sealadach é seo a chothaíonn ceangal idir scoileanna seachas daltaí.

Is ábhar spéise go háirithe don tionscadal faoi chaibidil a laghad teagmhála atá idir daltaí iarbhunscoileanna Gaeltachta mar chuid de chlár na hIdirbhliana agus is beag taithí atá acu ach an oiread ar thionscadail chomhoibritheacha idir scoileanna Gaeltachta. Is léir go bhfuil rannpháirtithe uile an taighde ar son na teagmhála seo ach amhras ina measc maidir leis na slite is éifeachtaí tabhairt faoi. Tuigtear go bhfuil formhór na gceantar Gaeltachta ina bhfuil na scoileanna seo lonnaithe páirteach sa phróiseas pleanála teanga agus deiseanna sa chomhthéacs sin caidreamh céimniúil agus comhordaithe idir scoileanna agus ceantair Ghaeltachta a fhorbairt. Ábhar iontais freisin an easpa teagmhála seo i bhfianaise na gcosúlachtaí atá idir na daltaí mar ghrúpa eitnitheangeolaíoch agus déimeagrafaíoch agus na buntáistí a bheadh sa chomhpháirtíocht do thógáil agus do mhúscailt na féiniúlachta ina measc.

Sa chás go mbeifí ag iarraidh an fhéiniúlacht eitnitheangeolaíoch chomónta a mhúscailt i measc daoine óga na Gaeltachta agus deiseanna a thapú d'fhonn an bhallraíocht eatarthu a fhorbairt (Eckert, 1998), b'fhiú deis a thabhairt do dhaltaí Gaeltachta ceisteanna bainteach go sonrach leis an nGaeltacht agus

leis an teanga mhionlaigh, na tréithe atá comónta i measc dhaltaí uile na n-iar-bhunscoileanna Gaeltachta, a ionramháil, agus níos tábhachtaí fós, iad a ionramháil ina measc féin.

- Moltar do Choistí Pleanála Teanga dul i gcomhairle le hiar-bhunscoileanna i gceantair eile Gaeltachta d'fhonn deiseanna comhoibrithe idir scoileanna agus daltaí a fhorbairt.
- Moltar dul i gcomhairle leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí maidir le gréasán gairmiúil a fhorbairt a chuimseodh comhordaitheoirí Idirbhliana na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge d'fhonn deiseanna comhoibrithe a fhiosrú agus a chur sa tsiúl.
- Maidir le comhordú na hIdirbhliana, moltar do scoileanna Gaeltachta foireann idirbhliana a chur le chéile lena chinntiú go bhfuil ról ag múinteoirí ábhair éagsúla i ndearadh agus i bhfeidhmiú an chláir.
- Maidir le scoileanna ina bhfuil líon íseal daltaí agus múinteoirí, moltar foireann chomhordaithe Idirbhliana a chur le chéile a d'éascódh dearadh agus feidhmiú cláir a mbeadh gníomhaíochtaí roinnte mar chuid de.

Ábhar agus Gníomhaíochtaí na hIdirbhliana

Is iomaí gníomhaíocht atá ar bun mar chuid de Chlár na hIdirbhliana in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta agus cur síos tugtha orthu sin sa cheathrú caibidil. Mar aon leis na gníomhaíochtaí a bhíonn á gcur ar fáil ag iar-bhunscoileanna na Gaeltachta mar chuid de Chlár na hIdirbhliana, tá forbairt déanta freisin ag eagrais neamhspleácha ar mhodúil nó pacáistí Idirbhliana. Is modúil iad seo atá ar fáil go forleathan, saor in aisce go minic, agus ar féidir le múinteoirí leas a bhaint astu mar chuid de sheachadadh an Chláir. Is modúil iad seo freisin a d'fhreagródh do roinnt de na téarmaí tagartha atá ag Teachnt in Inmhe cheana féin. Tá sé soiléir ón taighde seo go bhfuil bearnaí cumarsáide idir iar-bhunscoileanna Gaeltachta maidir leis an ábhar atá ar fáil do chlár reatha na hIdirbhliana agus amhras ina measc conas rochtain a fháil ar an ábhar sin. Ní mór a bheith ar an airdeall agus ábhar á dhearadh do Theacht in Inmhe nach saothar in aisce a bheadh i gceist agus go mbeadh sé mar sprioc ag eacht in Inmhe bearna sa soláthar reatha de chlár oideachais agus teanga a líonadh.

- Sa chás go mbeadh múnla líonraithe i bhfeidhm i measc iar-bhunscoileanna na Gaeltachta, moltar leas a bhaint as Clár na hIdirbhliana mar fhóram inár féidir le scoileanna agus múinteoirí na dea-chleachtais a bhíonn in úsáid acu a roinnt
- Moltar d'iar-bhunscoileanna na Gaeltachta bunachar sonraí a chur i dtoll a chéile maidir leis na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun mar chuid den idirbhliain agus freisin na cuairteoirí a chuireann seirbhísí éagsúla ar fáil don scoil mar chuid den Chlár. Ba chabhair phraiticiúil a bheadh sa bhunachar seo mar aon le háis a d'éascódh comhordú comhthionscadail idir scoileanna agus daltaí.

Ábhar agus Gníomhaíochtaí i dTeacht in Inmhe

Ach an oiread le tuairiscí eile taighde ar an ábhar, léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil ard-chumas Gaeilge ag daltaí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta. I bhfianaise an líon íseal daltaí in iar-bhunscoileanna na Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar theanga baile acu⁸, tá an chuma gur toradh an cumas ard teanga seo ar an scolaíocht lán-Ghaeilge den chuid is mó. Ainneoin an leibhéal ard cumais atá ina measc, tugtar ceannasaíocht an Bhéarla faoi deara mar a rianaíodh i dtuarascálacha eile taighde agus an Béarla in uachtar mar theanga chumarsáide ag beagnach 80% de dhaltaí an tionscadail seo eatarthu féin ar láthair na scoile.

Aithnítear go bhfuil sé mar sprioc ag Teach in Inmhe deiseanna a chruthú do dhaoine óga a chuirfidh ar a gcumas léirithuiscint a fháil ar shaol agus ar shochaí chomhaimseartha na hÉireann agus an domhain. Dar le rannpháirtithe an taighde seo go bhfuil an léirithuiscint sin ar lár ina measc agus is cinnte go mbeadh buntáiste sna deiseanna sin luaite. Dar le príomhoide amháin a ghlac páirt sa taighde seo nach bhfuil difríocht ar bith idir daltaí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta agus daltaí scoileanna Béarla ach go bhfuil féiniúlacht Ghaeltachta acu cé nach dtuigeann siad céard a bhaineann leis sin.

- Maidir le hábhar Teach in Inmhe, moltar díriú ar chothú na féiniúlachta pearsanta a chuireadh cúlra Gaeltachta lena chinntiú go ndéantar freastal ar na gnéithe sin uile i saol an dalta a bhfuil tionchar acu air, úsáid agus feidhm fhorleathan an Bhéarla san áireamh.

Maidir leis na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag daltaí Idirbhliana i scoileanna na Gaeltachta a thagann cheana féin leis na téamaí agus cleachtais luaite le Teach in Inmhe, tuigtear go bhfuil nasc leis an bpobal Gaeltachta mar chuid measartha láidir de na cláir Idirbhliana reatha. Ábhar suntais, áfach, a laghad daltaí a bhfuil taithí acu ar a bheith ag foghlaim faoi Ghaeltachtaí eile nó faoi theangacha mionlaigh agus freisin an líon íseal daltaí a thuairiscigh go raibh tionscadail chomhoibritheacha ar bun acu le daltaí Idirbhliana i scoileanna eile Gaeltachta nó le daltaí Idirbhliana eile i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

- Moltar go mbeadh daltaí i mbun foghlama faoi Ghaeltachtaí eile na tíre ar mhaithe leis na tréithe agus cleachtais chomónta eatarthu a chur ar a súile dóibh.
- Moltar go mbeadh modúl mar chuid de Theacht in Inmhe ina ndéanfaí cur síos ar theangacha mionlaigh an domhain agus go gcothófaí feachtas dhaoine óga na Gaeltachta maidir leis na tréithe comónta atá ag an nGaeltacht agus an agus ag an nGaeilge leis na comhthéacsanna sin.
- Moltar mar chuid den mhodúl seo go gcothófaí caidreamh le daltaí ar an aois chéanna sna réigiúin sin agus go rachfaí i mbun comhthionscadail leo d'fhonn gréasánú agus idirbheartaíocht ar cheisteanna féiniúlachta a chothú. D'fhéadfadh go mbeadh turas malartach mar chuid den mhodúl seo agus go mbeadh níos mó ná scoil amháin Ghaeltachta páirteach ann.

⁸ Níor mhiste a luaigh ár ndóigh gur léargas é seo ar chomhthéacs baile na ndaltaí siúd a líon an ceistneoir

Struchtúr seachadta do Theacht in Inmhe

Dar leis na rannpháirtithe uile a ghlac páirt sa chlár go rachadh ábhar Idirbhliana a bheadh dírithe ar an Idirbhliain i scoileanna Gaeltachta chun leasa na ndaltaí agus na scoileanna. É sin ráite, tá amhras ar roinnt páirtithe leasmhara, go háirithe múinteoirí agus príomhoidí, maidir leis an struchtúr a bheadh lena leithéid de rud. Buntáiste shuntasach bainteach leis an gClár reatha Idirbhliana an tsolúbthacht atá leis agus níor mhaith le scoil ar bith a bheith ceangailte go dlúth do chlár nach bhfuil in oiriúint do chomhthéacs riachtanas agus foghlama na scoile. Ar an lámh eile, dar le príomhoidí agus múinteoirí go bhfuil brú ag baint leis an Idirbhliain sa mhéid is gur faoin múinteoir / comhordaitheoir atá sé acmhainní a chruthú chuige. Dar leo gur mór an chabhair é nuair atá pacáiste ullmhaithe mar mhodúl don Idirbhliain agus fáil éasca ag múinteoirí agus ag scoileanna air sin agus ar na háiseanna bainteach leis.

- Maidir le struchtúr Teach in Inmhe, moltar sraith modúl aonarach a chruthú a bheadh ag freagairt do na téamaí sin bainteach le forás iomlánaíoch an duine óig agus moltar go mbeadh gníomhaíochtaí comhpháirteacha idir scoileanna Gaeltachta mar thoradh ar gach nó formhór na modúl sin.
- Moltar sa chás go mbeadh modúl / ábhar a sholáthar mar chuid de Theacht in Inmhe go mbeadh dearadh déanta ar na modúil seo sa tslí is go bhféadfaí gach modúl a sheachadadh uaidh féin nó mar chuid de shraith, amhail agus atá i gcás an *Future Leaders Programme* atá á reáchtáil ag an gCumann Lúthchleas Gael agus go mbeadh cáilíocht le bronnadh agus an modúl críochnaithe.
- Sa chás go mbeadh gníomhaíochtaí / tionscadail idir lámha i dTeacht in Inmhe, moltar go gcuirfí tús leis na cleachtais seo i dtús na scoilbhliana (i) chun an leas is fearr a bhaint as an am atá ar fáil san Idirbhliain d'fhonn ábhar breise a sheachadadh agus (ii) chun a chinntiú go bhfuil teagmháil idir scoileanna / daltaí Gaeltachta mar cuid lárnach agus leanúnach de Chlár na hIdirbhliana.
- Moltar go ndéanfaí formhór an chúrsa a sheachadadh laistigh den scoil cé go n-aithnítear go mbeadh gnéithe eile a bheadh á reáchtáil lasmuigh den chomhthéacs sin mar turais agus taithí oibre
- Moltar nach ndéanfaí idirdhealú idir scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ach go mbeadh modúil áirithe níos oiriúnaí do na scoileanna sin atá lonnaithe i gceantair láidre Ghaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar theanga phobail.
- Moltar go mbeadh forbairt ghairmiúil na soláthróirí mar chuid lárnach den Chlár agus clár oiliúna curtha ar fáil dóibh siúd a mbeadh cúraimí Teach in Inmhe orthu

Leabharliosta

Aldekoa, J., & Gardner, N. (2002). Turning knowledge of Basque into use: Normalisation plans for schools. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 5(6), 339-354.

Baker, C. (2007). *A parents' and teachers' guide to bilingualism*. Clevedon: Multilingual Matters.

Baker, C., & Jones, S. P. (1998). *Encyclopaedia of bilingualism and bilingual education*. Clevedon: Multilingual Matters

Canadian Parents for French. (2004). *The state of French second language education in Canada*. Ar fáil ag: <https://cpf.ca/en/files/FSL-2004-EN.pdf>

Clerkin, A. (2012). Personal development in secondary education: the Irish Transition Year. *Education Policy Analysis Archives*, 20, 38.

Clerkin, A. (2013). Growth of the 'Transition Year' programme nationally and in schools serving disadvantaged students, 1992–2011. *Irish Educational Studies*, 32(2), 197-215.

Clerkin, A. (2016). Homework and study behaviours before the Leaving Certificate among Transition Year participants and non-participants. *The Irish Journal of Education/Iris Éireannach an Oideachais*, 3-20.

Clerkin, A. (2018). Context and implications document for: Filling in the gaps: A theoretical grounding for an education programme for adolescent socioemotional and vocational development in Ireland. *Review of Education*, 6(2), 180-182.

Dołowy-Rybińska, N. (2016). Language attitudes and community engagement: Diwan–The Breton immersion high school through the eyes of its pupils. *Journal of Language, Identity & Education*, 15(5), 280-292.

Doran, M. (2004). Negotiating between Bourge and Racaille: Verlan as youth identity practice in suburban Paris. *Negotiation of identities in multilingual contexts*, 93-124.

Eckert, P. (1988). Adolescent social structure and the spread of linguistic change. *Language in society*, 17(2), 183-207.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga: Plean Teanga 2017 – 2023. Ar fáil ag: <http://www.coisfharraige.ie/wp-content/uploads/2014/07/PleanTeangaCF2016.pdf>

Gardner, N., Comp, & Mercator European Research Centre on Multilingualism and Language Learning. (2005). *Basque: The Basque language in education in Spain*. Second Edition. Regional dossiers series. Mercator European Research Centre on Multilingualism and Language Learning.

Groff, C., Pilote, A., & Vieux-Fort, K. (2016). "I am not a Francophone": Identity choices and discourses of youth associating with a powerful minority. *Journal of Language, Identity & Education*, 15(2), 83-99.

Harris, J. (2008). The declining role of primary schools in the revitalisation of Irish. *Aila Review*, 21(1), 49-68.

Harris, J., Forde, P., Archer, P., Fhearaile, S. N., & O'Gorman, M. (2006). *Irish in primary schools: Long-term national trends in achievement*. Department of Education and Science.

Jeffers, G. (2011). The Transition Year programme in Ireland: Embracing and resisting a curriculum innovation. *The Curriculum Journal*, 22(1), 61-76.

Jeffers, G. (2015). *Transition Year in action*. Dublin: Liffey Press.

Landry, R., Allard, R., & Deveau, K. (2010). Schooling and cultural autonomy: A Canada-wide study in Francophone minority schools. Ottawa: Canadian Heritage.

Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (Eds.), *An chonair chaoch: An Mionteangachas sa dátheangachas*. Conamara: Leabhar Breac

Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & Ní Mhainín, T. (2004). *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta: A study of Gaeltacht schools 2004*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

McPake, J., McLeod, W., O'Hanlon, F., Fassetta, G., & Wilson, M. (2017). Professional development programmes for teachers moving from majority to minoritised language medium education: lessons from a comparative study. *Language Policy*, 16(1), 79-105.

Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt. (2016). *Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ghaoth Dobhair, Anagaire, Rann na Feirste agus Loch an Iúir*. Ar fáil ag: <http://mptiarthuaiscirt.ie/wp-content/uploads/2016/12/Plean-Teanga-do-LPT-Ghaoth-Dobhair-Anagaire-Rann-na-Feirste-agus-Loch-an-I%C3%BAir.pdf>

Milroy, L. (1987). *Language and Social Networks*. Basil Blackwell: Oxford

Muintearas Teoranta, 2017. *Straitéis Óige don Ghaeltacht*. Conamara: Muintearas Teoranta

Ní Shéaghdha, A. (2010). Taighde ar dhea-chleachtais bhunscoile i dtaca le saibhriú/sealbhu agus sóisialú teanga do dhaltáirb í an Ghaeilge a gcéad teanga. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Thuairisg, L. (2018). It was two hours [...] the same old thing and nothing came of it. *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*, 6(2), 295-320.

Ní Thuairisg, L. & Ó Duibhir, P. (2016). *Leanúnachas daltaí ón mbunscoil lán-Ghaeilge go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann*. Gaeloideachas Teoranta. Ar fáil ag: http://www.gael scoileanna.ie/files/An-Lean-nachas-on-mbunscoil-go-dt--an-iar-bhunscoil-l--n-Ghaeilge-_MF-2016.pdf

Ní Thuairisg, L. (2014). *Léargas ar thaithí mhúinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshlán ghairmiúla agus riachtanais oiliúna*. (Tráchtas dochtúireachta)

Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L & Ó Brolcháin, C. (2015). Soláthar oideachais trí mhionteangacha: Athbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta. Baile Átha Cliath. An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Ó Flatharta, P. (2007). *Struchtúr oideachais na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Giollagáin, C., & Charlton, M. (2015). *Nuashonrú ar an staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006–2011*. Gaillimh: Údarás na Gaeltachta.
- Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & O’Brien, M. (2007). *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*: Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
- Ó Riagáin, P., Williams, G., & i Moreno, F. X. V. (2008). *Young people and minority languages: Language use outside the classroom*. Dublin: Centre for Language and Communication Studies, Trinity College, Dublin.
- Pavlenko, A., & Blackledge, A. (2004). *Negotiation of identities in multilingual settings*. Clevedon, UK: Multilingual Matters.
- Péterváry, T., Ó Curnáin, B., & Ó Giollagáin, C. & Sheahan, J. (2014). *Iniúchadh ar an gcumas dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta*. NUI Galway. Ar fáil ag:
- Plean Teanga do Ghaeltacht Chiarraí Theas 2017-2024. (2017). Ar fáil ag: <http://uibhrathach.ie/wp/wp-content/uploads/2012/03/AN-LEAGAN-DEIRIDH-DEN-bPLEAN-CT-don-Roinn.pdf>
- Price, A. R., & Tamburelli, M. (2016). Minority language abandonment in Welsh-medium educated L2 male adolescents: classroom, not chatroom. *Language, Culture and Curriculum*, 29(2), 189-206.
- Redknap, C. (2006). ‘Welsh-medium and bilingual training: steps toward a holistic strategy’. I Lewis W. G., Williams, S. R. & Laugharne, J. (Eag.) (2006). *Welsh-Medium and Bilingual Education*. (1– 19). Bangor: School of Education, University of Wales.
- Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., & Millar, D. (2011). The 2010 national assessments of English reading and mathematics in Irish-medium schools.
- Smyth, E., Byrne, D., & Hannan, C. (2004). *The transition year programme: an assessment*. Dublin: Liffey Press.
- Stern, A. J. (2017). How Facebook can revitalise local languages: Lessons from Bali. *Journal of Multilingual and Multicultural Development*, 38(9), 788-796.
- Sugrue, C. (2002). Irish teachers' experiences of professional learning: Implications for policy and practice. *Journal of in-service education*, 28(2), 311-338.
- Thomas, E. M., & Roberts, D. B. (2011). Exploring bilinguals’ social use of language inside and out of the minority language classroom. *Language and Education*, 25(2), 89-108.
- Tomlins Jahnke, H. (2013). Beyond Legitimation: A Tribal Response to Māori Education, *The Australian Journal of Indigenous Education* 41(2), 146-155.
- Williams, C.H. (2000) (Eag.). *Language revitalization: Policy and planning in Wales*. Cardiff: University of Wales Press.

